Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

*Cúram Níos Sábhailte agus Níos Fearr*

## Ár Misean

**Ag obair chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú do dhaoine in Éirinn.**

# Clár ábhar


**Réamhrá ón gCathaoirleach** 6

**Teachtaireacht ón bPríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta** 8

**Caibidil 1: Maidir le HIQA** 10

1.1 Réamhrá 11

1.2 Sainchúram agus Gníomhaíochtaí 11

**Caibidil 2: Rialachas agus bainistíocht** 13

2.1 An Bord 14

2.2 Cruinnithe Boird 17

2.3 Coistí Boird 17

2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin 18

2.5 Rialachas corparáideach 19

**Caibidil 3: Cuspóirí straitéiseacha** 20

3.1 Ráiteas misin, fís agus luachanna 21

3.2 Cuspóirí straitéiseacha 22

**Caibidil 4: Príomhghníomhaíochtaí/príomhthosaíochtaí** 24

4.1 Seirbhísí Níos Sábháilte 25

*Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach* 26

*Rialáil seirbhísí sóisialta* 27

*Tithe altranais a rialáil* 27

*Lárionaid do dhaoine faoi mhíchumas a rialáil* 31

*Seirbhísí do leanaí a mhonatóiriú agus a rialáil* 38

*Seirbhísí sóisialta do leanaí a mhonatóiriú* 39

*Seirbhísí oibre sóisialtaTuslado leanaí i gcúram cónaithe* 40

*Lárionaid chónaitheacha do leanaí* 41

*Seirbhísí cúram sláinte a mhonatóiriú agus a rialáil* 43

4.2 Cúram Níos Fearr 45

*Treoir maidir le Cur chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta* 46

*Iniúchtaí téamacha* *47*

*An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim* *53*

*An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar* *53*

4.3 Cinntí Níos Fearr 55

*Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte* *56*

*HRB-CICER – Tacaíocht um Threoir Chliniciúil* *59*

*HRB-CICER – Fianaise do Bheartas* *62*

*Faisnéis Sláinte* *63*

*Lámhleabhar na Rialachán* *68*

*Tionscadal LENS* *69*

4.4 Measúnú Neamhspleách 70

*Comhairliúcháin phoiblí* *71*

*Caidreamh le cónaitheoirí i seirbhísí cúraim shóisialta* *71*

*Caidreamh le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta* *73*

*An tOireachtas* *75*

*Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte* *75*

*An Chomhdháil um an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach* *77*

*Comhdhálacha* *77*

**Caibidil 5: Ráitis airgeadais bhliantúla** **80**

**Aguisíní** **122**

Aguisín 1: Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta 123

Aguisín 2: Dearbhú maidir le nuáil sa tseirbhís phoiblí in Éirinn 124

Aguisín 3: Cairt na Seirbhíse 125

Aguisín 4: Tuarascáil ar Shaoráil Faisnéise 126

Aguisín 5: An comhshaol agus ídiú fuinnimh 127

Aguisín 6: Bainistíocht gearán 129

Aguisín 7: An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 130

# Réamhrá

## An tOll. Pat O'Mahony, Cathaoirleach



Tá áthas orm réamheolas a thabhairt maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2019 an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA). Sa doiciméad seo tugtar breac-chuntas maidir le conas a chomhlíon HIQA an chéad bhliain de Phlean Corparáideach 2019-2021 dá chuid.

Leis an bPlean Corparáideach dár gcuid leagtar amach treo soiléir agus uaillmhianach don eagraíocht thar thrí bliana, i gcomhréir lenár sainchúram atá ag dul i méid, agus le beartas an Rialtais, agus tá sé ag teacht leis na cuspóirí atá leagtha amach i ráiteas straitéise na Roinne Sláinte.

In 2019, rinneamar dul chun cinn suntasach i dtreo na haidhmeanna sin a bhaint amach. Mar shampla, trí fheabhsúcháin inbhuanaithe a chur chun cinn trí chaighdeáin agus treoir náisiúnta a fhorbairt. Rinne an tAire Sláinte na *Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach* a fhaomhadh agus a sheoladh anuraidh, agus d'fhoilsíomar *Treoir maidir le Cur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta* freisin i Samhain. Tógtha le chéile, tugtar tacaíocht leis na doiciméid sin do sheirbhísí chun daoine a chosaint agus a gcearta a chur chun cinn.

Leanamar freisin le feabhsú cáilíochta a spreagadh trínár ngníomhaíocht rialála agus iniúchta. Rinneamar níos mó ná 1,600 iniúchadh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta anuraidh; agus monatóireacht agus rialáil á ndéanamh againn ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an chúraim. Chonaiceamar leathnú ár sainchúraim agus freagracht tugtha dúinn as nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Le linn 2019, rinneadh ullmhúchán suntasach lena chur ar ár gcumas an obair sin a chur chun feidhme.

In 2019 chonacthas leathnú an Chláir Náisiúnta um Eispéiris Chúraim ó eispéiris othar cónaitheach in ospidéil ghéarmhíochaine chun suirbhé ar eispéiris ban ar chúram máithreachais a chuimsiú freisin, agus tá pleananna ann chun suirbhé a dhéanamh ar mhná a raibh leanaí acu i nDeireadh Fómhair nó i Samhain 2019 go luath in 2020. Chuireamar pleananna chun cinn freisin chun an clár a leathnú in 2020 d'fhonn suirbhéanna a dhéanamh i réimsí eile den soláthar cúraim.

Is príomhchuspóir é de chuid HIQA cinnteoireacht a chumasú bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde. Le linn na bliana, mhéadaíomar ár bhfócas ar chomhairle, ar fhianaise agus ar fhaisnéis a sholáthar d’fhonn a chinntiú go ndéanfar cinntí eolacha faoin earnáil sláinte agus cúraim shóisialta dar gcuid.

In 2019, tríd an obair dár gcuid ar theicneolaíochtaí sláinte nua a mheasúnú, soláthraíodh comhairle ríthábhachtach maidir le hinfheistíocht i dtástáil ag pointe an chúraim maidir le hantaibheathaigh a oideasú, an idirghabháil coiscthe VEID PrEP, agus TAVI, rogha eile ar an gcomhla aortach a athsholáthar trí mháinliacht. Leanann ár bhfoirne HRB-CICER agus Fianaise do Bheartas le boinn fianaise ardcháilíochta a sholáthar d’fhonn treoirlínte cliniciúla náisiúnta agus príomhchinntí beartais eile a threorú.

D’oibríomarchun feabhas a chur ar cáilíocht na faisnéise agus na sonraí sláinte a bhailíonn agus a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Leanamarle tacaíocht a sholáthar do thabhairt isteach Ríomhsheirbhísí sláinte in Éirinn trí athbhreithnithe idirnáisiúnta a fhorbairt, trí mholtaí don Aire agus trí chaighdeáin náisiúnta maidir leis na riachtanais um fhaisnéis d’fhonn na tionscadail a chur i bhfeidhm go céimneach.

Cé go léirítear ár gcuid oibre in 2019 sa tuarascáil seo, beidh na scileanna eagrúcháin agus an t-eolas ar na réimsí a bhfuilimid ag obair iontu ríthábhachtach chun tabhairt faoi na dúshláin in 2020, trí chaidrimh oibre agus trí thuiscint ar shaincheisteanna araon, agus sa fhreagairt fhoriomlán dár gcuid chomh maith. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann uile as a dtiomantas in 2019, agus as a cuid oibre a chur chun feidhme ar aon dul le misin agus le luachanna HIQA. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Bhoird as ucht na comhairle agus na treorach a chuir siad ar fáil.

**An tOll. Pat O’Mahony**
**Cathaoirleach**

# Tuarascáil
# Príomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta[1]

Bunaíodh HIQA chun cúram sábháilte agus ardchaighdeáin a spreagadh do dhaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Déanaimidan méid sin trí sheirbhísí sóisialta a rialáil agus trí sheirbhísí sláinte poiblí agus seirbhísí sóisialta do leanaí a iniúchadh agus a mhonatóiriú.

Is meicníocht ríthábhachtach í rialáil na lárionad ainmnithe a bhfuil mar aidhm aici dearbhú a sholáthar don phobal maidir le sábháilteacht agus cáilíocht seirbhíse. Déanann an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA lárionaid chónaitheacha do dhaoine scothaosta (ar a dtugtar tithe altranais freisin), do dhaoine faoi mhíchumais agus aonaid sainchúraim speisialta do leanaí a rialáil. Is é atá i gceist le rialáil ná clárú, iniúchadh agus monatóireacht, agus faisnéis a ghlacadh.

Coimeádann an Príomh-Chigire clár de lárionaid ainmnithe ar a ndearnadh iniúchadh agus a measadh go gcomhlíonann siad na ceanglais rialála a theastaíonn maidir le clárú. Cinntítear le clárú go soláthraítear seirbhísí sábháilte i lárionaid ainmnithe trí rialú a dhéanamh maidir le cé atá nó nach bhfuil in ann ionad a oibriú. Is príomh-chomhpháirtí gníomhaíocht iniúchta freisin den chlárú chun a chinntiú go bhfuil na seirbhísí sábháilte. Déanann an Príomh-Chigire measúnú lena fháil amach an mbeidh nó an bhfuil na rialacháin[2] agus caighdeáin á gcomhlíonadh ag soláthraí,[3] agus tosaíocht á tabhairt do chosaint agus do chumhdach na gcónaitheoirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil cúram ardchaighdeán á fháil ag cónaitheoirí.

Is comhpháirt ríthábhachtach maidir le rialáil seirbhísí faisnéis a ghlacadh agus a athbhreithniú. Faighimidfaisnéis ó raon foinsí, agus déantar anailís agus measúnú riosca uirthi.

[1] Is ionann an tuarascáil bhliantúil seo agus tuarascáil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta, de réir mar atá sonraithe san Acht Sláinte, 2007.

[2] An tAcht Sláinte, 2007 (mar a leasaíodh)

[3] Caighdeáin Náisiúnta de réir mar atá le fáil ar www.hiqa.ie.

Baintear úsáid as faisnéis den sórt sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm fógraí reachtúla nó faisnéise gan iarraidh, chun teagmhais a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus a raibh tionchar acu ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar fholláine na ndaoine a úsáideann na seirbhísí.

Le linn 2019, rinne ár gcigirí níos mó ná 1,600 iniúchadh agus labhair siad le líon níos mó arís de dhaoine a úsáideann seirbhísí. Lenár dtorthaí, taispeántar go bhfuil seirbhís de cháilíocht mhaith á fáil ag a lán daoine. Léirítear é sin san aiseolas dearfach a fhaighimid agus iniúchtaí á ndéanamh againn, inár dtuarascálacha ar iniúchtaí agus sa treocht fhoriomlán maidir le comhlíonadh feabhsaithe. Tá líon suntasach de leanaí agus d'aosaigh fós ann, áfach, nach bhfuil seirbhís á fáil acu atá oiriúnach dá riachtanais agus dá roghanna.

Is é ár dtosaíocht leanúint leis na daoine sin a cumhdach agus feabhsúcháin a spreagadh do chách a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus sóisialta in Éirinn.

Foilseofar tuarascálacha achoimre in 2020 ar ár gcuid oibre le linn 2019 maidir le seirbhísí do leanaí, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumais, agus maidir le seirbhísí cúraim sláinte.

# Caibidil 1

## Maidir le HIQA

## Caibidil 1
# Maidir le HIQA

## 1.1 Réamhrá

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ina údarás neamhspleách a bunaíodh in 2007 chun cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun tosaigh do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é an ról atá ag HIQA caighdeáin a fhorbairt, iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacú le cinntí eolacha maidir leis an gcaoi a ndéantar seirbhísí a sheachadadh.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019, i gcomhréir le ceanglais reachtúla an Achta Sláinte 2007, agus áirítear léi socruithe HIQA maidir le cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Cuimisítear inti Tuarascáil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta agus an Tuarascáil Rialachais agus Comhlíontachta Bhliantúil, mar a éilítear leis an Acht Sláinte 2007, mar aon lenár ráitis airgeadais bhliantúla.

## 1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Tá ár sainordú sínte thar raon sonraithe seirbhísí sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha. Ag tuairisciú don Aire Sláinte agus ag déileáil leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagracht ag HIQA as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeáin a leagan síos le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta –** Caighdeáin agus treoir dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil –** Tá an Príomh-Chigire laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaitheacha do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumais, agus aonaid sainchúraim speisialta do leanaí a chlárú agus a iniúchadh.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil** – Nochtadh míochaine ar radaíocht ianúcháin a rialáil.

- **Monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí** – Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta do leanaí, agus imscrúdú a dhéanamh mar is gá ar bhuarthaí tromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí sin.
- Measúnú ar theicneolaíocht sláinte – Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chost-éifeachtúlacht clár sláinte, beartas, cógas, trealaimh mhíochaine, teicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid is fearr as acmhainní a éascú mar aon leis na torthaí is fearr do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte.
- **Faisnéis Sláinte** – Comhairle a thabhairt ar bhailiú agus ar chomhroinnt éifeachtach agus slán faisnéise sláinte, caighdeáin a shocrú, acmhainní faisnéise a mheasúnú agus faisnéis a fhoilsiú faoi sheachadadh agus faoi fheidhmíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **An Clár Náisiúnta um Eispéiris Othar** – Suirbhéanna náisiúnta a chur chun feidhme ar eispéiris úsáideoirí seirbhísí thar raon de sheirbhísí sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Tá na feidhmeanna reachtúla lena gcuirtear bonn faoi obair HIQA leagtha amach san Acht Sláinte 2007, sna hAchtanna um Chúram Leanaí 1991 agus 2001 (arna leasú), in Acht na Leanaí 2001, san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004, agus san Acht um Míchumas 2005.

# Caibidil 2

## Rialachas agus bainistíocht

# Caibidil 2
# Rialachas agus bainistíocht

## 2.1 Ár mBord

Is comhlacht rialaithe HIQA é an Bord agus bunaíodh é ar dtús an 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialú cuí na heagraíochta, as córais éifeachtúla inmheánacha rialaithe a chinntiú, as comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus as bainistíocht riosca. Is iad seo gnéithe bunúsacha an rialachais agus an chomhlíonta éifeachtúil chorparáidigh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Tá taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó réimse gairmeacha agus tionscal sláinte agus cúraim shóisialta.

Áiríodh le comhaltaí an Bhoird le linn 2019:



**An tOll. Pat O'Mahony**
**Cathaoirleach**
Príomhfheidhmeannach ar Clinical Research Development Ireland. Iar-Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Leas-Ard-Rúnaí agus Ceann Rialachais agus Feidhmíochta roimhe seo ag an Roinn Sláinte. Iar-Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Rialála Táirgí Sláinte.



**Caroline Spillane**
Ard-Stiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Éire. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta le FSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúchán na Gníomhaireachta um Thoirchis Ghéarchéime.



**Lynsey Perdisatt**
Gairmí sinsearach Acmhainní Daonna a bhfuil obair déanta aici san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, agus ag a bhfuil taithí shuntasach ar chaidreamh fostaithe, ar chaidreamh tionsclaíoch agus ar athruithe a bhainistiú.



**Enda Connolly**

Cathaoirleach (Ainmnithe ) ar Ospidéal Beaumont. Iar-Phríomhfheidhmeannach leis an mBord Taighde Sláinte agus iarchomhalta le Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin Údarás Forbartha Tionscail Éireann (ÚFT).



**An Dr Jim Kiely**

Leas-Chathaoirleach ar Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus ball de Choiste Tosaithe, Aistrithe agus Comhtháthaithe Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Iar-Phríomhoifigeach Leighis sa Roinn Sláinte.



**Tony McNamara**

Insight Management Consultancy. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le hOspidéal Ollscoile Chorcaigh. Bhí sé ar chomhlachtaí comhairleacha agus comhairleachta náisiúnta éagsúla don Roinn Sláinte. Iar-chomhalta boird de Bhord Fuilaistriúcháin na hÉireann, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus den Údarás Árachais Sláinte.



**An tOll.Michael Rigby**

Tá taithí fhairsing aige ar fhorbairt agus ar sheachadadh seirbhísí sláinte, agus ar thaighde ar bheartas sláinte agus ar bhainistíocht sláinte sa RA agus in Éirinn. Ball d'Uainchlár na Saineolaithe arna cheapadh chun tacú le Grúpa Comhairleach Teicniúil um Shláinte Dhigiteach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).



**Paula Kilbane**

Iar-Phríomhfheidh-meannach ar Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí de Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Ina stiúrthóir faoi láthair ar roinnt bord sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanachta.



**Molly Buckley**

Altra sláinte poiblí. Gníomhaí ar son an chomhionannais agus cearta míchumais Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann. Cathaoirleach ar Sheirbhís Tacaíochta um Fhoréigean Baile Uíbh Fhailí. Cathaoirleach ar Chumann Tithíochta Deonach Teo., Cearta do Dhaoine Aosta. Cathaoirleach le Power 4Good Ireland Ltd, a oibríonn le daoine faoi mhíchumas sa tSaimbia.



### Martin Sisk

Dlíodóir. Stiúrthóir Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa. Cathaoirleach Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Coimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stát.



### Stephen O'Flaherty

Cuntasóir cáilithe le Comhlachas Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus d'oibrigh sé le Baincéireacht Ghnó AIB agus is stiúrthóir anois é le BDO.

D'éirigh na comhaltaí seo a leanas as an mBord in 2019:



### Judith Foley

Príomhoifigeach Oideachais Gníomhach, Rannóg Oideachais Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### Mary Fennessy

Oibrí sóisialta, a bhí ag obair roimhe seo i seirbhísí sláinte leanaí agus sóisialta sa RA agus in Éirinn. Comhalta boird agus Coimisinéir leis an gCoimisiún um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí. Cathaoirleach ar Choiste Cuairte Phríosún Mhuinseo. Comhalta coiste Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus chomhlacht rialála na nGairmeoirí Cúraim Sláinte agus Shóisialta, CORU.



### An Dr Deirdre Madden

Ollamh sa Dlí ag Coláiste Ollscoile Chorcaí. Comhalta Chomhairle Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, CORU agus iarchomhalta Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Éire. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhú Cáilíochta.

## 2.2 Cruinnithe boird

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ceanglas ar an mBord cruinnithe a reáchtáil sé huaire in aghaidh na bliana. San iomlán, tháinig Bord HIQA le chéile 10 n-uaire le linn 2019 chun cúrsaí suntasacha éagsúla a chur chun cinn (féach Caibidil 5 le haghaidh sonraí breise a fháil maidir le gníomhaíochtaí ár mBoird in 2019).

## 2.3 Coistí boird

Tá ceithre choiste Boird ann a thacaíonn le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- Déanann an **Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtúlacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le seachadadh fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn an **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena dhualgais i leith saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an coiste chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.
- Déanann an **Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta maoirseacht** ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir leis na feidhmeanna a bhaineann le caighdeáin a fhorbairt, faisnéis sláinte agus na feidhmeanna a bhaineann le measúnú ar theicneolaíocht sláinte.
- Déanann an **Coiste Maoirseachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

## 2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léirítear le struchtúr eagraíochtúil HIQA ár bhfeidhmeanna agus gníomhaíochtaí lárnacha: Rialáil, Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte in éineacht leis na seirbhísí tacaíochta lena gcuirtear ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach: Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, Oibríochtaí, Faisnéise, agus Cumarsáid agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara. Tá an eagraíocht faoi stiúir na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin le tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as ár bhfeidhmeanna gnó.

Lé linn 2019 bhí na baill a leanas ar Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:



**Phelim Quinn**
Príomhfheidhmeannach



**An Dr Máirín Ryan**
Stiúrthóir um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Leas-Phríomhfheidhmeannach



**Mary Dunnion**
Stiúrthóir Rialála agus Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta



**Rachel Flynn**
Stiúrthóir Faisnéise agus Caighdeán Sláinte



**Sean Angland**
Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach

## 2.5 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as córas rialuithe inmheánacha HIQA agus as éifeachtacht na rialuithe sin a athbhreithniú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta, agus as bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, glacann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach i gcomhordú na ndearbhuithe a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, amhail:

- obair iniúchta inmheánaigh
- iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- bainistíocht riosca
- athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Sa bhreis air sin:

- Soláthraíonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord, ina leagtar amach na rialuithe lena gcumhdaítear feidhmeanna HIQA ina n-iomláine.
- Cuirtear tuarascálacha rialta feidhmíochta corparáidí ar fáil don Bhord, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le rioscaí corparáideacha.
- Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ag gach cruinniú Boird.
- Tugann na ceithre fhochoiste Boird tuairisc don Bhord.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá Cód Rialachais, Cód Iompair Ghnó agus beartais ghaolmhara rialachais agus nósanna imeachta gaolmhara rialachais ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Caighdeán Rialachais SWiFT 3000 ag HIQA ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Tá tuarascáil mhionsonraithe um Rialachas agus Comhlíontacht san áireamh leis na ráitis airgeadais bhliantúla don bhliain 2019.

# Caibidil 3

## Cuspóirí straitéiseacha

# Caibidil 3
# Cuspóirí straitéiseacha

## 3.1 Ráiteas misin, fís agus luachanna

### Ráiteas misin

Ag obair chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú do dhaoine in Éirinn.

### Ár bhfís


| | |
|---|---|
| Seirbhísí Níos Sábháilte | Oibrímid chun úsáideoirí seirbhísí a chosaint agus a chumhdach |
| Cúram Níos Fearr | Oibrímid chun cáilíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú |
| Cinntí Níos Fearr | Soláthraímid comhairle, fianaise agus faisnéis chun cinntí áitiúla agus náisiúnta maidir le seirbhísí a threorú |
| Measúnú Neamhspleách | Soláthraímid foinse iontaofa faisnéise don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara |

### Ár luachanna


| Luachanna HIQA: | I ngníomh, ciallaíonn sé sin go ndéanfaimid na |
|---|---|
| Daoine a chur chun tosaigh | riachtanais, guthanna, cearta agus cosaint na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur ag croílár ár gcuid oibre. |
| Bheith cothrom agus oibiachtúil | bheith cothrom agus oibiachtúil agus muid ag déileáil le daoine agus le heagraíochtaí. |
| Bheith follasach agus cuntasach | nádúr agus torthaí ár gcuid oibre a chur in iúl agus freagracht iomlán a ghlacadh as ár ngníomhaíochtaí. |
| Ár ndícheall a dhéanamh ar son barr feabhais | cáilíocht ár gcuid oibre a fheabhsú go leanúnach agus an fhianaise is fearr atá ar fáil a úsáid. |
| Ag obair le chéile | éisteacht leo siúd a mhaoiníonn, a phleanálann, a sholáthraíonn agus a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus obair a dhéanamh leo. |

## 3.2 Cuspóirí straitéiseacha

Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2019-2021 an creat agus na cuspóirí straitéiseacha lena gcuirtear ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Leis an bplean tugtar achoimre ar threo agus ar fhócas na heagraíochta don tréimhse, agus leagtar amach ár gcuspóirí straitéiseacha leis, mar a leanas:




D'fhonn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, teastaíonn na nithe seo a leanas uainn:




Déantar na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na tiomantais sin, a chuirtear in iúl sa Phlean Corparáideach, a chomhlíonadh trí na cuspóirí atá leagtha amach inár bplean bliantúil gnó. Tá achoimre den dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach ar fáil sa chéad chaibidil eile.

# 2019 IN UIMHREACHA

**202**
FREAGRA AR 4 CHOMHAIRLIÚCHÁN PHOIBLÍ

**445,000**
DOICIMÉAD ÍOSLÓDÁILTE Ó WWW.HIQA.IE

**1,676**
INIÚCHADH CURTHA I gCRÍCH

**24**
CRUINNIÚ LE GRÚPAÍ CÓNAITHEOIRÍ LASMUIGH DE NA hINIÚCHTAÍ PROCESS

National Inpatient Experience Survey

**12,343**
FREAGRA AR AN SUIRBHÉ NÁISIÚNTA AR EISPÉIRIS OTHAR CÓNAITHEACH

**53**
CUAIRT AR OSPIDÉIL MAR CHUID DEN CHLÁR NÁISIUNTA UM EISPÉIRIS AR CHÚRAM

**1,931**
BALL FOIRNE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALTA I LÁTHAIR AG 21 IMEACHT

**35**
LEANBH A THUG AISEOLAS AG #CHILDTALKS 2019

**13,034**
LEANTÓIR AR (IN)

**11,657**
LEANTÓIR AR TWITTER

# Caibidil 4

## Príomhghníomhaíochtaí

**I bPlean Gnó 2019 dar gcuid leagtar amach clár oibre uaillmhianach chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach sa chéad bhliain de Phlean Corparáideach 2019-2021 dár gcuid. Sa chaibidil seo, leagtar amach conas a rinne HIQA na cuspóirí sin a chomhlíonadh, agus ár bhfís á baint amach ag an am céanna.**

# 4.1 Seirbhísí Níos Sábháilte



# *4.1 Seirbhísí Níos Sábháilte*
# *Sábháilteacht agus cumhdach othar*

Is tosaíocht í do HIQA daoine a d'fhéadfadh a bheith leochaileach a chumhdach. Déanaimid sin trí chaighdeáin náisiúnta a leagan síos d'fhonn a chinntiú go mbeidh gach duine a úsáideann seirbhísí sábhailte agus faoi chosaint, agus chun a chinntiú gur féidir leis na seirbhísí agus daoine a oibríonn iontu feabhsúcháin a spreagadh. Déanaimid daoine a chumhdach freisin trí thithe altranais, seirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumais, aonaid sainchúraim speisialta agus nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil. Déanaimid monatóireacht agus cigireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte poiblí agus ar sheirbhísí do leanaí freisin chun a chinntiú go bhfuil seirbhís shábháilte, ardcháilíochta á fail ag daoine. Sa chuid seo seo tugtar breac-chuntas maidir le conas a d'oibríomar chun seirbhísí a dhéanamh níos sábhailte in 2019.

## Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach

I Meán Fómhair 2019, d'fhaomh an tAire Sláinte na *Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach*, arna bhforbairt ag HIQA i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Leis na caighdeáin aithnítear an ceart atá ag gach aosach chun bheith sábhailte agus chun saol a chaitheamh saor ó dhíobháil. D'fhéadfadh aosach ar bith dul trí thréimhse riosca agus cúram agus tacaíocht de dhíth air/uirthi. Ba cheart go mbeadh an cúram agus tacaíocht sin cothromaithe agus comhréireach d'fhonn an riosca sin a bhainistiú nó a mhaolú, ionas go mbeidh an duine in ann saol sábhailte agus sásúil a chaitheamh. Leis *na Caighdeáin Náisiúnta maidir le Cumhdach Aosach* dírítear aird ar réimse an chumhdaigh agus soláthraítear creat mionsonraithe leo chun feabhas ar dhea-chleachtas sa réimse a spreagadh.

Toisc go bhfuil na caighdeáin náisiúnta sin i bhfeidhm éascaítear cur chuige comhsheasmhach maidir le díobháil a chosc agus maidir leis an bhfreagairt ina leith má tharlaíonn sí. Sna caighdeáin sonraítear modh oibre do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tugtar tacaíocht d'fhorbairt cultúir ina bhfuil cumhdach leabaithe sa chleachtas seachas é a bheith measta mar ghníomhaíocht ar leith. Trí chur síos a dhéanamh ar an méid a bhaineann le cumhdach aosach agus tríd an dóigh ar féidir le foireann díobháil a chosc agus freagairt a thabhairt ina leith a leagan amach go soiléir, is é is aidhm leis na caighdeáin cuidiú le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta an riosca díobhála a laghdú; cearta, sláinte agus folláine daoine a chur chun cinn, agus daoine a chumasú iad féin a chosaint.

Tugtar tacaíocht leis na caighdeáin freisin d'fhorbairt oibre comhtháite sa raon de sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, agus eatarthu, lena n-idirghníomhaíonn daoine, ag aithint go bhféadfadh daoine a bhith i mbaol méadaithe díobhála nuair a bhíonn siad ag úsáid seirbhísí iolracha nó nuair a bhogann siad ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

Is é is aidhm leis na caighdeáin tacú le daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun an méid atá i gceist le cumhdach a thuiscint agus feasacht a chur chun cinn ar a gceart chun bheith sábhailte nuair a úsáideann siad seirbhísí. Creideann HIQA, áfach, go bhfuil sé riachtanach go bhfuil beartas agus reachtaíocht i bhfeidhm maidir le cur chuige ar fud an chórais chun tabhairt faoi chumhdach. Táimid ag tnúth le forbairt beartais náisiúnta uileghabhálaigh um chumhdach aosach ag an Roinn Sláinte agus le reachtaíocht lena gcuirfear taca faoin earnáil sláinte, agus le hathbhreithniú ar bheartas oibriúcháin náisiúnta FSS maidir le cumhdach aosach.

## Rialáil seirbhísí sóisialta

Cuimsítear le rialáil lárionad ainmnithe clárú, iniúchadh agus glacadh faisnéise. Nuair a chláraítear lárionad ainmnithe ciallaíonn sé sin gur mheasúnaigh an Príomh-Chigire go gcomhlíonann an lárionad na rialacháin ag am an chlárúcháin, agus dá bhrí sin meastar go bhfuil an soláthraí in ann na seirbhísí a sholáthar.

Coimeádann an Príomh-Chigire clár de lárionaid ainmnithe ar a ndearnadh iniúchadh agus a measadh gur chomhlíon siad na ceanglais rialála a theastaíonn maidir le clárú. Cinntítear le clárú go soláthraíonn lárionaid ainmnithe seirbhísí sábháilte trí rialú a dhéanamh maidir le cé atá in ann nó nach bhfuil in ann lárionad a oibriú, agus is príomhchomhpháirt den chlárú é gníomhaíocht cigireachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí sábhailte freisin. Déanann an Príomh-Chigire measúnú lena fháil amach an mbeidh nó an bhfuil na rialacháin agus caighdeáin á gcomhlíonadh ag soláthraí, agus tosaíocht á tabhairt do chosaint agus do chumhdach na gcónaitheoirí d'fhonn a chinntiú go mbeidh cúram ardchaighdeán á fháil acu.

Is comhpháirt ríthábhachtach maidir le rialáil seirbhísí faisnéis a ghlacadh agus a athbhreithniú. Faigheann HIQA faisnéis ó réimse foinsí, agus déantar anailís agus measúnú riosca uirthi. Baintear úsáid as faisnéis den sórt sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm fógraí reachtúla nó faisnéise gan iarraidh, chun teagmhais a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus a raibh tionchar acu ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar fholláine na ndaoine a úsáideann na seirbhísí. In 2019 dhámh an Bord Taighde Sláinte deontas dúinn chun an fhaisnéis sin a mheasúnú. Féach Cuid 4.3

## Tithe altranais a rialáil

### *Clárú*

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 585 teach altranais ann in Éirinn, inar raibh 31,969 leaba. Is ionann sin agus glanmhéadú de cheithre theach altranais agus de 718 leaba ón 31 Nollaig 2018.


Léirítear an fás leanúnach sin in earnáil na dtithe altranais sa difríocht idir líon na dtithe altranais atá ag dúnadh agus líon na dtithe altranais nua nó méadaithe. In 2019, dúnadh sé theach altranais (agus 146 leaba á soláthar acu) agus baineadh iad ón gclár. Scoir cúig theach altranais den oibriú go deonach, agus diúltaíodh iarratas ar athnuachan clárúcháin do séú ceann. Os a choinne sin, cuiread leapacha breise ar fáil nuair a mhéadaigh 14 lárionad líon na leapacha sna lárionaid reatha dá gcuid agus cláraíodh 10[4] teach altranais nua. Leis na hathruithe sin soláthraíodh 870 leaba breise i dtithe altranais.

Sa bhreis ar na clárúcháin, síntí agus dúnadh tithe altranais thuas, athraíodh úinéireacht maidir le 22 lárionad nuair a rinne eintiteas dlíthiúil nua iarratas bheith ina sholáthraí cláraithe lárionaid reatha. Léirítear le cuid mhór de na forbairtí sin athruithe ar phróifíl úinéireacht na dtithe altranais agus soláthraithe cláraithe náisiúnta a bhí ann ag fágáil an mhargaidh agus soláthraithe idirnáisiúnta nua ag teacht isteach.

Tá próifíl úinéireacht na dtithe altranais fós gan athrú le 12 mhí anuas den chuid is mó agus tromlach mór de na tithe altranais faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag soláthraithe príobháideacha:

- Bhí soláthraithe príobháideacha ina n-úinéirí de 76% (443) de thithe altranais.
- Ba í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) soláthraí cláraithe 21% (122) de na tithe altranais.
- Bhí comhlachtaí arna maoiniú ag FSS[5] ina n-úinéirí de 3% (20) de thithe altranais.

**Fíor 1: Próifíl úinéireachta tithe altranais ag deireadh 2019**




[4] Tá ceann amháin de na 10 dteach altranais a cláraíodh le déanaí faoi úinéireacht FSS agus á oibriú ag FSS (23 leaba) agus tá na naoi gcinn eile (847 leaba) faoi úinéireacht phríobháideach agus á n-oibriú go príobháideach.


[5] Dearbhaítear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine chun seirbhís sláinte nó cúraim shóisialta a sholáthar thar ceann FSS. Dearbhaítear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d´aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.

Ag deireadh 2019, bhí 115 teach altranais ann agus coinníoll sriantach amháin nó níos mó[6] ag baint lena gclárúchán.

### *Iniúchtaí*

In 2019, rinneamar 547[7] iniúchadh ar thithe altranais; bhí 67% de na hiniúchtaí sin gan fógra.

**Fíor 2: Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus gan fógra ar thithe altranais a rinneadh in 2019**




Rinne cigirí seirbhísí sóisialta 402 iniúchadh ar 344 teach altranais chun a mheasúnú cé acu an raibh nó nach raibh soláthraithe cláraithe ag comhlíonadh na rialachán agus sábháilteacht agus cúram agus leas na gcónaitheoirí á gcinntiú acu.

Déanfar iniúchadh ar an gcuid is mó de thithe altranais uair amháin ar a laghad le linn na bliana; ach mar gheall ar imní maidir le cúram agus leas cónaitheoirí, áfach, d'fhéadfadh méadú ar ghníomhaíocht iniúchta a bheith riachtanach i líon beag de thithe altranais. In 2019, rinneadh iniúchadh ar naoi dteach altranais trí huaire nó níos mó.

Tá leibhéal ard comhlíontachta 8 rialála ann i measc soláthraithe tithe altranais agus tá mórchuid na soláthraithe dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go soláthraíonn siad seirbhís ardchaighdeáin, shábháilte lena dtacaítear le cónaitheoirí chun sult a bhaint as a saolta.


Le torthaí ár n-iniúchtaí ar thithe altranais in 2019 taispeántar go gcoimeádann tromlach na soláthraithe tithe altranais ardleibhéal de chomhlíontacht rialála.

[6] Le coinníoll an chlárúcháin leagtar síos na paraiméadair nach mór do sholáthraí oibriú ina leith, nó cuirtear srianadh ar na seirbhísí is féidir le soláthraí a sholáthar i lárionad ainmnithe.

[7] Áirítear le líon iomlán na n-iniúchtaí iniúchtaí ar chomhlíontacht rialála agus iniúchtaí téamacha.

[8] An tAcht Sláinte 2007 (Cúram agusLeas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) Rialacháin 2013 an tAcht Sláinte 2007 (Clárú Ionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) Rialacháin 2015.

## Fíor 3: Comhlíontacht maidir le rialacháin cúraim agus leasa i dtithe altranais in 2019




Ach tá imní orainn, áfach, maidir le bearta atá i bhfeidhm ag soláthraithe áirithe chun a chinntiú go gcosnaítear cónaitheoirí ar riosca dóiteáin. Ní raibh teach altranais amháin as trí cinn (33%) comhlíontach maidir leis an rialachán lena gcuirtear taca faoi nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin agus aslonnaithe dóiteáin. Níl sé sin inghlactha.

Ina theannta sin, bhí fadhbanna fós ag soláthraithe nár thug faoi shrianta fisiceacha a n-áitreabh maidir le comhlíontacht a bhaint amach i dtaca le rialacháin eile amhail iad siúd a bhain le cearta cónaitheoirí, rochtain ar a gcuid sealúchas, bainistíocht riosca agus rialú ionfhabhtuithe. Fuaireamar amach go raibh 34% de thithe altranais neamhchomhlíontach maidir le rialachán 17 (áitreabh), rud lena léirítear nach mór do roinnt soláthraithe beart a dhéanamh fós chun áitribh a chur ar fáil lena gcomhlíontar na rialacháin faoin 31 Nollaig 2021.[9]

### *Faisnéis a ghlacadh*

Éilítear ar sholáthraithe nó ar dhaoine atá i gceannas fógraí a chur isteach maidir le teagmhais shuntasacha a tharlaíonn i lárionad laistigh de thrí lá, agus chun an Príomh-Chigire a chur ar an eolas maidir le cúrsaí sonracha eile sa lárionad ar bhonn ráithiúil. Déantar measúnú riosca ar na fógraí sin agus déantar ár ngníomhaíochtaí rialála a threorú leo.

Le linn 2019, fuaireamar 14,792 fógra ó thithe altranais, lenar áiríodh:

- 5,633 fógra monatóireachta[10]
- 2,237 fógra clárúcháin[11]
- 6,737 fógra ráithiúil[12]
- 185 ceann eile

[9] In 2016, leasaíodh an tAcht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) Rialachán 2013 le hIonstraim Reachtúil (IR) 293, agus ar an mbealach sin tugadh suas go dtí deireadh 2021 do sholáthraithe cláraithe chun a thaispeáint go gcomhlíonann siad Rialachán 17 agus Sceideal 6 de rialacháin cúraim agus leasa 2013.

[10] Fógraí ar aon dul le rialacháin cúraim agus leasa.

[11] Fógraí maidir le hathruithe ar shonraí a bhaineann le faisnéis arna foilsiú ar chlár HIQA.

[12] Fógra maidir le himeacht ar bith i gcás gur úsáideadh srian, go ndearnadh aláram dóiteáin a ghníomhachtú, aon phatrún athfhillteach de ghoid nó de bhuirgléireacht, aon ghortú do chónaitheoir nach raibh fógra de dhíth ina leith laistigh de thrí lá nó aon bhás(anna) seachas na cinn a chuirtear in iúl faoi rialacháin cúraim agus leasa.

Is ionann é sin agus méadú foriomlán 2,736 fógra ó 2018, agus chonacthas an méadú is suntasaí ar fhógraí maidir le clárú.

Le linn 2019, fuaireamar faisnéis nár iarradh ó dhaoine den phobal a raibh imní orthu nó saincheist acu faoi chúram arna sholáthar do chónaitheoirí a bhí ina gcónaí i dteach altranais. Bhaineamar úsáid as an bhfaisnéis sin chun cúram níos fearr a spreagadh sna lárionaid sin. Le linn 2019, fuaireamar 711 píosa faisnéise gan iarraidh a bhain le tithe altranais, laghdú 8% ar an líon a fuarthas in 2018.


## Lárionaid do dhaoine faoi mhíchumas a rialáil

### *Clárú*

Leanadh le méadú ar líon na lárionad do dhaoine faoi mhíchumais in 2019. Faoin 31 Nollaig 2019, bhí 1,268 lárionad den sórt sin ann, arb é sin glanmhéadú de 85 lárionad le linn na bliana. Leis na lárionaid sin, soláthraíodh 9,064 áit chónaitheach do dhaoine faoi mhíchumais, méadú de 170 ar líon na n-áiteanna ag deireadh 2018.

Tá lárionaid ainmnithe do dhaoine le míchumais á soláthar ag comhlachtaí éagsúla. Níor athraíodh mórán maidir le socruithe maoinithe na lárionad sin in 2019, agus an chuid is mó de na lárionaid sin á soláthar ag an Stát trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó ag eagraíochtaí arna maoiniú ag an Stát.


**Fíor 4: Líon na lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine faoi mhíchumais de réir chineál an tsoláthraí amhail an 31 Nollaig 2019[13]**




[13] Dearbhaítear le hAlt 38 den Acht Sláinte 2004 gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) socrú a dhéanamh le duine chun seirbhís sláinte nó cúraim shóisialta phearsanta a sholáthar thar ceann an FSS. Dearbhaítear le hAlt 39 den Acht Sláinte 2004 gur féidir leis an FSS cúnamh a sholáthar d´aon duine nó d'aon chomhlacht a sholáthraíonn a leithéid de sheirbhís don FSS.

Sholáthair FSS 1,116 áit chónaitheach (12.3) do díreach, ina raibh 5,109 (56.4%) arna soláthar ag eagraíochtaí arna maoiniú trí Alt 38, agus soláthraíodh 2,839 áit chónaitheach (31.3%) trí chúnamh Alt 39. Soláthraíodh mórchuid na n-áiteanna cónaitheacha (8,457) do dhaoine aosta faoi mhíchumais, agus soláthraíodh 347 áit go sainiúil do leanaí, agus soláthraíodh 260 áit do leanaí nó d'aosaigh. Ba sheirbhísí faoisimh an chuid is mó de na lárionaid mheasctha sin lena soláthraítear sosanna d'aosaigh agus do leanaí ina n-aonar.

**Fíor 5: Líon na lárionad ainmnithe cláraithe do dhaoine faoi mhíchumais de réir chineál an ionaid amhail an 31 Nollaig 2019**




Le linn 2019, bhí méadú foriomlán ar líon na lárionad, agus go leor acu ina lárionaid nua do chónaitheoirí a raibh cóiríocht acu roimhe sin i suíomhanna cruinnithe níos mó nó do dhaoine sa phobal a raibh riachtanas éigeandála i gceist leo maidir le seirbhísí cónaitheacha.

Is é an sainmhíniú ar láthair chomhchónaithe seirbhís chónaitheach ina bhfuil deichniúr nó níos mó ina gcónaí le chéile.[14] Tá líon suntasach de dhaoine faoi mhíchumais fós ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe.

As an 9,064 áit chónaitheach chláraithe ag deireadh 2019, bhí 2,914 acu suite i láithreacha comhchónaithe, i láithreacha de chineál campais nó i dtithe neamhspleácha ina raibh 10 nó níos mó.


Déantar an figiúr sin de 2,914 a mhiondealú a thuilleadh mar a leanas:

- 2,368 áit chláraithe i láithreacha de chineál campais
- 546 áit chláraithe i dtithe móra cónaitheacha neamhspleácha.

[14] Tá sé in am bogadh ar aghaidh ó láithreacha comhchónaithe - Straitéis chun an pobal a chuimsiú. Baile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; 2011.

Saincheist eile le cur san áireamh ná líon na lárionad lena mbaineann coinníollacha clárúcháin sriantacha breise. Bhí roinnt lárionad ann nach raibh comhlíontach maidir le riachtanais an Achta Sláinte, 2007 agus iad á gclárú. Nuair a thaispeáin an soláthraí go bhfuil bearta á nglacadh chun tabhairt faoi na saincheisteanna atá fós gan réiteach, d'fhéadfadh an Príomh-Chire cinneadh a dhéanamh an lárionad a chlárú gan aon choinníollacha sriantacha. Ciallaíonn sé sin go mbeidh comhlíonadh an choinníll áirithe ina cheanglas faoin dlí faoi théarmaí chlárú an lárionaid. Ag deireadh 2019, bhí 136 lárionad ann agus coinníoll sriantach amháin nó níos mó ag baint lena gclárúchán.

**Fíor 6: Lárionaid ainmnithe chláraithe do dhaoine faoi mhíchumais a mbaineann coinníollacha sriantacha leo nó nach mbaineann coinníollacha sriantacha leo**




*Lárionaid nach mbaineann aon choinníollacha sriantacha lena gclárú*

*Lárionaid a mbaineann coinníollacha sriantacha lena gclárú*


### *Iniúchtaí*

In 2019, rinneamar 1,016 iniúchadh in 895 lárionad do dhaoine faoi mhíchumais d'fhonn a chinntiú go raibh an tseirbhís a bhí á soláthar sábháilte agus ar ardchaighdeán. San iomlán, thug cigirí cuairt ar 88% de na lárionaid ainmnithe uile do dhaoine faoi mhíchumais.

In 2019, rinneadh iniúchtaí ar 240 lárionad chun críocha cinnidh maidir le hathnuachan clárúcháin a threorú. Rinneamar 715 iniúchadh chun a mheasúnú cé acu an raibh nó nach raibh soláthraithe cláraithe ag comhlíonadh na rialachán, agus ar an mbealach sin sábháilteacht, cúram agus leas na gcónaitheoirí á gcinntiú acu. Sa bhreis air sin, rinneadh 54 iniúchadh téamach chun feabhsú a spreagadh sa réimse a bhaineann le cleachtas srianta tar éis clár teagmhála le soláthraithe maidir leis an ábhar. Féach cuid 4.2 le haghaidh faisnéis bhreise a fháil maidir leis sin.

Is féidir iniúchtaí a dhéanamh le fógra nó gan fhógra agus is féidir leo tarlú ag aon am den lá nó den oíche. As an 1,016 iniúchadh a cuireadh i gcrích, bhí 70% gan fógra agus bhí an 30% eile acu fógartha. Do chónaitheoirí áirithe, is eispéireas deacair é dóibh uaireanta nuair a thagann cuairteoirí chun a dteach altranais. Sna cúinsí sin, d'fhéadfadh cigirí fógra roimh ré a thabhairt maidir leis an iniúchadh nó uainiú na n-iniúchtaí a mhionathrú ar aon dul leis an aiseolas ó chónaitheoirí nó ó na soláthraithe.

**Fíor 7: Céatadán na n-iniúchtaí fógartha agus gan fógra ar lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais a cuireadh i gcrích in 2019**





As an 895 lárionad ar a dtugadh cuairt in 2019, rinneadh iniúchadh amháin ar 777 acu. Léirítear leis sin go raibh leibhéal maith comhlíontachta i gceist leis na lárionaid sin agus, nuair a bhí teagmhais neamhchomhlíontacha ann, rinne an soláthraí gníomh iomchuí ina leith. Theastaigh dhá iniúchadh ó thart ar 13% de na lárionaid iomlána (115 lárionad) chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht le linn na bliana, agus theastaigh trí iniúchadh nó níos mó ó líon nach mó ná trí lárionad.

Is líon fabhrach é sin i gcomparáid le 2018 nuair a theastaigh trí chuairt nó níos mó ó seacht lárionad. Is léiriú é sin ar leibhéil na comhlíontachta atá ag feabhsú san earnáil.


Ar an iomlán, leantar de leibhéil na comhlíontachta a fheabhsú, go háirithe maidir leis na rialacháin is tábhachtaí a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí sna lárionaid. In 2019, d'fhoilsigh HIQA an doiciméad 'Five Years of Regulation in Centres for People with Disabilities' (cúig Bliana de Rialáil i Lárionaid do Dhaoine faoi Mhíchumais) ina raibh athruithe leagtha amach maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí agus leibhéil na comhlíontachta sna rialacháin is tábhachtaí le linn na chéad chúig bliana de rialáil. Le linn ár n-iniúchtaí in 2019, fuaireamar amach go raibh feabhsúcháin á ndéanamh sna príomhréimsí sin ar bhonn leanúnach, seachas láithreacha comhchónaithe, réimse ina bhfuaireamar amach go raibh leibhéil neamhchomhlíontachta níos airde iontu.

## Fíor 8: Comhlíonadh na rialachán is tábhachtaí i lárionaid ainmnithe uile do dhaoine faoi mhíchumais in 2019


*Comhlíontach* *Comhlíontach go substaintiúil* *Neamhchomhlíontach*





*Rialachán 05:*
*Measúnú aonair agus plean pearsanta*





*Rialachán 08:*
*Cosaint*




*Rialachán 09:*
*Cearta na gcónaitheoirí*





*Rialachán 23:*
*Rialachas agus bainistíocht*




*Rialachán 26:*
*Nósanna imeachta um bainistíocht riosca*

Le torthaí ár n-iniúchtaí le haghaidh 2019, tugtar an leibhéal neamhchomhlíontachta níos airde chun suntais maidir leis na rialacháin is tábhachtaí a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí i láithreacha comhchónaithe.

**Fíor 9: Comhlíonadh na rialachán is tábhachtaí i láithreacha comhchónaithe in 2019**




Mar atá léirithe i bhFíor 9, bhí níos mó ná dhá oiread na dteagmhas neamhchomhlíontach i gceist le láithreacha comhchónaithe i dtaca le réimsí an rialachais agus na bainistíochta ná mar a bhí i gceist le haghaidh na lárionad uile (Fíor 8).

Arís agus arís eile dhírigh HIQA aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil socruithe rialachais láidre ann sna lárionaid. I gcás gur chinntigh soláthraithe go ndéantar na lárionaid a bhainistiú ag pearsanra atá cáilithe go hiomchuí agus a bhfuil an taithí iomchuí acu, agus i gcás go bhfuil socruithe iniúchóireachta agus maoirseachta maithe i bhfeidhm acu, feictear tionchar dearfach maidir le cáilíocht bheatha na gcónaitheoirí agus leibhéil fhoriomlána na comhlíontachta sna lárionaid Leis na torthaí dár gcuid in 2019 taispeántar go raibh socruithe rialachais i níos

mó ná trian de na láithreacha comhchónaithe míshásúil agus bhí siad ar chúl go suntasach maidir leis an meán náisiúnta do lárionaid.


Bhí méid neamhchomhlíontachta níos mó ann i réimsí ríthábhachtacha, amhail cónaitheoirí a chosaint ar riosca drochúsáide, deimhin a dhéanamh de go ndéantar cearta cónaitheoirí a chosaint, agus go dtéitear i gcomhairle go hiomchuí le cónaitheoirí maidir leis na seirbhísí dá gcuid. Is léirithe tábhachtacha iad sin ar fholláine na gcónaitheoirí.

### *Faisnéis a ghlacadh*

Éilítear ar sholáthraithe agus ar dhaoine i gceannas fógraí a sheoladh chugainn maidir le teagmhais shuntasacha a tharlaíonn sa lárionad laistigh de thrí lá agus maidir le teagmhais eile sa lárionad ar bhonn ráithiúil. Ansin déanann na cigirí measúnú riosca ar gach fógra agus úsáidtear an fhaisnéis sin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an beart rialála le glacadh i dtaca leis an lárionad sin.

Rinne cigirí 21,615 fógra a mheasúnú ó lárionaid do dhaoine faoi mhíchumais in 2019, i gcomparáid le 18,237 fógra den chineál sin in 2018. Tá an méadú in 2019 inchurtha i bpáirt i leith méadú foriomlán ar líon na lárionad cláraithe le linn na bliana.

**Fíor 10: Fógraí rialála a fuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais in 2019**




Fuaireamar 240 píosa faisnéise gan iarraidh freisin maidir le lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais. Is é sin faisnéis a chomhroinneann aon duine linne a bhfuil imní air nó uirthi maidir leis an tseirbhís atá á soláthar do dhaoine faoi mhíchumais i lárionaid chónaitheacha.

Déanann cigirí an fhaisnéis a athbhreithniú ar bhonn aonair agus úsáideann siad í in éineacht le faisnéis eile a bhaineann leis an lárionad chun na bearta rialála dár gcuid a threorú lena n-áirítear gníomhaíocht iniúchta.

Áiríodh le cineálacha na mbuarthaí a cuireadh isteach in 2019 saincheisteanna a bhaineann le hiontrálacha agus conarthaí, freagraí ar ghearáin laistigh den lárionad, rochtain ar a bpobal áitiúil do chónaitheoirí, leas ginearálta agus forbairt, rialachas agus bainistíocht, sláinte agus sábháilteacht, bainistíocht riosca, cúram sláinte, bainistíocht cógas, cearta cónaitheoirí, áitribh, cumhdach agus cosaint, riachtanais cúraim shóisialta agus an lucht saothair.

## Seirbhísí do leanaí a mhonatóiriú agus a rialáil


## *Aonaid sainchúraim*

### *Clárú*

Tá trí aonad sainchúraim in Éirinn atá curtha ar fáil ag Tusla. Is lárionaid chónaitheacha dhaingne (glasáilte) iad do leanaí ó 11 bhliain go 17 mbliana d'aois. Is é cúirt a chuireann leanaí i sainchúram nuair a chinntear go bhfuil cúram agus cosaint ag teastáil uathu mar go gcuirtear i mbaol iad mar gheall ar a n-iompar. Faigheann leanaí a chuirtear i sainchúram tacaí teiripeacha agus oideachasúla i ngach aonad.

Tá na trí aonad sainchúraim uile cláraithe ag HIQA suas go dtí Samhain 2021.

**Fíor 11: Comhlíonadh rialachán roghnaithe a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht in aonaid sainchúraim**




Laistigh de thimthriall thrí bliana an chlárúcháin, déanann HIQA monatóireacht ar aonaid sainchúraim chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin ar bhonn leanúnach agus chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn.

### *Iniúchtaí*

Rinne cigirí iniúchtaí ar na trí aonad sainchúram uile, mar aon le hiniúchadh amháin eile bunaithe ar riosca in 2019. Bhí fócas na n-iniúchtaí monatóireachta dírithe go príomha ar na rialacháin a bhaineann le ceannaireacht, le rialachas agus le bainistíocht,

mar gur aithníodh in 2018 go raibh feabhsú de dhíth maidir leis na réimsí sin. Fuarthas amach leis na hiniúchtaí sin go raibh struchtúir bhainistíochta fheabhsaithe i bhfeidhm lena gcinntítear go raibh leibhéil mhaithe de chomhlíontacht ann. Bhí leibhéal cobhsaíochta ann freisin ar leibhéal bainistíochta, agus córais fheabhsaithe i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú, agus bainisteoirí ag eirí níos muiníní maidir lena n-úsáid.

Ach bhí feabhsúcháin de dhíth, áfach, maidir le beartais agus nósanna imeachta náisiúnta a thabhairt chun críche; na socruithe a bhí i bhfeidhm chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht an tsainchúraim; an gá le cur chuige níos forbartha agus níos comhsheasmhaí maidir le bainistíocht líomhaintí; agus feabhsúcháin ar éifeachtacht na bhfreagairtí maidir le leanaí a d'éalaigh arís agus arís eile agus a bhí i bhfiorchontúirt go hionchasach agus sin á dhéanamh acu. Ina theannta sin, ní raibh dhá aonad sainchúraim in ann líon na leapacha a sholáthar dá raibh siad cláraithe mar gheall ar ghanntanas foirne. Bhí sé soiléir, áfach, go raibh tús curtha ag aonaid sainchúraim chun baill foirne nua a earcú.

### *Faisnéis a ghlacadh*

In 2019, fuaireamar na fógraí a leanas ó aonaid sainchúraim:


- 159 fógra monatóireachta
- 17 bhfógra ráithiúla
- 9 bhfógra maidir le clárú

## Seirbhísí sóisialta do leanaí a mhonatóiriú

Déanann HIQA monatóireacht freisin ar sheirbhísí neamhrialaithe do leanaí chun a chinntiú go bhfuil seirbhís shábháilte ardchaighdeáin á fáil ag leanaí.

In 2019, rinneamar 47 iiniúchadh monatóireachta ar fud raon seirbhísí do leanaí.

**Fíor 12: Iniúchtaí ar sheirbhísí do leanaí in 2019**




## Seirbhísí oibre sóisialta Tusla do leanaí i gcúram cónaithe

In 2019, rinneamar ocht n-iniúchadh a bhí dírithe ar dhualgais reachtúla oibrithe sóisialta de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) maidir le monatóireacht a dhéanamh ar áiteanna do leanaí i gcúram cónaitheach, ar aon dul leis na Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Chur i gCúram), 1995. Bhí na hiniúchtaí sin fógartha agus clúdaíodh rialacháin 22 go 25 iontu, a bhaineann le cástaifid oibre sóisialta, pleanáil cúraim, maoirseacht agus cuairteanna agus le hathbhreithnithe ar chásanna maidir le leanaí a cuireadh i gcúram cónaitheach chun a chinntiú go soláthraíodh seirbhísí sábháilte do na leanaí sin.

Rinneadh iniúchtaí in dhá limistéar seirbhíse laistigh de gach ceann de réigiúin Tusla - an tIarthar, an Deisceart, Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath, agus Baile Átha Cliath/ Laighin Láir.

Fuarthas amach leis na hiniúchtaí sin go raibh pleanáil an chúraim ar chaighdeán maith go ginearálta do leanaí i gcúram cónaitheach. Rinneadh athbhreithnithe ar phleananna cúraim ar bhonn tráthúil ar fud trí chinn de na ceithre réigiún. I measc roinnt feabhsúchán maidir le pleananna cúraim agus a n-athbhreithniú bhí an gá le faomhadh tráthúil na bpleananna cúraim ag ceann na foirne oibre sóisialta, agus le comhsheasmhacht maidir le cáilíocht na faisnéise a choimeádtar sna pleananna cúraim.

Bhí maoirseacht agus cuairteanna ar leanaí i gcúram cónaitheach ar chaighdeán maith go ginearálta agus choimeád na hoibrithe sóisialta taifid ar na cuairteanna sin. Tugadh cuairt ar leanaí laistigh de na hachair ama atá leagtha amach sna rialacháin, ach mar fhreagairt ar riosca nó ar leibhéal a riachtanais freisin. Cé go raibh oibrí sóisialta leithdháilte do thromlach na leanaí a bhí curtha i gcúram ag am an iniúchta, ba léir go raibh tréimhsí ann le linn an ama a raibh siad i gcúram nuair nach raibh oibrí sóisialta ag leanaí áirithe.

Cé go raibh cástaifead ag baint le gach leanbh a bhí curtha i gcúram cónaitheach ar fud na gceithre réigiún, tugadh éagsúlacht sa cháilíocht faoi deara. Bhain an éagsúlacht sin le hachair ama a chomhlíonadh le haghaidh taifid a nuashonrú, nó leis an bhfaisnéis uile a choimeád a éilítear faoi na rialacháin ar bhonn comhsheasmhach/ neamhchomhsheasmhach.

## Lárionaid chónaitheacha do leanaí

In 2019, rinneamar 18 n-iniúchadh ar lárionaid chónaitheacha do leanaí arna reáchtáil ag Tusla.15Rinneamar iniúchadh ar shampla ionadaíoch de lárionaid laistigh de gach réigiún de chuid Tusla chun críocha foghlama agus chun feabhsú leanúnach a spreagadh ar leibhéil áitiúla agus réigiúnacha. Tugadh tús áite do dhá lárionad mar gheall ar dhrochthorthaí in 2018, is é sin go sonrach, na háitribh óna raibh na seirbhísí á soláthar.

Ba é sin an chéad uair a rinneadh measúnú ar leibhéal na comhlíontachta sna lárionaid sin maidir leis na Caighdeáin Náisiúnta do Lárionaid Chónaitheacha do Leanaí (2018). Mar chuid den ullmhúchán a bhain le lárionaid ainmnithe (rialaithe) a dhéanamh de lárionaid chónaitheacha do leanaí de réir mar atá sainmhínithe san Acht Sláinte, 2007, bhí ár n-iniúchtaí dírithe ar 12 de na 29 caighdeán a bhaineann le ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht, agus le cúram bunaithe ar riachtanais a sholáthar do leanaí ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.

Ar an iomlán, fuarthas amach leis na hiniúchtaí sin go raibh aire mhaith á tabhairt do leanaí, agus go raibh cothú agus cúram sábháilte á thabhairt don an chuid is mó díobh. Cuireadh cearta na leanaí chun cinn go maith agus dúirt na leanaí a bhuail leis na cigirí go raibh siad ar an eolas maidir lena gcearta agus spreagadh iad agus tacaíodh leo chun iad a fheidhmiú. Bhí mionlach leanaí ann a raibh riachtanais chasta acu nach rabhthas in ann iad a shásamh laistigh de na lárionaid ar a ndearnadh iniúchtaí agus, do chuid díobh, agus bhí sé deacair socrúcháin ar aghaidh a fhoinsiú ina mbeifí in ann na riachtanais a shásamh. Do roinnt leanaí, chiallaigh sé sin nach raibh a n-eispéireas ar chúram sábháilte ná pléisiúrtha uaireanta. Sna himthosca sin, rinne HIQA idirghabháil le bainisteoirí na lárionad agus le hoibrithe sóisialta agus bainisteoirí Tusla araon chun a chinntiú gur glacadh gach beart riachtanach chun na leanaí sin agus na leanaí a bhí ina gcónaí leo i socrúcháin a chumhdach.

### *Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh*

Fuarthas amach leis an iniúchadh in 2019 ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh gur soláthraíodh cúram ar chaighdeán maith do na leanaí, agus ba léir go ndearnadh feabhsúcháin maidir le cáilíocht a mbeatha ar an gcampas. D'inis daoine óga do na cigirí gur caitheadh leo go cothrom agus gur tugadh deiseanna dóibh fadhbanna nó dúshláin a réiteach de réir mar a tháinig siad chun cinn. Bhí ról gníomhach acu i bpróiseas pleanála an tsocrúcháin agus tacaíodh leo chun a dtuiscint a fhorbairt ar iompar trína gcuirfí i mbaol iad. Bhí a fhios acu conas gearán a dhéanamh agus dúirt siad le cigirí gur mhothaigh siad go raibh daoine ag éisteacht leo nuair a tháinig fadhbanna chun cinn.

[15] Bhí líon na lárionad cónaitheach do leanaí arna soláthar ag Tusla ag athrú go dtí idir 36 agus 39 in 2019.

Níl nósanna imeachta sriantacha, lena mbaineann idirghabhálacha ardriosca amhail srianadh fisiceach nó úsáid scartha aonair, neamhchoitianta in áiteanna coinneála do dhaoine óga, agus níor cheart a dtromchúis a mheas faoina luach. Cé gur laghdaíodh iad, bhí úsáid nósanna imeachta sriantacha fós suntasach i mBaile an Oibricigh. Ach bhí an tiomantas chun an timpeallacht chónaithe is lú srianadh a sholáthar do dhaoine óga le feiceáil go soiléir, áfach, sna deiseanna laethúla a cuireadh ar fáil dóibh.

Bhí gach iarracht á déanamh ag Campas Bhaile an Oibricigh chun cáilíocht agus soláthar na gclár um iompar ciontaithe do dhaoine óga a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Bhí cúig chlár shainiúla do dhaoine óga á soláthar ar an gcampas a bhí dírithe ar iompar ciontaithe a laghdú agus d'fhonn a chinntiú go raibh an t-am a bhí á chaitheamh ag na daoine óga ag Baile an Oibricigh éifeachtach maidir leis na torthaí is fearr a bhaint amach dóibh.

Ón iniúchadh deireanach, bhí feabhas suntasach ann maidir le raon agus minicíocht na gclár um iompar ciontaithe ar bhonn fianaise do dhaoine óga agus ba chúis mhisnigh é go rabhthas ag súil lena rannpháirtíocht sna cláir sin agus gur cuireadh chun í. Bhí na daoine óga uile a labhair leis na cigirí feasach ar na cláir a bhí ar fáil dóibh chun cuidiú leo tabhairt faoina  n-iompar ciontaithe. Chun an próiseas sin a chur chun cinn, bhí feabhsúcháin de dhíth chun cláir a thabhairt isteach a bhí dírithe ar chlaonadh na ndaoine óga maidir le cineálacha sonracha d'iompar ciontaithe.

### *Iniúchtaí bunaithe ar riosca*

Rinneadh ceithre iniúchadh bunaithe ar riosca ar sheirbhísí do leanaí in 2019 chun a chinntiú go raibh na leanaí sábháilte. Ag am na n -iniúchtaí, bhí líon substaintiúil de leanaí ag fanacht le seirbhís sna ceithre limistéar seirbhíse sin, lenar áiríodh leanaí a bhí rangaithe ag Tusla mar ardtosaíocht.

Cé go raibh roinnt samplaí de dhea-chleachtas ann,  bhí feabhas de dhíth i ngach ceann de na ceithre limistéar seirbhíse i dtaca leis na socruithe rialachais a bhí i bhfeidhm chun a chinntiú gur soláthraítear seirbhís cosanta agus leas leanaí ar bhonn tráthúil agus sábháilte.

Áiríodh leis na réimsí coitinne a raibh feabhas de dhíth ar fud na gceithre limistéar seirbhíse uile:

- foghlaim a chomhroinnt ar fud Tusla
- beartais, nósanna imeachta agus próiseas gnó caighdeánach a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- maoirseacht ar an bhfoireann ag an lucht bainistíochta agus stiúradh san áireamh
- córais bainistíochta cástaifead a úsáid ar bhonn comhsheasmhach
- rioscaí a shainaithint agus bainistíocht ina leith

- córais dearbhaithe cáilíochta arna bhforbairt ar bhonn níos fearr.

In 2019, sholáthair na ceithre limistéar seirbhíse uile pleananna gníomhaíochta chun tabhairt faoi na teagmhais shainiúla neamhchomhlíonachta arna sainaithint leis na hiniúchtaí.

## Seirbhísí cúraim sláinte a mhonatóiriú agus a rialáil

I suíomh an chúraim sláinte, cuimsítear lenár sainchúram go príomha monatóireacht a dhéanamh ar ospidéil géarmhíochaine phoiblí i gcoinne na gcaighdeán náisiúnta. Áirítear le monatóireacht den sórt sin iniúchtaí ar an láithreán, agus foilsímid na torthaí agus na moltaí ónár gcuid oibre ar www.hiqa.ie. Sa bhreis air sin, tá sainchúram ag HIQA chun imscrúduithe reachtúla a dhéanamh ar sheirbhísí lena bhféadfadh imní thromchúiseach bheith ann maidir le sábháilteacht othar. Cé gur féidir le HIQA moltaí a dhéanamh, níl siad sin ina gceangal. Níl na cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag HIQA chun tacú leis an réimse sin dár gcuid oibre.

### *Nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin*


I mí Eanáir 2019, thosaíomar ar nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil nuair a rinneadh Treoir 2013/59/Euratom ó Chomhairle Eorpach AE a thrasuí go dlí na hÉireann, agus cumhachtaí rialála á dtabhairt do HIQA maidir le seirbhísí cúraim sláinte den chéad uair riamh. Is é HIQA an tÚdarás Inniúil anois sa réimse a bhaineann le nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin. Leis an ról sin éilítear orainn seirbhísí cúraim sláinte a rialáil ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus, trí sin a dhéanamh, othair a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do radaíocht ianúcháin maidir le cóireáil mhíochaine amhail X-ghanna nó scanadh CT.

In 2019, rinneamar obair ullmhúcháin, amhail foireann iniúchta a earcú, córais TFC a fhorbairt, modheolaíocht iniúchta a bhunú agus treoir a sholáthar do sholáthraithe cúraim sláinte maidir lenár ról nua.

Bhíomar ag obair i gcomhar freisin leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a rialaíonn nochtuithe do radaíocht ianúcháin nach mbaineann le hothair – agus foilsíodh Meamram Tuisceana idir an dá eagraíocht go luath in 2020.

Éilítear ar sholáthraithe nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin, ar dtugtar gnóthais, clárú linne. Le linn 2019, fuaireamar 1,254 fógra:chun a dhearbhú go raibh 1,650 láithreán ann le rialáil mar ghnóthais faoin reachtaíocht nua sin.

## Fíor 13: Seirbhísí radaíochta ianúcháin faoi chineál na seirbhíse




Ag deireadh 2019, d'eisíomar uirlis fhéinmheasúnaithe do na 211 soláthraí cúraim sláinte a sholáthraíonn leibhéil radaíochta ianúcháin níos airde d'othair mar chuid den chóireáil. Thosaíomar ar ospidéil a iniúchadh i Samhain 2019, agus bhí sé iniúchadh curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Mar an tÚdarás Inniúil nua maidir le nochtuithe míochaine do radaíocht ianúcháin, éilítear ar HIQA roinnt ról a ghlacadh lena gcomhlánaítear an fheidhm iniúchta dá chuid d'fhonn cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí a fheabhsú. Is é ról amháin den sórt sin fógraí a ghlacadh ó ar fud na tíre agus maoirseacht a dhéanamh orthu sin a bhaineann le teagmhais thromchúiseacha maidir le nochtuithe trí thimpiste nó neamhbheartaithe do radaíocht ianúcháin. Chuireamar córas monatóireachta ar bun i mí Eanáir 2019, agus fuarthas 68 fógra den chineál sin faoi dheireadh 2019.

In 2019, thosaíomar ar obair, le cúnamh ó ghrúpa comhairleach seachtrach, chun cur i bhfeidhm suirbhé náisiúnta a chur ar aghaidh maidir le leibhéil tagartha diagnóiseacha maidir le nósanna imeachta áirithe.16Tá comhthiomsú, anailís agus scaipeadh thorthaí an chleachtais sin beartaithe chun soláthraithe seirbhíse a threorú ar bhonn níos fearr maidir lena n-iarrachtaí leibhéil na nochta do radaíocht a optamú d'othair, agus chun a chinntiú go mbeidh na dáileoga a thugtar réasúnta chun íomháu a bhaint amach gan an cháilíocht a chur i mbaol. Cuirfear tús leis an suirbhé sin, a cheanglaítear ar HIQA faoin reachtaíocht, in 2020.

[16] Is é atá i gceist le leibhéal tagartha diagnóiseach (DRL) leibhéal na dáileoige a leagtar síos maidir le gnáthnósanna imeachta diagnóiseacha agus raideolaíochta idirghabhála. Baintear úsáid as mar uirlis do sholáthraithe seirbhíse chun a chinntiú go ndéantar nochtuithe míochaine a optamú agus go gcoinnítear gach dáileog a fhaigheann na húsáideoirí.

# 4.2 Cúram Níos Fearr



# 4.2 Cúram Níos Fearr
## *Cáilíocht an chúraim a fheabhsú*

Tá sé mar aidhm againn sláinte agus cúram sóisialta a fheabhsú do na daoine a dhéanann na seirbhísí sin a úsáid agus a rochtain. Inár bPlean Corparáideach 2019-2021, leagtar amach tiomantas chun feabhsúcháin a spreagadh i gcáilíocht an chúraim a sholáthraítear do na daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Déanaimid sin ar an mbealach a leanas:

- treoir agus tacaí a fhorbairt d'fhonn cáilíocht an chúraim a fheabhsú
- iniúchtaí téamacha a dhéanamh d'fhonn feabhsú na cáilíochta a spreagadh
- an Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim a chur chun feidhme.

### Treoir maidir le Cur Chuige bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Ba chóir do dhaoine a bheith ag súil go ndéanfar a gcearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint i gcónaí, lena n-áirítear nuair a theastaíonn cúram agus tacaíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta uathu. Cé gur aithníodh dea-chleachtas in iniúchtaí HIQA maidir le seasamh le cearta an duine i seirbhísí áirithe, tá eolas teoranta agus tuiscint theoranta i measc cleachtóirí eile, agus i measc na ndaoine a úsáideann na seirbhísí, maidir le conas a chuirtear prionsabail chearta an duine i bhfeidhm maidir le sláinte agus cúram sóisialta.

Le linn 2019, d'fhoilsíomar *Treoir maidir le Cur Chuige bunaithe ar Chearta an Duine i Seirbhísí Sláinte agus Cúraim Shóisialta* d'fhonn tacú le seirbhísí agus leis an bhfoireann a oibríonn iontu chun prionsabail chearta an duine a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre laethúla. Forbraíodh an treoir i gcomhar le Safeguarding Ireland (Cumhdach Éireann), agus maoiníodh í i bpáirt ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, faoin Scéim Deontais um Chearta an Duine agus Comhionannas 2017.

Tá meas ar chearta an duine intuigthe laistigh de na caighdeáin náisiúnta arna

bhforbairt ag HIQA, mar shampla Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr (2012), agus sna caighdeáin maidir le daoine scothaosta, míchumas, seirbhísí máithreachais, agus cumhdach aosach. Leis an treoir sin soláthraítear tacaíocht bhreise d'fhoireann chun tuiscint a fháil ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine agus chun na caighdeáin náisiúnta a chur i bhfeidhm i ngníomh.

Tá an treoir sin bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbraíodh í i gcomhairle le daoine a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus leis na daoine a úsáideann na seirbhísí sin.

Tugtar achoimre inti ar mhodh oibre praiticiúil agus inrochtana atá bunaithe ar fhianaise d'fhoireann i líne thosaigh na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Soláthraítear teanga choiteann agus creat coiteann léi chun cur síos ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le cúram agus tacaíocht d'aosaigh. Beidh an treoir ina cuidiú freisin do dhaoine a úsáideann na seirbhísí chun tuiscint a fháil ar an méid ba cheart dóibh a bheith ag súil leis ó sheirbhís atá tiomanta do mheas a thabhairt ar a gcearta daonna agus dá gcosaint agus dá gcur chun cinn.

D'fhorbraíomar roinnt ábhair thacaíochta freisin le cuidiú le tuiscint a fháil ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine agus lena chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin ceisteanna coitianta maidir leis an treoir agus conas is féidir léi cuidiú le foireann ina cuid oibre, doiciméad ina dtugtar breac-chuntas ar an gcreat dlíthiúil lena gcuirtear taca faoi chur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le cúram agus tacaíocht in Éirinn, agus dhá áis chinnteoireachta chun cuidiú le baill foirne ina gcleachtas laethúil.

## Iniúchtaí téamacha

Le linn 2019, chuireamar roinnt clár um iniúchtaí téamacha chun feidhme d'fhonn feabhsúcháin a spreagadh i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

### *Tithe altranais*


D'fhonn cáilíocht an chúraim i dtithe altranais a fheabhsú, rinneamar iniúchtaí téamacha in 2019 ar na nithe a leanas:

1. cúram néaltrú seanaoise
2. cleachtais shriantacha

Rinneamar 144 iniúchadh téamach, is é sin 102 iniúchadh téamach ar chúram néaltrú seanaoise agus 42 iniúchadh téamach ar chleachtais shriantacha.

Bhí na hiniúchtaí téamacha ar chúram néaltrú seanaoise dírithe ar an gcúram a sholáthraítear do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus a chónaíonn i dtithe altranais. Fuaireamar amach go bhfuil mórchuid na lárionad ag soláthar cúraim ar chaighdeán maith do chónaitheoirí a bhfuil néaltrú orthu; ach ní mór leanúint le hiarrachtaí, áfach, chun a chinntiú go gcuirtear feabhas ar bhonn leanúnach ar na seirbhísí a sholáthraítear don ghrúpa is leochailí sin de chónaitheoirí.

### Fíor 14: Forbhreathnú ar chomhlíonadh in iniúchtaí téamacha ar chúram néaltrú seanaoise 2019




In 2019, thosaíomar ar chlár d'iniúchtaí téamacha lena ndearnadh measúnú ar an úsáid as srianadh fisiceach agus timpeallachta, chomh maith le cineálacha eile de chleachtais shriantacha. Leis an gclár téamach sin measúnaíodh comhlíontacht i gcoinne *na gCaighdeán Náisiúnta um Láithreacha Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn*(2016) chun críocha feabhsú cáilíochta ar bhonn leanúnach a spreagadh chun leas na ndaoine atá ina gcónaí i dtithe altranais.

Rinneamar 42 iniúchadh ar an gcineál sin tí altranais in 2019 agus fuarthas torthaí maithe: fuarthas go raibh 22 de na lárionaid ar a ndearnadh iniúchadh comhlíontach[17] agus bhí 20 comhlíontach ar bhonn substaintiúil.[18] Léirítear leis sin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann faoin ngá leis an úsáid as cleachtais shriantacha a laghdú nó fáil réidh leo. Ina dhiaidh sin is uile, tá roinnt soláthraithe ag obair fós chun cearta na gcónaitheoirí ar neamhspleáchas agus ar shaoirse a chothromú leis an ngá le sláinte agus sábháilteacht na gcónaitheoirí a chinntiú. Cé go bhfuil imthosca ann nuair a bhíonn úsáid cleachtas sriantach dosheachanta agus riachtanach chun sábháilteacht an duine nó sábháilteacht daoine eile a chinntiú, tá cleachtais shriantacha ina sárú ar chearta bunúsacha an duine ar shaoirse phearsanta agus ar shláine an choirp. Ní mór do sholáthraithe a chinntiú go bhfuil maoirseacht iomchuí agus rialachas ann maidir leis na cásanna uile ina n-úsáidtear srianadh agus ní mór dóibh oibriú chun úsáid srianta dá leithéid a laghdú nó chun fáil réidh leis.

### *Seirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumais*

In 2019, d'fhorbraíomar clár d'iniúchtaí téamacha chun feabhsuithe a spreagadh ar úsáid cleachtas sriantach i seirbhísí, agus d'fhonn cur chun cinn a dhéanamh maidir le conas is féidir *na Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaitheacha d'Aosaigh agus do Leanaí faoi Mhíchumais* a úsáid chun tionchar dearfach a imirt ar cháilíocht an chúraim, agus ar dhearadh cleachtas sriantach agus ar laghdú ar a n-úsáid ar fud na hearnála.

[17] Nuair a cinneadh go raibh comhlíontacht ann léiríodh go raibh cáilíocht mhaith na beatha ag cónaitheoirí agus an cultúr, an t-éiteas agus an soláthar dírithe ar úsáid cleachtas sriantach a laghdú nó ar fháil réidh leo.

[18] Nuair a cinneadh go raibh comhlíontacht shubstaintiúil ann léiríodh leis sin go raibh seirbhís mhaith, shábháilte á fáil ag cónaitheoirí ach go bhféadfaí cáilíocht a mbeatha a mhéadú le feabhsuithe ar.

Le linn 2019, chuireamar 54 iniúchadh téamach ar chleachtais shriantacha i gcrích ar fud raon seirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas.

I 26 lárionad, fuaireamar amach go raibh caighdeán saoil maith ag cónaitheoirí agus an cultúr, an t-éiteas agus an soláthar dírithe ar úsáid cleachtas sriantach a laghdú nó ar fháil réidh leo.

Sna 28 lárionad eile, fuair cigirí amach go raibh seirbhís mhaith, shábháilte á fáil ag cónaitheoirí ach go bhféadfaí cáilíocht a mbeatha a mhéadú le feabhsuithe ar bhainistíocht cleachtas sriantach agus ar a laghdú.

Fuarthas amach leis na hiniúchtaí sin go raibh socruithe éifeachtacha maidir le rialachas agus ceannaireacht ríthábhachtach, nuair a measúnaíodh go raibh cleachtais shriantacha riachtanach, chun a chinntiú go raibh bainistíocht ar a n-úsáid tacaithe ag prionsabail mhaithe um chearta an duine.

Sa bhreis air sin, bhí straitéisí forbartha agus curtha i bhfeidhm ag a lán de na seirbhísí sin chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar úsáid cleachtas sriantach, chun iad a laghdú agus (nuair is féidir) fáil réidh lena n-úsáid. Ba ghné thábhachtach maidir leis sin a bhaint amach oiliúint agus oideachas ar cháilíocht mhaith don fhoireann, rud ag a raibh tionchar dearfach ar chultúr dearfach foirne chun úsáid cleachtas sriantach a laghdú.

Foilsítear tuarascálacha na n-iniúchtaí ar www.hiqa.ie chun comhroinnt faisnéise maidir le dea-chleachtais san earnáil a éascú.

### *Clár téamach um chosaint agus leas leanaí*

Is é is aidhm le clár iniúchta théamaigh um chosaint agus leas leanaí de chuid HIQA, a forbraíodh in 2019, feabhsú cáilíochta a chur chun cinn agus tacú leis maidir le bainistíocht atreoruithe um chosaint agus leas leanaí. Tá an clár seo ina thoradh ar thiomantas a rinne HIQA sa Tuarascáil dá chuid in 2018 den imscrúdú ar bhainistíocht líomhaintí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gcoinne aosach is ábhar imní ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ar ordú ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Sa chlár iniúchta théamaigh sin déantar measúnú ar bhainistíocht agTuslaar atreoruithe agus tuarascálacha uile um chosaint agus leas leanaí, lena gcuimsítear scagadh agus réamhfhiosrúchán ar atreoruithe, pleanáil sábháilteachta agus measúnú tosaigh a chur i gcrích.

Déantar seirbhísí a mheasúnú i gcoinne seacht gcinn de na Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2012.

Tar éis athbhreithniú litríochta a fhorbairt, grúpa comhairleach seachtrach a bhunú,[19] agus comhairliúcháin le tuismitheoirí agus leanaí, d'fhoilsigh HIQA treoir i dtaca lenár gcreat measúnaithe agus breithiúnais don chlár sin.

[19] Bhí an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barnados, Epic, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Stiúrthóir ó Chomhairle Medway sa RA.

Rinne dhá limistéar seirbhíse Tusla ceistneoir féinmheasúnaithe a chomhlánú agus a chur ar ais chuig HIQA le haghaidh athbhreithnithe. Leis na ceistneoirí sin, mar aon le méadracht fhoilsithe de chuid Tusla maidir le cásanna nach raibh leithdháilte, rinneadh sceideal na n-iniúchtaí a threorú. D'fhonn feabhsú ar cháilíocht i gcúram, dhíríomar ar dtús ar limistéir seirbhíse nach raibh leanaí ar bith iontu ag fanacht le seirbhís nó ina raibh líonta ísle de leanaí mar sin.

Ag tosú i nDeireadh Fómhair 2019, rinneamar ceithre iniúchadh théamacha um chosaint agus leas leanaí faoi dheireadh 2019.

Tá na cúig limistéar seirbhíse eile nach bhfuil san áireamh sa chlár téamach faoi réir faoi láthair ag pleananna feabhsaithe seirbhíse arna bhforbairt ag Tusla mar thoradh ar riosca a aithníodh a bhaineann leis na limistéir seirbhíse sin. Déanfaidh HIQA athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir leis na pleananna feabhsaithe sin go luath in 2020, agus léireofar a chuid torthaí i ngníomhaíocht rialála bhreise de réir mar is iomchuí.

### *Seirbhísí um chúram altrama reachtúil*

In 2019, rinneamar forbairt ar an gclár dírithe 2017-2018 dár gcuid d'iniúchtaí ar sheirbhísí um chúram altrama reachtúil chun feabhsuithe breise ar chúram a spreagadh ar fud na 17 limistéar seirbhíse de chuid Tusla trí scrúdú a dhéanamh ar na nithe a leanas:

- cé acu an raibh nó nach raibh oibrí sóisialta leithdháilte ar an leanbh i gcúram altrama;
- an méid agus a dhéantar a riachtanais a mheasúnú roimh an socrúchán nó a luaithe is féidir ina dhiaidh;
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúram an linbh faoi réir ag próiseas foirmiúil pleanála agus athbhreithnithe, lena n-áirítear an t-ullmhúchán le haghaidh cúram a fhágáil;
- go gcuirfear an leanbh le cúramóirí altrama atá in ann a chuid/cuid riachtanas a shásamh;
- na córais atá i bhfeidhm chun an leanbh a chumhdach agus a chosaint.

Rinneamar sin tríd an méid a leanas:

- na sonraí a anailísiú arna gcur isteach ó limistéir seirbhíse agus ó cheistneoirí arna gcomhlánú ag leanaí i gcúram agus ag daoine óga in iarchúram;
- buaileadh nó labhairt le leanaí agus daoine óga atá ag baint leas as an tseirbhís iarchúraim;
- agallaimh a dhéanamh agus buaileadh leis na bainisteoirí limistéir, na príomhoibrithe sóisialta do na foirne um leanaí i gcúram, leis na foirne um chúram altrama agus le bainisteoirí iarchúraim;
- cuairteanna a thabhairt ar theaghlaigh cúraim altrama agus buaileadh leis na leanaí atá ina gcónaí sna tithe sin;
- fócasghrúpaí ar leith a thionól leis na hoibrithe sóisialta um leanaí i gcúram agus le

hoibrithe sóisialta um chosaint leanaí, oibrithe sóisialta altrama, cinn foirne na foirne um leanaí i gcúram fhadtéarmaigh, oibrithe iarchúraim agus le cúramóirí altrama;

- athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna ábhartha chástaifid na leanaí de réir mar a bhaineann siad le téama an iniúchta;
- glaoch ar thuismitheoirí na leanaí i gcúram, ar chúramóirí altrama agus ar leanaí i gcúram.

Le linn 2019, chuireamar 11 de na hiniúchtaí sin i gcrích, agus tá sé beartaithe go gcuirfear na sé iniúchadh eile i gcrích in 2020. Fuarthas amach leis na hiniúchtaí sin nuair a leithdháileadh oibrí sóisialta do leanbh, go bhfuair siad seirbhís de cháilíocht mhaith agus labhair na leanaí go dearfach faoin oibrí sóisialta dá gcuid. Bhí líonta measartha ard de leanaí i gcúram i roinnt limistéar nach raibh oibrí sóisialta leithdháilte orthu agus, mar thoradh air sin, ní raibh an tseirbhís á fail ag na leanaí neamh-leithdháilte sin a bhí tuillte dóibh, agus ní raibh cuairteanna á dtabhairt orthu i gcomhréir leis na rialacháin.

Bhí na measúnaithe ar leanaí cuimsitheach, agus bhí sé soiléir go raibh siad á gcur le chéile le cúramóirí altrama a bhí san áit is fearr chun a riachtanais a shásamh i mórchuid na limistéar; bhí riaráistí ann, áfach, maidir le cur le chéile fadtéarmach a chríochnú i roinnt limistéar.

Cuireadh seirbhís iarchúraim mhaith ar fáil do leanaí ina lán limistéar, agus bhí sé chinn de na 11 limistéar a iniúchadh comhlíontach go hiomlán maidir leis an gcaighdeán sin, agus ceann amháin acu comhlíontach ar bhonn substaintiúil. Fuarthas amach go raibh cleachtas sármhaith i dtrí chinn de na 11 limistéar, sa mhéid gur chomhlíon siad riachtanais uile na reachtaíochta, agus go raibh seirbhísí iarchúraim a bhí forbartha go maith acu.

Bhí feabhsúcháin de dhíth maidir le pleanáil agus athbhreithniú cúraim, mar bhí riaráistí i roinnt limistéar maidir le hathbhreithnithe ar leanaí i gcúram. Bhí líon ard pleananna cúraim nach raibh cothrom le dáta freisin i limistéir seirbhíse a raibh líonta arda leanaí i gcúram iontu nach raibh oibrí sóisialta leithdháilte ina leith. Bhí éagsúlacht ann i gcáilíocht na bpleananna cúraim freisin agus ní dhearnadh pleananna socrúcháin a chur i gcrích go rialta i roinnt limistéar.

Tar éis dúinn na hiniúchtaí sin a chur i gcrích in 2020, foilseoimid tuarascáil forléargais d'fhonn rialachas foriomlán na seirbhíse cúraim altrama a fheabhsú, chun tacaíocht agus treoir a sholáthar d'fhorbairt córas coiteann agus comhsheasmhachta sa chleachtas ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

### *Cúram sláinte*

I suíomh an chúraim sláinte, tá sainchúram ag HIQA chun monatóireacht a dhéanamh ar ospidéil ghéarmhíochaine i gcoinne caighdeán arna sainordú ar bhonn náisiúnta d'fhonn cáilíocht an chúraim atá á sholáthar a fheabhsú. In 2019, rinneamar 62 iniúchadh san iomlán thar roinnt cláir théamacha monatóireachta, lena bhféachadh le gach ceann acu a chinntiú go raibh ospidéil ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta

chun tabhairt faoi réimsí riosca sábháilteachta othar atá aitheanta go hidirnáisiúnta. San áireamh leis na cláir théamacha monatóireachta sin bhí fócas ar na nithe a leanas:

- seirbhísí máithreachais i 13 aonad máithreachais nó ospidéal
- sábháilteacht cógas i 20 ospidéal, agus
- cosc agus rialú ionfhabhtuithe i 15 ospidéal.

Le hobair HIQA sa réimse a bhaineann le sábháilteacht cógas dírítear aird ar ospidéil atá ag feidhmiú go láidir agus ar ospidéil nach mór dóibh níos mó a dhéanamh chun othair a chosaint ar bhealach níos fearr ar riosca díobhála ionchasaí a bhaineann le húsáid cógas. In 2019, bhíomar fócasaithe chun a chinntiú go raibh na bearta riachtanacha i bhfeidhm ag ospidéil chun othair a chosaint ar rioscaí ionchasacha aitheanta a bhaineann le cógais ardriosca. Bhí bearta curtha i bhfeidhm ag an gcuid is mó de na hospidéil chun tabhairt faoi na saincheisteanna riosca sin, ach níor fheidhmigh roinnt ospidéal chomh maith agus bhí orthu níos mó a dhéanamh.

Bhí ár n-iniúchtaí ar nósanna imeachta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe atá i bhfeidhm in ospidéil in 2019 dírithe ar iarrachtaí chun tabhairt faoin mbagairt a chruthaítear leis an orgánach atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí Enterobacteriacea a Tháirgeann Carbaipeineamáis (CPE) atá ag teacht chun cinn, tar éis don Aire Sláinte éigeandáil sláinte poiblí náisiúnta a dhearbhú. Fuaireamar amach go raibh na bearta riachtanacha curtha i bhfeidhm ina n-iomláine ag ospidéil, nó go raibh siad beagnach curtha i bhfeidhm acu, a theastaíonn chun rátaí coilínithe agus ionfhabhtaithe a rialú a bhaineann leis an orgánach sin atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí. Ba fheabhas é sin ar 2018, nuair a bhí sé riachtanach do HIQA buarthaí a chur in iúl do na hospidéil maidir leis na bearta sin ar bhonn leanúnach. D'fhéachamar ar bhearta chun dí-éilliú éifeachtach a chinntiú maidir le gairis mhíochaine ionracha in-athúsáide, agus go ginearálta bhí torthaí dearfacha le fáil sna hospidéil a bhain leis na cleachtais a aithníodh.

In 2019, chuireamar clár monatóireachta i gcrích i gcoinne *na gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Máithreachais Níos Sábháilte agus Níos Fearr*, ag díriú ar éigeandálaí cnáimhseachais. Idir 2018 agus 2019, rinneamar iniúchadh ar na 19 n-aonad agus ospidéal máithreachais uile in Éirinn d'fhonn a chinntiú go raibh na bearta riachtanacha i bhfeidhm acu chun éigeandálaí a bhrath agus freagairt a thabhairt ina leith lena bhféadfaí mná nó leanaí a úsáideann seirbhísí máithreachais a chur i mbaol báis. Ar an iomlán bhí na torthaí ón gclár iniúchta sin dearfach go ginearálta, agus thaispeáin an chuid is mó de na hospidéil ardleibhéil chomhlíontachta i gcoinne mhórchuid na gcaighdeán náisiúnta arna measúnú. Sainaithníodh roinnt réimsí sainiúla, áfach, óna dteastaigh feabhas ar leibhéal an ospidéil aonair agus ar bhonn náisiúnta tríd an gclár sin, agus rinneamar moltaí le haghaidh gníomhaíocht áitiúil agus náisiúnta i dtuarascáil forléargais a foilsíodh i dtús 2020.

In 2019, chuireamar tús le clár monatóireachta nua i gcoinne na *gCaighdeán Náisiúnta le haghaidh Cúram Sláinte Níos Fearr agus Níos Sábháilte* maidir le seirbhísí athshlánaithe agus cúraim sláinte pobail d'othair chónaitheacha in 2019. Leis an gclár monatóireachta sin tá fócas ar leith ann lena chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí sin

caighdeáin náisiúnta chun sábháilteacht othar a chinntiú, lena n-áirítear sábháilteacht cógas agus cosc agus rialú ionfhabhtuithe.

Ba é sin an chéad uair riamh a thosaigh HIQA ar iniúchadh ar na seirbhísí cúraim sláinte sin. Le linn na bliana, rinneamar iniúchtaí ar shé sheirbhís athshlánaithe agus cúraim sláinte pobail d'othair chónaitheacha. Tríd an gclár iniúchta sin bhí na saoráidí sin ábalta cleachtadh a fháil maidir le caighdeáin HIQA. Beidh sé sin tábhachtach amach as seo mar go dtiocfaidh na seirbhísí sin, in éineacht lena bpiaraí sna hospidéil ghéarmhíochaine, faoi mhonatóireacht agus faoi dheireadh faoi scéimeanna ceadúnaithe atá réamh-mheasta trí reachtaíocht atá beartaithe amhail na Billí um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Sábháilteachta Othar Infhógartha) agus Sábháilteacht Othar (Ceadúnú).

## An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim

Is comhthionscnamh é an Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim idir HIQA, FSS agus an Roinn Sláinte. Déantar iarracht leis cáilíocht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a fheabhsú trí dhaoine a cheistiú faoina n-eispéiris ar chúram agus trí ghníomhú ar bhonn a n-aiseolais. Déanaimid sin tríd an Suirbhé Náisiúnta um Eispéiris Othar Cónaitheach agus an Suirbhé Náisiúnta um Eispéiris ar Mháithreachais a chur chun feidhme. Thar roinnt blianta le teacht, leathnófar an clár chun trí shuirbhé breise a chuimsiú ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta: cúram do mhná a bhfuair leanbh leo bás trí mharbh-bhreith agus trí bhás nuabheirthe; cúram do dhaoine scothaosta agus cúram um dheireadh saoil.

Féach ar www.yourexperience.ie chun níos mó a fháil amach.

## An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach

I rith mhí na Bealtaine 2019, tugadh cuireadh do 26,897 ó 40 ospidéal géarmhíochaine bheith páirteach sa tríú Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach. San iomlán, ghlac 12,343 duine páirt sa suirbhé sin, agus bhí ráta freagartha de 46% mar thoradh air, i gcomparáid le ráta freagartha de 50% a baineadh amach in 2018. Léirítear leis na rátaí freagartha láidre sin go bhfuil fonn ar othair in Éirinn labhairt faoina n-eispéiris in ospidéal agus chun a nguth a úsáid chun ár seirbhís sláinte a fheabhsú. I Samhain 2019, sheolamar torthaí iomlána an tsuirbhé agus d'fhoilsíomar tuarascáil forléargais náisiúnta agus 39 tuarascáil um ospidéil.

Le linn 2019, d'eisíomar glao acadúil maidir le taighde a dhéanamh ar an 40,000 freagra cáilíochtúil a fuarthas sa Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach in 2017 agus in 2018. Ba é Ionad Anailísíochta Sonraí Insight ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG), na hiarratasóirí rathúla maidir leis sin, agus tá meaisínfhoghlaim á húsáid acu d'fhonn na freagraí anaithnidithe le haghaidh treochtaí tábhachtacha a anailísiú. Beidh torthaí na hanailíse sin ar fáil ar www.yourexperience.ie in 2020.

[20] D'fhonn méid imleor sampla a chinntiú, bhí mná a raibh leanbh acu in ospidéil níos lú in Éirinn nó sa bhaile i Samhain 2019 cáilithe freisin chun páirt a ghlacadh sa suirbhé.

## An Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas ar Mháithreachais

Bhí mná 16 bliana d'aois nó níos sine a raibh leanbh acu i nDeireadh Fómhair (nó i Samhain20) 2019 cáilithe chun páirt a ghlacadh sa chéad Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas ar Mháithreachais riamh. Leis an suirbhé cuirtear ceisteanna ar mháithreacha nua maidir lena n-eispéiris le déanaí ar sheirbhísí máithreachais na hÉireann — ó chúram réamhbhreithe, trí thinneas clainne agus an bhreith, go cúram nuabheirthe. Foilseofar torthaí an tsuirbhé i Meán Fómhair 2020 ar www.yourexperience.ie.

## Mol an tsuirbhé

Tá mol don Chlár Náisiúnta um Eispéiris ar Chúram á fhorbairt againn faoi láthair lena soláthrófar tacaíocht, treoir, faisnéis agus ceannaireacht maidir le bailiú agus úsáid iomchuí sonraí faoi eispéiris ar chúram do na cláir rannpháirtíochta uile i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

# 4.3 Cinntí Níos Fearr



# 4.3 Cinneadh Níos Fearr
# Comhairle, fianaise agus faisnéis á soláthar d'fhonn cinntí a threorú

De réir mar atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach, soláthraíonn HIQA comhairle, fianaise agus faisnéis d'fhonn cinnteoireacht a threorú i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Déanaimid sin trí mheasúnachtaí um theicneolaíocht na sláinte a dhéanamh agus trí fhianaise a shintéisiú d'fhonn Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta agus beartais sláinte náisiúnta a threorú trí na feidhmeanna HRB-CICER agus Fianaise Trí Bheartas dár gcuid. Déanaimid moltaí freisin agus leagaimid caighdeáin síos maidir le faisnéis sláinte a úsáid agus na sonraí a bhailíonn seirbhísí. Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar an gcomhairle, ar an bhfianaise agus ar an bhfaisnéis a chuireamar ar fáil ar fud na réimsí sin in 2019 chun cinntí níos fearr a threorú san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

## Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte

Faoin Acht Sláinte 2007, tá ról reachtúil ag HIQA maidir le héifeachtúlacht chliniciúil agus costais na dteicneolaíochtaí sláinte a mheasúnú agus comhairle a chur ar fáil don Aire Sláinte agus don FSS maidir leis sin. Tugtar measúnú ar theicneolaíocht na sláinte air sin (HTA), agus déantar cinntí infheistíochta a threorú léi i sláinte agus i gcúram sóisialta. Forbraímid treoirlínte náisiúnta freisin chun táirgeadh measúnachtaí tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa a threorú atá ábhartha do riachtanais na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

### *HTA maidir le tástáil ag an láthair cúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch*

D'fhoilsíomar HTA maidir le tástáil ag an láthair chúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch (POCT) d'fhonn oideasú in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i gcúram príomhúil in Éirinn a threorú an 23 Bealtaine 2019. Cuireadh an HTA faoi bhráid an Aire Sláinte, na Roinne Sláinte, agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSE) mar chomhairle d'fhonn cinnteoireacht a threorú maidir le clár POCT CRP a chur i bhfeidhm i láithreacha cúraim phríomhúil in Éirinn.

Tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte, rinne HIQA an HTA d'fhonn an tionchar cliniciúil agus eacnamaíoch a chinneadh a bhaineann le POCT CRP a sholáthar i gcúram príomhúil d'fhonn oideasú antaibheathach a threorú d'othair a mbíonn siomptóim d'ionfhabhtuithe géara sa chonair riospráide orthu. Is féidir gairis POCT CRP a úsáid chun cinntí oideasaithe a threorú trí fhaisnéis dhiagnóiseach mhear (is é sin, le linn an chomhairliúcháin) a sholáthar maidir le láithreacht ionfhabhtaithe víreasaigh i gcoinne ionfhabhtú baictéarach. Deartar an gaireas chun tacú le

cinnteoireacht trí na hothair sin a shainaithint is dóichí a bhainfeadh leas as antaibheathach agus iad siúd nach dóigh go mbainfeadh siad leas as.

Leis an HTA rinneadh measúnú ar éifeachtacht chliniciúil, ar chruinneas na dtástálacha diagnóiseacha, ar fheidhmíocht anailíseach, ar chost-éifeachtúlacht, agus ar an tionchar ar bhuiséad a bhaineann le clár POCT CRP a chur i bhfeidhm d'fhonn oideasú in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a threorú sa phobal maidir le ionfhabhtuithe géara sa chonair riospráide in Éirinn. Foilsíodh an tuarascáil agus na moltaí tar éis idirghabháil a dhéanamh le sainghrúpa comhairleach agus comhairliúchán chúig seachtaine dírithe agus leis an bpobal.

Ba í an chomhairle sa HTA, agus an neamhchinnteacht atá ann maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmaach agus éifeachtacht POCT CRP á tabhairt san áireamh, go bhféadfadh clár píolótach nó feidhmiú céimneach le bainistíocht chúram agus monatóireacht an fhéidearthacht is fearr a thairiscint chun clár POCT CRP a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil feidhmiú céimneach náisiúnta inmholta.

### *HTA maidir le Clár PrEP*

Tar éis iarratas foirmiúil a fháil ó Cheannasaí Cliniciúil Náisiúnta FSS um Sheirbhísí Sláinte Gnéis arna mholadh ag an Roinn Sláinte, foilsíodh HTA de chuid HIQA ar chlár Próifiolacsais Réamhnochta (PrEP) do phobail atá i mbaol substaintiúil VEID a fháil trí ghnéas ar an 14 Meitheamh 2019. Tugadh an HTA chun críche tar éis tréimhse de chomhairliúchán poiblí spriocdhírithe, agus cuireadh faoi bhráid an Aire Sláinte, na Roinne Sláinte agus FSS é mar chomhairle.

Fuarthas amach leis an HTA dár gcuid go raibh PrEP sábháilte agus thar a bheith éifeachtach maidir le hionfhabhtú VEID a fháil trí ghnéas a chosc i bhfir homaighnéasacha, déghnéasacha agus ag fir eile a mbíonn gnéas acu le fir agus i bpáirtithe VEID-diúltacha i lánúineacha séirea-neamhréireacha (nuair a bhíonn páirtí amháin VEID-diúltach agus an duine eile VEID-dearfach agus nach bhfuil sé ar theiripe frith-aisvíreasacha éifeachtach). Sa bhreis air sin, forbraíodh samhail eacnamaíoch chun na costais agus na hiarmhairtí a mheas a bhainfeadh le clár PrEP a sholáthar do dhaoine aonair atá i mbaol substaintiúil ionfhabhtú a fháil. Fuarthas amach go raibh sé níos éifeachtach agus níos saoire PrEP a sholáthar ná gan PrEP a sholáthar.

Dá bhrí sin, is í an chomhairle a thugamar don Aire Sláinte go mbeadh feidhmiú rathúil cláir náisiúnta PrEP in Éirinn sábháilte, éifeachtach agus coigilteach ó thaobh costas de. Ó fhoilsiú an HTA, cuireadh PrEP ar fáil saor in aisce do dhaoine aonair atá incháilithe agus cláraithe ar an gclár PrEP.

### *HTA maidir le TAVI in othair ag a bhfuil steanóis aortach siomptómach ghéar*

D'fhoilsíomar HTA maidir le hionclannú tras-chataitéar na comhla aortaí (TAVI) in othair ar a bhfuil steanóis aortach siomptómach ghéar lena mbaineann baol íseal nó meánleibhéil d'aimhréidheanna máinliachta ar an 5 Nollaig 2019. Cuireadh an HTA faoi bhráid an Aire Sláinte, na Roinne Sláinte agus FSS mar chomhairle d'fhonn cinnteoireacht a threorú maidir le húsáid TAVI sna hothair sin.

D'iarr FSS an HTA. Faoi láthair, tairgtear TAVI mar chomhrogha go príomha ar athsholáthar na comhal aortaí (SAVR) in othair nach féidir obráid a dhéanamh orthu seachas sin nó atá i mbaol ard d'aimhréidheanna máinliachta. Rinneamar meastóireacht ar éifeachtacht chliniciúil, ar chost-éifeachtúlacht, agus ar an tionchar ar bhuiséad a bhainfeadh le TAVI a shíneadh chuig othair lena mbaineann leibhéal níos ísle riosca máinliachta i gcóras cúraim sláinte poiblí na hÉireann. Rinneadh an tuarascáil dheireanach agus na moltaí a threorú le hathbhreithniú ar eipidéimeolaíocht, athbhreithniú córasach ar éifeachtacht chliniciúil agus ar shábháilteacht TAVI i gcomparáid le SAVR, le meastóireacht eacnamaíoch, anailís eiticiúil agus eagraíochta, agus rannpháirtíocht fhairsing le sainghrúpa comhairleach.

Ba í an chomhairle sa HTA gur cheart TAVI a chur ar fáil d'othair 70 bliain d'aois nó níos sine ar a bhfuil steanóis aortach siomptómach ghéar lena mbaineann leibhéal íseal nó meánleibhéal riosca máinliachta i gcóras cúraim sláinte poiblí na hÉireann.

### *Athbhreithniú córasach ar vacsaíní fliú nua nó feabhsaithe*

Ar an 12 Meán Fómhair 2019, dámhadh conradh do HIQA chun obair a thosú ar éifeachtúlacht, ar éifeachtacht agus ar shábháilteacht vacsaíní fliú shéasúraigh nua nó feabhsaithe d'fhonn fliú arna dhearbhú i saotharlanna a chosc in aosaigh. Choimisiúnaigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh, an t-athbhreithniú agus baineann sé le dlúthchomhar le Grúpaí Comhairleach Teicniúla um Imdhíonadh Náisiúnta de chuid AE/LEE.

Scaipeann víris fliú shéasúraigh A agus B is agus is cúis iad le galair in aosaigh gach bliain agus in aeráidí measartha tarlaíonn eipidéimí geimhridh gach bliain. D'fhéadfadh an chuid is mó de na grúpaí dá bhfuil an vacsaín fliú shéasúraigh molta vacsaín fliú shéasúraigh thrífhiúsach nó cheathairfhiúsach a fháil, cé go bhfuil tús curtha le húsáid vacsaíní fliú shéasúraigh nua agus feabhsaithe i roinnt clár náisiúnta um imdhíonadh ar fhliú séasúrach atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha go príomha, amhail daoine scothaosta. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na vacsaíní fliú shéasúraigh nua agus feabhsaithe i gcomparáid leis na vacsaíní fliú shéasúraigh caighdeánacha, d'fhonn cinnteoireacht um shláinte phoiblí a spreagadh agus straitéisí nua um vacsaíniú a chur chun cinn.

Críochnóidh an t-athbhreithniú córasach i dtús 2020 agus cuirfear é chuig irisleabhar piarmheasúnaithe le haghaidh foilsithe.

### *HTA ar thástáil cohóirt breithe maidir le heipitíteas C*

In 2019, chuir HIQA tús le hobair ar HTA ar thairiscint tástála maidir leis an víreas heipitíteas C (HCV) do dhaoine in Éirinn a rugadh idir 1965 agus 1985. Tugadh tús áite don HTA tar éis fhoilsiú Threoirlíne Chliniciúil Náisiúnta na hÉireann maidir le Scagthástáil Heipitíteas C, agus a cáilíocht dearbhaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil, lenar áiríodh moladh coinníollach chun tástáil aon uaire a thairiscint do dhaoine a rugadh idir 1965 agus 1985 (is é sin, tástáil cohóirt breithe) faoi réir ag toradh HTA iomlán.

Is é atá i gceist le tástáil cohóirt breithe tástáil aon uaire a thairiscint le haghaidh HCV do dhaoine a rugadh le linn tréimhse áirithe ama. Sainaithníodh an cohórt breithe le tástáil agus é bunaithe ar shonraí náisiúnta, rud lenar léiríodh go bhfuil leitheadúlacht na dteagmhas d' ionfhabhtú heipitíteas C in Éirinn níos airde i measc na ndaoine a rugadh idir 1965 agus 1985 (72.5% de chásanna). Curtha i gcomparáid le tástáil bunaithe ar riosca, leis an gcineál tástála sin seachnaítear an gá le rioscaí iompair sainiúla a shainaithint mar an bunús le haghaidh na tástála. Tháirgfí cóireáil íceach do dhaoine arna sainaithint go raibh ionfhabhtú heipitíteas C ainsealach orthu agus ar an mbealach sin an toradh drochshláinte agus costais cúraim sláinte gaolmhaire á sheachaint.

Is é aidhm an HTA éifeachtacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht na tástála cohoirt breithe a chinneadh maidir le heipitíteas C in Éirinn. Sa bhreis air sin, leis an measúnú déanfar an tionchar ar bhuiséid a bhainfeadh le clár tástála cohóirt breithe a thabhairt isteach a mheas agus déanfar measúnú ar na hiarmhairtí eagraíochta agus acmhainní a bhainfeadh le seirbhís den chineál sin. Cuireadh sainghrúpa comhairleach le chéile ina gcuimsítear ionadaithe ó phríomhghrúpaí leasmhara agus tabharfaidh sé comhairle dúinn le linn an HTA. Tá sé sceidealaithe go gcríochnófar an HTA in 2020 tar éis comhairliúchán poiblí spriocdhírithe agus cuirfear ar fáil é don Aire Sláinte mar chomhairle d'fhonn cinneadh a threorú maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart tástáil cohóirt breithe a chur ar fáil maidir le heipitíteas C in Éirinn.

### *Treoirlínte náisiúnta HTA*

Ó 2010 i leith, d'fhorbair agus d'fhoilsigh HIQA sraith de threoirlínte náisiúnta HTA chun tacú le soláthar measúnuithe tráthúla, iontaofa, comhsheasmhacha agus ábhartha do riachtanais lucht chinnteoireachta agus na bpáirtithe leasmhara. Le tacaíocht ón nGrúpa Comhairleach Eolaíochta um HTA, (lena n-áirítear ionadaíocht leathan ó phríomhpháirtithe leasmhara sa chúram sláinte in Éirinn) déantar an tsraith seo de threoirlínte a nuashonrú agus cuirtear léi de réir mar is gá chun riachtanais na gníomhaíochta HTA a chomhlíonadh in Éirinn. Le linn 2019, rinneamar dhá threoirlíne a nuashonrú le tacaíocht ón nGrúpa Comhairleach Eolaíochta um HTA agus le hionchur nach beag ón Lárionad Náisiúnta um Cógaseacnamaíocht.

Nuashonraíomar ár dTreoirlínte le haghaidh Éifeachtacht Chliniciúil Teicneolaíochtaí na Sláinte in Éirinn a Mheasúnú in 2019. Cuireadh aguisín nua leo le heiseamláir léiritheach de mheatanailís líonra.

Rinneadh *na Treoirlínte do Mheasúnú Eacnamaíoch Teicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn* a nuashonrú freisin in 2019 chun ráta lascaine nua na tástála a chuimsiú.

## HRB-CICER – Tacaíocht um threoir chliniciúil

In 2016, dhámh an Bord Taighde Sláinte (HRB) conradh le haghaidh €2.25 milliún do HIQA chun Comhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil HRB a bhunú (HRB-CICER). Is é Ionad HRB um Thaighde Cúraim Phríomhúil (HRB-CPCR) i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI) príomh-chomhoibrí HIQA.

Tá sé mar aidhm le HRB-CICER bonn fianaise ardchaighdeáin a sheachadadh maidir le hathbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil, athbhreithniú córasach ar chost-éifeachtúlacht agus anailís ar thionchar buiséid chun tacú le forbróirí treoirlínte moltaí bunaithe ar fhianaise a fhorbairt atá cuimsithe i dtreoirlínte cliniciúla náisiúnta agus in iniúchtaí náisiúnta cliniciúla. Déanann an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) na treoirlínte agus na hiniúchtaí sin agus sainordaíonn an tAire Sláinte iad lena gcur i bhfeidhm ag an FSS. Lena chois sin, tríd an gcomhoibriú cuirtear oiliúint ar fáil i sintéisiú fianaise agus tugtar comhairle do NCEC maidir le feabhsuithe i bhforbairtí modheolaíochta i gcruthú fianaise, agus ar bhearnaí taighde maidir leis an mbonn fianaise agus conas is féidir dul i ngleic leo ar an mbealach is fearr.

Tugann HIQA tacaíocht don NCEC trí bhallraíocht den Choiste, agus trí chúnamh a thabhairt le tosaíocht agus measúnú na dtreoirlínte a chuirtear isteach. In 2019, chuireamar ionchur saineolais ar fáil d'fhoirne measúnaithe agus tosaíochta NCEC do na treoirlínte a leanas:

- Cógas síceatrópach a oideasú go hiomchuí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu
- Scagthástáil maidir le cothú agus tacaíocht maidir le cothú ó bhéal d'aosaigh sa láthair ghéarmhíochaine
- Diagnóisiú agus cCéimniú maidir le hAilse Ubhagáin.

### *Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta um Dhiagnóisiú agus Céimniú Ailse Ubhagáin*

Thacaigh HRB-CICER le forbairt Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta um Dhiagnóisiú agus Céimniú Ailse Ubhagáin trí athbhreithniú a dhéanamh ar litríocht eacnamaíoch, trí réamh-anailís ar chostais a fhorbairt ar chur i bhfeidhm na treoirlíne agus trí oiliúint a sholáthar don fhoireann taighde ón gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse maidir le hathbhreithnithe córasacha a dhéanamh ar litríocht eacnamaíoch. Sheol an tAire Sláinte an treoirlíne i Lúnasa 2019.

### *Forbairt treoirlínte*

Chuireamar na nithe a leanas ar fáil freisin do ghrúpaí forbartha treoirlínte in 2019:

- athbhreithniú córasach ar thrí cheist um éifeachtacht chliniciúil agus athbhreithniú amháin ar litríocht cháilíochtúil chun tacú le forbairt chúram an aosaigh ar tí báis sa treoirlíne um laethanta deiridh an tsaoil
- athbhreithniú córasach ar litríocht eacnamaíoch chun tacú leis an treoirlíne um aicmiú riosca cliniciúil i dtoircheas
- léirbhreithniú córasach ar litríocht maidir le seacht gceist eacnamaíocha chun tacú le forbairt na treoirlíne um ghalar scamhóige toirmeascach ainsealach in aosaigh

- léirbhreithniú córasach ar litríocht chliniciúil agus eacnamaíoch maidir le hidirghabhálacha chun cloí le sláinteachas lámh a fheabhsú chun tacú leis an treoirlíne um ionfhabhtuithe arna bhfáil i gcúram sláinte
- athbhreithniú córasach ar leitheadúlacht rith fola ollmhór ionobráide, agus athbhreithniú córasach ar threoirlínte cliniciúla ábhartha chun tacú le forbairt na treoirlíne um rith fola ollmhór ionobráide
- athbhreithniú córasach ar litríocht cháilíochtúil chun tacú le nuashonrú na treoirlíne um chóras réamhrabhaidh náisiúnta
- anailís ar an tionchar ar bhuiséid maidir le cur i bhfeidhm na treoirlíne um aicmiú riosca cliniciúil i dtoircheas
- athbhreithniú córasach ar litríocht chliniciúil agus eacnamaíoch maidir le scagthástáil um chothú chun tacú leis an treoirlíne maidir le scagthástáil um chothú agus tacaíocht maidir le cothú ó bhéal a úsáid d'aosaigh sa láthair ghéarmhíochaine.

In 2019, cuireadh tús le hobair ar na nithe a leanas:

- anailís ar an tionchar ar bhuiséid i ndáil le cur i bhfeidhm na treoirlíne nuashonraithe um chóras réamhrabhaidh náisiúnta
- athbhreithniú córasach ar litríocht chiniciúil agus eacnamaíoch maidir le cóiríocht seomra aonair d'othair i gcomparáid le seomraí il-leapacha i láithreacha géarmhíochaine chun tacú le treoirlíne a fhorbairt maidir le hionfhabhtuithe arna bhfáil i gcúram sláinte.

Le linn 2019, chuireamar oiliúint ar fáil freisin do 60 duine a bhí rannpháirteach i dtaighde in Éirinn. Cuireadh seisiún oiliúna ar fáil maidir leis an modheolaíocht i dtaca le treoirlínte ag Comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar. Soláthraíodh réamheolas maidir le hanailís ar thionchar ar bhuiséad na Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta freisin. Cuireadh dhá lá oiliúna iomlána ar fáil maidir le húsáid GRADE (Grádú Moltaí, Measúnú, Forbairt agus Meastóireacht) in Eanáir agus i Márta do bhaill iolracha na ngrúpaí forbartha treoirlínte.

### *Duais an Bhoird Taighde Sláinte um Imscrúdaitheoir Éiritheach*

Is comh-iarratasóir é HIQA maidir le Dámhachtain an Bhoird Taighde Sláinte um Imscrúdaitheoir Éiritheach (EIA) faoi cheannas an Dr Barbara Clyne, HRB-CICER agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, dar teideal: 'Evidence synthesis and translation of findings for national clinical guideline development: addressing the needs and preferences of guideline development groups'.

Is é aidhm an taighde sin tacú le próisis forbartha um threoirlínte cliniciúla lena gcuirtear taca faoin obair a dhéanann HRB-CICER trí shraith straitéisí a fhorbairt do tháirgeoirí fianaise agus d'úsáideoirí deiridh. Leis na straitéisí sin tabharfar tacaíocht do na nithe a leanas:

1. Roghnú optamach modhanna sintéisithe fianaise
2. Cur in iúl thorthaí shintéisiú na fianaise, agus
3. Aistriú fhianaise an taighde go moltaí.

### *Dámhachtain um Dhochtúireacht Chomhoibritheach an Bhoird Taighde Sláinte*

Is comh-iarratasóir é HIQA maidir le Dámhachtain um Dhochtúireacht Chomhoibritheach an Bhoird Taighde Sláinte faoi cheannas an Ollaimh Susan Smith, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, trína maoinítear clár dar teideal Ilghalrachtaí casta a bhainistiú i gcúram príomhúil: clár oiliúna dochtúireachta ildisciplíneach. Áirítear leis an gclár sin comhoibriú le HIQA chun meastóireacht a dhéanamh ar na costais a bhaineann le treoirlínte cliniciúla a chomhlíonadh a bhfuil feidhm acu ar othair ag a bhfuil ilgalrachtaí casta agus ar a gcúramóirí, réimse nach bhfuil mórán taighde déanta air go dtí seo.

## HRB-CICER – Fianaise do Bheartas

Bunaíodh ár bhFoireann um Fhianaise do Bheartas (EfP) in 2018 tar éis iarratas a fháil ón Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (NPSO) sa Roinn Sláinte. Tá an Fhoireann EfP freagrach as feidhmiú éifeachtach clár sintéisithe fianaise chun taighde ardcháilíochta a sholáthar chun tacú le forbairt beartas ag an Roinn Sláinte agus tá sí maoinithe trí shíneadh an chomhaontaithe deontais ag an mBord Taighde Sláinte do HRB-CICER.

### *Athbhreithniú fianaise ar shainseirbhísí cairdiacha*

Is ionann an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha agus athbhreithniú faoi chathaoirleach neamhspleách ar sheirbhísí cairdiacha cliniciúla náisiúnta in Éirinn arna chur ar bun ag an Aire Sláinte. Leis an athbhreithniú molfar go gcumrófaí ar bhonn optamach sainseirbhís chairdiach náisiúnta d’aosaigh in Éirinn, lena bhféachtar le torthaí optamacha a bhaint amach d’othair ar leibhéal daonra agus béim ar leith ar shábháilteacht, ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht na seirbhísí a thugtar d’othair. Le linn 2019, rinneamar athbhreithniú fianaise chun an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Shainseirbhísí Cairdiacha a threorú.

Ba iad na trí phríomhchuspóir leis an athbhreithniú fianaise:

1. samhlacha reatha de shainlíonraí cairdiacha a shainaithint agus a thuairisciú dírithe ar chóireáil phráinneach othar a chuirtear i láthair le taomanna croí tromchúiseacha. Tá taomanna croí tromchúiseacha ina dtoradh ar bhac sna hartairí a sholáthraíonn fuil chuig matán an chroí. Meastar gur éigeandáil mhíochaine iad agus déantar iad a chóireáil trí dhruga a bhriseann an téachtán (trombalú) a úsáid nó trí shreang treorach a ionsá san artaire agus an soitheach a oscailt agus balún á úsáid chun ligean don fhuil rith chuig matán an chroí arís. Tugtar idirghabháil chorónach thréchraicneach phríomhúil (PCI) air sin, agus déantar í in ospidéal ina bhfuil saotharlann um chaitaitéarú éigeandála.

2. dea-chleachtas idirnáisiúnta a shainaithint do lárionaid a sholáthraíonn PCI d'fhonn taomanna croí tromchúiseacha a chóireáil agus chun an fhianaise a imscrúdú lena gcuirtear taca faoi na critéir sin.

3. fianaise a shainaithint ar shábháilteacht agus ar éifeachtacht straitéisí le haghaidh taomanna croí tromchúiseacha a bhainistiú lena n-áirítear cineálacha cur chuige príomhúla um PCI agus trombalú i lárionaid gan aon chumas PCI.

Seolfaidh an Roinn Sláinte an tAthbhreithniú Náisiúnta in 2020.

### *An t-ualach eacnamaíoch a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach sa chóras géarchúram poiblí in Éirinn*

Sainmhínítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) mar an cumas atá ag miocrorgánach cosc a chur ar ábhar frithmhiocróbach ar oibriú ina choinne. Is imní sláinte phoiblí dhomhanda é AMR; de réir mar a éiríonn cóireálacha caighdeánacha le hábhair fhrithmhiocróbacha neamhéifeachtach, maireann ionfhabhtuithe agus leathnaítear iad, agus méadaítear galracht agus básmhaireacht mar thoradh air sin. Le rátaí AMR atá ag méadú, beidh sé níos deacra agus níos costasaí ionfhabhtuithe a rialú agus a chóireáil, agus cuirfear ualach suntasach ar an tsochaí.

In 2019, thosaíomar staidéar chun an t-ualach eacnamaíoch a mheas a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) sa chóras géarchúraim phoiblí in Éirinn. Tá an staidéar costála sin á dhéanamh chun gníomhaíochtaí liostaithe a chomhlíonadh atá ailínithe le Cuspóir Straitéiseach 5 de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (2017-2020). Le fianaise eacnamaíoch ar an gcostas reatha a bhaineann le AMR d'fhéadfaí cinntí infheistíochta a threorú agus úsáid réiteach costéifeachtach ar bhonn fianaise molta a chur chun cinn, agus méadracht a sholáthar a bhféadfaí in ann iad a thomhas ina coinne, ar na dúshláin atá os ár gcomhair mar thoradh ar AMR.

Tá treoir agus ionchur saineolaíoch á soláthar don tionscadal ag Sainghrúpa Comhairleach lena gcuimsítear páirtithe leasmhara ionadaíocha. Cuirfear an tuarascáil ar fáil don Aire Sláinte mar chomhairle in 2020.

## Faisnéis Sláinte

Tá sláinte agus cúram sóisialta dian ar fhaisnéis agus gineann siad méideanna ollmhóra gach lá. Tá sé tábhachtach go mbainistítear faisnéis mar sin ar an dóigh is éifeachtaí agus is féidir d'fhonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta atá ar ardchaighdeán, agus sábháilte a chinntiú.

Baintear úsáid as faisnéis sláinte chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: sláinte agus cúram sóisialta a fheabhsú, cinnteoireacht a threorú, monatóireacht a dhéanamh ar ghalair, seirbhísí a eagrú, ceapadh beartas a threorú, taighde ardcháilíocht a

dhéanamh agus pleanáil a dhéanamh maidir le riachtanais sláinte agus cúraim shóisialta sa todhchaí, ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Is bunriachtanas é faisnéis sláinte ardcháilíochta le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sheachadadh agus le haghaidh cinntí maidir le pleanáil cúraim sláinte a dhéanamh.

Cé go bhfuil roinnt samplaí de dhea-chleachtas ann cheana féin in Éirinn, tá bearnaí suntasacha ann freisin, mar aon le stórtha faisnéise agus dúbláil i dtírdhreach faisnéis sláinte na tíre. Is é aidhm na hoibre dár gcuid tabhairt faoi na dúshláin sin.

### *Moltaí a fhorbairt maidir le samhail toilithe le haghaidh faisnéis sláinte agus cúraim shóisialta a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt in Éirinn*

Le linn 2019, thosaíomar ar mholtaí a fhorbairt maidir le samhail le haghaidh faisnéis sláinte agus cúraim shóisialta a bhailiú, a úsáid agus a chomhroinnt in Éirinn.

Rinneamar athbhreithniú chun dea-chleachtas idirnáisiúnta a shainaithint, thugamar athbhreithniú deisce chun críche agus rinneamar teagmháil le saineolaithe i roinnt tíortha d'fhonn an fhaisnéis is déanaí a bhailiú. Áirítear le príomhthéamaí a tháinig as an athbhreithniú idirnáisiúnta:

- toiliú
- rialachas faisnéise
- iontaoibh agus rannpháirtíocht an phobail
- gairmithe cúraim sláinte a fhostú
- reachtaíocht
- ullmhúchán le haghaidh teicneolaíochtaí nua.

Leanaimid le caidreamh fiúntach le príomhpháirtithe leasmhara amhail an Roinn Sláinte agus FSS i dtaca leis an tionscadal sin. Tionóladh grúpa comhairleach de phríomhpháirtithe leasmhara, amhail othair, gairmithe cúraim sláinte agus bailiúcháin náisiúnta sonraí sláinte agus cúraim shóisialta, chun tacú le forbairt na moltaí. Eagraíodh an chéad chruinniú den Ghrúpa Comhairleach i Samhain 2019. Déanfaimid comhairliúchán poiblí a thionól maidir leis na moltaí sin in 2020.

### *Caighdeán Náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise le haghaidh Ríomhordú oideas pobalbhunaithe*

Féadtar tairbhí suntasacha a sholáthar le ríomhordú oideas d'othair, d'oideasóirí, do chógaiseoirí agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas. Go sonrach, féadtar sábháilteacht othar a fheabhsú le Ríomhordú oideas, mar shampla trí earráidí a laghdú maidir le bréagaithne, dáileog mhícheart, cógas mícheart agus idirghníomhú díobhálach drugaí. Féadtar líon na n-idirghabhálacha ó chógaiseoirí a laghdú leis freisin ar bhonn suntasach. Ina theannta sin, baineann costas níos lú le Ríomhordú oideas agus glactar níos lú ama leis ná próiseáil na hoidis chéanna

de láimh. D'fhoilsíomar Caighdeán náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise le haghaidh Ríomhordú oideas pobalbhunaithe, lena sainítear na riachtanais faisnéise a theastaíonn le haghaidh Ríomhordú agus dáileadh oideas pobalbhunaithe a chur i bhfeidhm in Éirinn. D'fhaomh an tAire Sláinte é in Aibreán 2019.

### *Modúil foghlama digití a fhorbairt maidir le cáilíocht sonraí a fheabhsú do shláinte agus do chúram sóisialta*

Is féidir sonraí ardcháilíochta a úsáid le haghaidh na nithe seo a leanas: cinnteoireacht a threorú, easnaimh a shainaithint, tús áite a thabhairt do thionscnaimh, monatóireacht a dhéanamh ar ghalair, seirbhísí a eagrú, tacú le ceapadh beartas, taighde ar cháilíocht a dhéanamh, iarmhairtí a mheasúnú agus pleanáil a dhéanamh do riachtanais sláinte agus cúraim shóisialta sa todhchaí, ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.

Le linn 2019, d'fhoilsíomar dhá mhodúl foghlama digití chun tacú le treoir HIQA maidir le creat cáilíochta sonraí do shláinte agus do chúram sóisialta. Leis na modúil sin tugtar an tábhacht chun suntais a bhaineann le cáilíocht sonraí agus faisnéise do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta uile.

Tá an chéad mhodúl — dar teideal 'Réamheolas ar cháilíocht sonraí' — dírithe ar na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta uile. Is cúrsa 20 nóiméad é lena dtugtar réamheolas don fhoghlaimeoir ar an gcoincheap maidir le cáilíocht sonraí agus faisnéise, agus tugtar an tábhacht chun suntais leis a bhaineann le sonraí agus faisnéis ardcháilíochta a bhailiú agus a úsáid mar chuid den phróiseas cúraim sláinte agus cúraim shóisialta shábháilte agus éifeachtach a sholáthar. Cuirtear an tábhacht a bhaineann le cáilíocht sonraí agus faisnéise i láthair laistigh den mhodúl sin ó dhearcadh cliniceora agus urlabhraí othair.

Is uirlis foghlama níos mionsonraithe an dara modúl — dara teideal 'Creat cáilíochta sonraí a fhorbairt laistigh de shláinte agus cúram sóisialta — atá dírithe ar eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta a mbaineann a sainchúram le bailiú, próiseáil, úsáid nó léirmhíniú sonraí nó faisnéise, agus a bhfuil freagracht acu as cáilíocht na sonraí nó na faisnéise sin a chinntiú. Leis an modúl sin sonraítear na céimeanna is féidir le heagraíochtaí a ghlacadh chun creat cáilíochta sonraí a fhorbairt d'fhonn tacú leo cáilíocht a sonraí agus a bhfaisnéise a mheasúnú agus a fheabhsú. Sa mhodúl sin comhroinneann an Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil (NOCA) agus foireann na Scéime Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha (HIPE) laistigh den Oifig Praghsála Cúram Sláinte (HPO) a dtaithí ar chreat cáilíochta sonraí HIQA a chur i bhfeidhm.

### *Ríomhsheirbhísí sláinte - taifid achoimre othar*

Tá clár oibre curtha chun feidhme ag HIQA chun pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh chun achoimre othar leictreonach náisiúnta a thabhairt isteach in Éirinn. Áirítear leis sin an Caighdeán Náisiúnta maidir le riachtanais faisnéise d'achoimre othar leictreonach náisiúnta, a foilsíodh in Eanáir 2019 agus a d'fhaomh an tAire Sláinte in Aibreán 2019. Leis an gCaighdeán Náisiúnta sin sainítear na riachtanais

faisnéise a theastaíonn le haghaidh achoimre othar leictreonach chun críocha cúram neamhsceidealaithe, mar shampla, cúram éigeandála nó cúram lasmuigh de ghnáthuaireanta. Le plean feidhmithe Sláintecare tugtar tús áite do dhearadh agus do chur i bhfeidhm céimneach raon seirbhísí teicneolaíochta faisnéise príomhúla agus pobalbhunaithe, lena n-áirítear taifid achoimre othar.

Tar éis sheoladh an Chaighdeáin Náisiúnta, thosaíomar ar mholtaí a fhorbairt maidir le hachoimre othar leictreonach náisiúnta a chur i bhfeidhm in Éirinn. Chuireamar torthaí i láthair ó athbhreithniú ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le hachoimrí othar leictreonacha a chur i bhfeidhm do Ghrúpa Comhairleach arna thionól go speisialta i mí Iúil.

Tar éis aiseolas a fháil ón gcéad chruinniú den Ghrúpa Comhairleach, leathnaíodh raon feidhme na moltaí chun na nithe a leanas a chur san áireamh:

- athbhreithniú 'mar atá' ar thírdhreach Ríomhsheirbhísí sláinte na hÉireann
- agus tacar ábhar le haghaidh foghlama lena n-áirítear ábhair oideachasúla maidir le príomhthéarmaí. Leanfar leis an tionscadal in 2020.

Ina theannta sin, tá athbhreithniú ar dhea-chleachtas á dhéanamh againn faoi láthair maidir le forbairtí agus treochtaí i Ríomhsheirbhísí sláinte. D'fhéachamar ar thionscnaimh arna ndéanamh ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ag an Aontas Eorpach agus ar thionscnaimh a rinneadh i dtíortha amhail an Danmhairg, Albain, Sasana, an Fhrainc, an Eastóin agus an Nua-Shéalainn. Déanfar ár n-obair sa todhchaí a threorú leis na torthaí ón athbhreithniú.

### *Clár athbhreithnithe ar bhailiúcháin sonraí náisiúnta*

Tá clár athbhreithnithe struchtúrtha á dhéanamh ag HIQA faoi láthair d'fhonn comhlíonadh caighdeán bainistíochta sonraí a mheasúnú maidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí in Éirinn. Is é aidhm an chláir sin cleachtais um bainistíocht sonraí a fheabhsú trí chomhlíonadh na gcaighdeán a mheasúnú i mbailiúcháin sonraí náisiúnta aonair. Ar deireadh, dearadh an clár athbhreithnithe chun feabhsuithe a spreagadh trí réimsí dea-chleachtais a shainaithint ar fud na mbailiúchán náisiúnta sonraí chomh maith le réimsí ina bhfuil gá le feabhsuithe.

In 2019, d'fhoilsíomar athbhreithnithe ar bhainistíocht faisnéise maidir leis na nithe seo a leanas:

- Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) FSS
- agus córas Tuairiscithe Ríomhairithe ar Ghalair Thógálacha (CIDR) FSS.

### PCRS

Tá an PCRS freagrach as gairmithe cúraim sláinte a aisíoc as na seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a sholáthraíonn siad don phobal faoi scéimeanna sláinte náisiúnta éagsúla, lena n-áirítear Scéim na Seirbhísí Ginearálta Míochaine (GMS). Sa bhreis air sin, tríd an bhfeidhm incháilitheachta dá chuid, próiseálann an PCRS gach

iarratas ar chártaí míochaine agus ar chártaí um chuairteanna dochtúra. Is bailiúchán sonraí náisiúnta thar a bheith luachmhar an PCRS. Mar shampla, tá an stór sonraí náisiúnta is cuimsithí faoi oideas ag PCRS mar aon leis an bhfoinse sonraí is mó le haghaidh nochtadh ar dhrugaí a thomhas i bpobail shonracha in Éirinn.

Rinneamar ocht moladh chun cleachtais um bainistíocht faisnéise a fheabhsú sa PRCS. Sainaithníodh roinnt réimsí dea-chleachtais san athbhreithniú dár gcuid maidir le bainistíocht faisnéise. Sainaithníodh príomhréimsí le haghaidh feabhsaithe freisin, áfach, maidir leis an ngá le fócas níos straitéisí ar bhainistíocht faisnéise ar fud na heagraíochta iomláine agus, go háirithe, na sonraí agus na faisnéise saibhre atá i seilbh PCRS a úsáid agus scaipeadh ar bhealach níos fearr. Fuarthas amach leis an athbhreithniú freisin cé go bhfuil socruithe rialachais soiléire i bhfeidhm ar an leibhéal oibriúcháin maidir le bainistíocht faisnéise laistigh den PCRS, tá cur chuige is lú struchtúr i bhfeidhm i dtéarma an dóigh a ndéantar bainistíocht faisnéise a phlé, a phleanáil agus a bhainistiú ar bhonn straitéiseach ar fud na heagraíochta. Bhí easpa soiléire ann maidir le róil shainiúla agus freagrachtaí sainiúla maidir le gnéithe na bainistíochta faisnéise, lenar áiríodh moltaí a chur i bhfeidhm ó iniúchtaí nó conas is féidir sonraí a ghineann an PCRS a úsáid go héifeachtach chun an tseirbhís a fheabhsú.

## CIDR

Is ionann CIDR agus córas náisiúnta na hÉireann maidir le faireachas ar ghalair thógálacha infhógartha.  Tá 260 úsáideoir CIDR i saotharlanna cliniciúla, i ranna sláinte poiblí agus san Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) atá ag brath ar CIDR chun cásanna a fhógair i dtaca le 78 galar tógálach éagsúil. Úsáideann ranna sláinte poiblí CIDR chun cásanna aonair de ghalair thógálacha a mhonatóiriú agus chun sonraí a thaifeadadh lena n-áirítear an phataigin ghaolmhar, na siomptóim chliniciúla, an chóireáil agus an toradh. Déanann siad monatóireacht freisin maidir le ráigeanna nó braislí neamhghnácha galar ionas go mbeidh siad in ann bearta iomchuí a dhéanamh chun leathnú breise an ghalair a chosc. Déanann an HPSC, mar eagraíocht bhainistíochta don chóras CIDR, monatóireacht ar theagmhas náisiúnta galar tógálach agus tugann sé comhairle don tseirbhís sláinte, don rialtas agus don phobal maidir leis na bearta iomchuí ba bheart a ghlacadh le aghaidh cosaint ar bhagairtí a thagann chun cinn.

Le hathbhreithniú HIQA, tugadh dea-chleachtas chun suntais maidir le slándáil faisnéise agus rialachas faisnéise. Rinneamar ocht moladh, áfach, chun bailiú sonraí a fheabhsú, lenar áiríodh an gá le feabhsú na socruithe rialachais reatha agus an riachtanas le straitéis uileghabhálach maidir le bainistíocht faisnéise ar fud na seirbhíse sláinte poiblí. Ba chuí go ndearnadh an t-athbhreithniú ag an am sin mar tharla sé ag an am céanna le pleananna le haghaidh athstruchtúrú mór ar sheirbhísí sláinte poiblí in Éirinn.

### *Clár athbhreithnithe ar Ríomhsheirbhísí sláinte*

In 2019, thosaigh HIQA ar chlár athbhreithnithe d'fhonn Ríomhsheirbhísí sláinte náisiúnta a mheasúnú i gcoinne caighdeáin náisiúnta.

Leis an gclár déanfar measúnú ar chomhlíontacht Ríomhsheirbhísí sláinte laistigh de FSS maidir le Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Níos Sábhailte agus Níos Fearr. Is é aidhm an chláir athbhreithnithe feabhsuithe ar cháilíocht a spreagadh trí réimsí dea-chleachtais a shainaithint mar aon le réimsí ina bhfuil feabhsuithe riachtanach ar fud Ríomhsheirbhísí sláinte, agus ar deireadh cuirfidh siad le seachadadh cúraim shábháilte agus iontaofa d'othair.

Déantar méid suntasach sonraí faoi othair a chomhroinnt go leictreonach in Éirinn agus Ríomhsheirbhísí sláinte á n-úsáid—lena n-áirítear atreoruithe leictreonacha, tarchur leictreonach torthaí saotharlainne agus tuarascálacha raideolaíochta agus achoimrí leictreonacha maidir le scaoileadh amach.

Sainmhínítear Ríomhsheirbhís sláinte mar an teicneolaíocht, na daoine agus na próisis lena ndéantar comhroinnt faisnéise leictreonaí faoi othair a éascú idir seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta ar fud eagraíochtaí nó suíomhanna cúraim. Leis an athbhreithniú tá measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht maidir leis na caighdeáin náisiúnta faoi na téamaí cúraim dírithe ar an duine, ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht, úsáid faisnéise, rialachas faisnéise agus an lucht saothair.

Go dtí seo, tá modheolaíocht láidir forbartha againn chun HIQA a chumasú chun athbhreithnithe a dhéanamh. Áirítear leis an modheolaíocht sin creat lena gcuirtear measúnú comhsheasmhach agus breithiúnas ar bhonn fianaise chun cinn trí phróisis chaighdeánaithe a úsáid. Chuir HIQA measúnacht tionchair ar phríobháideachas, agus d'fhorbair sé próiseas tosaíochta maidir le Ríomhsheirbhísí sláinte. Tá sé á bheartú ag HIQA caidreamh a bhunú le soláthraithe seirbhíse agus cuidiú leo feabhsuithe a chur chun cinn sa réimse sin agus tá doiciméad treorach ina sonraítear na príomhchéimeanna a bhaineann le hathbhreithniú ar fáil ar www.hiqa.ie.

Tugadh tús áite don tSeirbhís Náisiúnta um Atreoruithe Leictreonacha den chéad uair mar seoltar níos mó ná 30% de na hatreoruithe uile ó dhochtúirí ginearálta (GPanna) chuig ranna othar cónaitheach ospidéal go leictreonach. Foilseofar an t-athbhreithniú in 2020.

## Lámhleabhar na Rialachán

In 2019, d'fhoilsíomar Lámhleabhar Rialachán do sholáthraithe cláraithe agus don fhoireann a oibríonn i lárionaid ainmnithe. Sa lámhleabhar soláthraítear forbhreathnú maidir le cona a dhéanaimid rialáil d'fhonn daoine leochaileacha a chónaíonn i gcúram cónaitheach a chumhdach. Mínítear ann an reachtaíocht leis atá taobh thiar dár gcumhachtaí rialála agus sonraítear ár bpróisis chlárúcháin, iniúchóireachta agus forfheidhmithe. Cuidíonn sé le soláthraithe na lárionad ainmnithe an ról agus an fhreagracht atá acu a thuiscint ar bhonn níos fearr. Seoladh an lámhleabhar chuig gach lárionad ainmnithe ar fud na tíre, agus tá súil againn go gcuirfear ar chumas na soláthraithe leis daoine leochaileacha a úsáideann seirbhísí a chumhdach agus gach gné de cháilíocht a mbeatha a fheabhsú.

## Tionscadal LENS

In 2019, dámhadh €250,000 do HIQA mar mhaoiniú ón mBord Taighde Sláinte faoi Dheontas an Tionscadail um Anailís ar Shonraí Tánaisteacha.

I gcomhar le Cigireacht Sláinte & Óige na hÍsiltíre, chuireamar iarratas isteach chun grinn-anailís a dhéanamh ar fhógraí reachtúla a fhaightear ó sheirbhísí cúraim shóisialta in Éirinn.

Faigheann HIQA níos mó ná 15,000 fógra ó sheirbhísí cúraim shóisialta gach bliain, rud a sholáthraíonn foinse shaibhir sonraí faoi cháilíocht agus faoi shábháilteacht na seirbhísí sin. Ag tosú in 2020, leis an taighde sin cuideofar linn cinntí níos fearr a dhéanamh maidir le seirbhísí rialaithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- forbhreathnú a sholáthar ar fhógraí ar an leibhéal náisiúnta
- spriocanna a shainaithint maidir le tionscnaimh fheabhsaithe cáilíochta agus sábháilteachta
- úsáid agus anailísí níos leithne sonraí faoi fhógraí a éascú
- dea-chleachtas a chomhroinnt agus teagmhais dhiúltacha á láimhseáil
- éifeachtachtaí a chruthú maidir le fógraí i dtaca le tuairisciú agus rátáil riosca
- ord tosaíochta maidir le fógraí a threorú i gcleachtas agus i mbeartas.

# 4.4 Measúnú Neamhspleách



# *4.4 Measúnú Neamhspleách*
# *Foinse faisnéise iontaofa a sholáthar don phobal*

Tá HIQA tiomanta d'fhoinse faisnéise iontaofa a sholáthar don phobal. Foilsímid na torthaí, na tuarascálacha agus na moltaí uile dár gcuid ar bhonn tráthúil. Is é ár n-aidhm freisin iontaoibh an phobail a chothú trí theagmháil a dhéanamh le daoine a úsáideann seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta, leis an bpobal i gcoitinne, agus leis an bhfoireann a oibríonn i seirbhísí nó a bhainistíonn iad. Déanaimid sin trí chomhairliúcháin phoiblí agus fócasghrúpaí a eagrú, trí ghrúpaí comhairleacha a chur ar bun, agus trí bhuaileadh le daoine a bhfuil eispéireas acu ar chúram. Is gné ríthábhachtach é sin chun ár gcuid oibre a threorú. Tá ionchur agus aiseolas ón bpobal ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéanfar ár gcuid oibre a threorú le taithí phearsanta ar bheith ag obair i seirbhísí agus ar iad a rochtain, agus leis an bhfianaise agus litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr atá ar fáil freisin.

Freastalaímid ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí freisin d'fhonn ár gcuid oibre a chomhroinnt le comhlachtaí comhpháirtíochta agus le páirtithe leasmhara a bhfuil spéis acu inti, agus glacaimid páirt i gcomhairliúcháin arna n-eagrú ag comhlachtaí eile.

## Comhairliúcháin phoiblí

D'fhonn ár gcuid oibre a threorú in 2019, rinneamar na ceithre chomhairliúchán phoiblí seo a leanas a eagrú:

- Comhairliúchán Scóipe d'fhonn forbairt na nDréacht-Chaighdeán Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Sóisialta do Leanaí a threorú
- Dréacht-treoir maidir le Cur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i dtaca le Cúram agus Tacaíocht i Láithreacha Cúraim Shóisialta
- Dréacht-HTA maidir le clár PrEP
- Dréacht-HTA maidir le tástáil ag pointe an chúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch d'fhonn oideasú in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a threorú.

Thugamar cuireadh don phobal, do dhaoine a bhfuil taithí acu ar na seirbhísí a úsáid, dá dteaghlaigh, don fhoireann a oibríonn i seirbhísí, d'urlabhraithe, do thaighdeoirí agus don lucht ceaptha beartas chun aiseolas a sholáthar dúinn maidir leis ár gcuid oibre sna réimsí sin. As na ceithre chomhairliúchán a eagraíodh in 2019, fuaireamar 202 freagra ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí.

## Caidreamh le cónaitheoirí i seirbhísí cúraim shóisialta

Is gné thábhachtach de gach iniúchadh é go mbeidh cigirí in ann buaileadh le cónaitheoirí agus tréimhse ama a chaitheamh leo, agus meas á thabhairt do roghanna, cearta agus riachtanais aonair gach duine.

Thar chúrsa 2019, bhuaileamar le líon mór cónaitheoirí a chónaíonn i lárionaid ainmnithe, agus le leanaí a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí sóisialta ar fud na tíre. Chaith ár gcigirí tamall ag éisteacht le cónaitheoirí agus le leanaí agus ag breathnú ar a saol.

D'inis mórchuid na gcónaitheoirí agus na leanaí do chigirí go raibh siad sásta ina mbaile agus gur mhothaigh siad sábháilte.

### *Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais*

I lárionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumais, d'inis cónaitheoirí dúinn go raibh a fhios acu conas gearán nó imní a chur in iúl, agus gur mhothaigh siad go raibh siad in ann labhairt go réidh le ball foirne ar bith más gá. Chuir roinnt cónaitheoirí a n-imní in iúl, áfach, maidir le fiosrú na ngearán a bhí déanta acu.

D'inis mórchuid na gcónaitheoirí do chigirí gur mhothaigh siad go raibh rogha agus smacht acu maidir lena ngníomhaíochtaí laethúla agus gur thacaigh an fhoireann leo de réir a gcuid riachtanas agus mianta.Fuair na cigirí amach, áfach, nach raibh an rogha chéanna ag cónaitheoirí a bhí ina gcónaí i láithreacha comhchónaithe agus a bhí ag daoine atá ina gcónaí sa phobal agus go minic bhí fócas a lae dírithe ar ghníomhaíochtaí sa champas. I go leor cásanna, bhí teorainn bhreise ar na gníomhaíochtaí sin trí easpa foirne chun tacú le cónaitheoirí.

Bhain na cónaitheoirí sult as a insint do na cigirí agus as a thaispeáint dóibh conas ba mhaith leo a gcuid ama a chaitheamh nó na gníomhaíochtaí nó daoine a bhí de thábhacht áirithe dóibh. Go minic insíodh siad do na cigirí faoin tacaíocht a fuair siad ón bhfoireann, an dúil a bhí acu sna baill foirne a bhí ag obair leo agus a raibh aithne acu orthu. Dúirt na cónaitheoirí go raibh siad compordach ag labhairt leis an bhfoireann faoi rud ar bith a bhí ag cur isteach orthu. Shíl roinnt cónaitheoirí go bhféadfadh rudaí a bheith níos fearr dá mbeadh níos mó baill foirne sna lárionaid.

Dúirt a lán cónaitheoirí a bhí ina gcónaí sa phobal go raibh scileanna maireachtála neamhspleáiche forbartha acu nó go raibh tacaíocht á fáil acu chun tabhairt faoi thascanna amhail cócaireacht, glanadh agus tascanna níocháin. Tá codarsnacht ann maidir leis sin agus daoine a chónaíonn i láithreacha comhchónaithe, i gcás go bhfuair cigirí nach raibh cónaitheoirí rannpháirteach ina gcuid gnáthamh maireachtála laethúil nó nach bhfuair siad tacaíocht le bheith rannpháirteach.

Chuir cónaitheoirí i roinnt láithreacha comhchónaithe a n-imní in iúl maidir leis an moill ar aistriú go seirbhísí bunaithe sa phobal. D'inis roinnt cónaitheoirí do chigirí gur stop siad le páirt a ghlacadh i gcruinnithe abhcóideachta mar nach raibh aon dul chun cinn á dhéanamh.

Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le buaileadh le daoine faoi mhíchumais taobh amuigh de phróiseas an iniúchta chun éisteacht lena dtuairimí maidir le hobair na gcigirí.

In 2019, tugadh cuireadh do chigirí chun freastal ar 18 gcruinniú le cónaitheoirí ar fud na tíre. D'fhreastail na cigirí ar na cruinnithe mar aíonna agus chuir a n-óstaigh fáilte rompu. D'éist na cigirí lena raibh le rá ag cónaitheoirí faoina n-eispéiris maidir le hiniúchtaí. D'inis na cónaitheoirí do chigirí faoi ghnéithe na seirbhíse dá gcuid ba thábhachtaí leo agus na nithe ba cheart do chigirí a bheith ag fiosrú nuair a thugann siad cuairt ar lárionaid, dar leo.

Rinneamar athbhreithniú ar an bhfaisnéis a thug na cónaitheoirí dúinn agus seolfaimid achoimre ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ar ais chuig gach grúpa cónaitheoirí. Rinneamar tiomantas freisin dár bplean féin a fhorbairt bunaithe ar an méid atá curtha in iúl dúinn ag cónaitheoirí d'fhonn an dóigh a ndéanann cigirí a gcuid gníomhaíochta iniúchta a threorú.

Agus rath na rannpháirtíochta in 2019 á thabhairt san áireamh, agus tar éis iarratais a fháil ó grúpaí cónaitheoirí eile, tá sé beartaithe againn an clár a eagrú arís in 2020.

### *Tithe altranais*

In 2019, d'eagraíomar cúig sheisiún réigiúnacha, agus an seans á thairiscint do chónaitheoirí tithe altranais, dá ngaoil agus dá gcairde, agus don phobal i gcoitinne, chun buaileadh le cigirí atá freagrach as tithe altranais a iniúchadh agus chun labhairt faoina n-eispéiris maidir le cúram i dtithe altranais. D'fhreastail níos mó ná 100 duine ar na seisiúin sin, idir chónaitheoirí agus ghaoil, agus léargais luachmhara á soláthar dúinn ar a shaol agus ar an méid atá tábhachtach dóibh.

### *Leanaí*

In 2019, d'oibríomar go dlúth le Hub na nÓg, laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, chun clár oiliúna a fhorbairt agus an tSamhail Lundy do chigirí maidir le guth leanaí á húsáid - ag díriú ar Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL).

Ina dhiaidh sin bhain cigirí úsáid as Samhail Lundy na Rannpháirtíochta agus na huirlisí agus modheolaíochtaí rannpháirteacha le linn iniúchtaí chun guth na leanaí a ghabháil lena mbuaileann siad le linn iniúchtaí ar chúram altrama, i lárionaid chónaitheacha do leanaí, agus i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## Caidreamh le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta

### *Tithe altranais*

D'eagraíomar sraith cruinnithe réigiúnacha le soláthraithe cláraithe tithe altranais le linn 2019.

D'fhreastail níos mó ná 500 duine ar na cúig sheisiún réigiúnacha, idir sholáthraithe agus dhaoine atá i gceannas ar thithe altranais. Sna seisiúin sin tugadh an deis dúinn faisnéis a chomhroinnt maidir leis na hiniúchtaí téamacha agus do bhaill foirne ó naoi dteach altranais eiseamláirí de dhea-chleachtas a chur i láthair maidir le cúram a sholáthar i dtithe altranais.

I measc na bpáirtithe leasmhara eile a raibh teagmháil againn leo le linn 2019 bhí:

- Sage

- Nursing Homes Ireland
- Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
- Cumann na hÉireann um Madraí Treorach
- An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

### *Seirbhísí Míchumais*

Rinneamar ceithre sheó bhóthair a thionól in 2019, agus bhí níos mó ná 500 duine i láthair, idir sholáthraithe agus bhainisteoirí, ó lárionaid do dhaoine faoi mhíchumais. Ag na himeachtaí sin labhraíomar faoi conas is féidir rialáil a úsáid chun cearta agus dínit a fheabhsú do chónaitheoirí a chónaíonn i lárionaid ainmnithe, agus conas is féidir feabhsuithe ar chearta agus ar roghanna do chónaitheoirí bheith ina dtoradh ar shocruithe dea-rialachais.

Sa bhreis air sin, rinneamar trí chruinniú fóraim a thionól d'ionadaithe na soláthraithe le linn 2019 agus ionadaíocht i láthair ag na cruinnithe sin ó Chónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha, ó Chónaidhm na hÉireann um Míchumas, ó Chumann na nGnólachtaí Seachbhrabúsacha agus ó FSS ina cáil mar sholáthraí seirbhíse dírí. Soláthraíodh deis luachmhar leis an gcruinniú sin le haghaidh faisnéis a mhalartú idir an rialaitheoir agus ionadaithe na soláthraithe náisiúnta.

### *Cúram sláinte*

Le linn 2019, chuir HIQA clár cuimsitheach i gcrích de theagmháil le páirtithe leasmhara chun tacú le rialáil ar radaíocht ianúcháin. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara bhí an Roinn Sláinte, FSS, ospidéil phríobháideacha agus Comhlachas Fiaclóireachta na hÉireann.

D'eagraíomar ocht seisiún rannpháirtíochta do 450 gnóthas ar fud na tíre i Meitheamh 2019 freisin. Rinneamar caidreamh rialta agus oibriú comhoibritheach a choimeád leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), a dhéanann nochtadh ar radaíocht ianúcháin neamh-othair a rialáil.

Le linn 2019, thug HIQA faoi roinnt cleachtais rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara sainiúla chun cuidiú le forbairt ár gcuid oibre agus chun cuidiú le soláthraithe na caighdeáin náisiúnta a chomhlíonadh. Áiríodh leis na cleachtais sin:

- caidreamh leanúnach le grúpa comhairleach um sheirbhísí máithreachais HIQA chun tacú leis an gclár monatóireachta sin.
- caidreamh seachtrach le príomhchomhlachtaí náisiúnta chun athbhreithniú a chur i gcrích ar sheirbhísí máithreachais, lena n-áirítear Clár Náisiúnta FSS um Mhná agus Naíonán, Lucht Bainistíochta Sinsearaí FSS, agus Ard-Stiúrthóir FSS.
- láithreacht leanúnach mar bhreathnóir ag Grúpa Comhairleach Cliniciúil um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Ionfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte de chuid RCSI/RCPI.
- dhá seisiún rannpháirtíochta páirtithe leasmhara le soláthraithe seirbhísí athshlánaithe agus cúraim sláinte pobail d'othair chónaitheacha (ceann amháin i gCorcaigh agus ceann amháin i mBaile Átha Cliath).

## An tOireachtas

Ar an 13 Feabhra 2019, labhair HIQA leis an gComhchoiste um Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le foireann Tusla a earcú agus a choinneáil. Sa ráiteas tosaigh dá chuid, d'athdhearbhaigh HIQA na torthaí ó thuarascálacha iniúchta iolracha, lenar áiríodh torthaí an imscrúdaithe dá chuid ar bhainistíocht atreoruithe gearán ag Tusla i gcoinne aosach a bhí ina n-údar imní maidir le mí-úsáid ghnéis ar leanaí, nach raibh Tusla in ann líon imleor d'oibrithe sóisialta a earcú ag a raibh an meascán ceart scileanna chun a chlár oibre a chur chun feidhme.

Cé gur aithin HIQA go raibh easpa oibrithe sóisialta cáilithe ina fadhb do Tusla, sainaithníodh san imscrúdú in 2018 nach raibh aon chur chuige cuimsitheach, straitéiseach i bhfeidhm maidir le pleanáil an lucht saothair a bhí treoraithe ag fírinne an mhargaidh fostaíochta reatha, agus nach raibh mórán fianaise le taispeáint go raibh athbhreithniú ar phróisis agus ar riachtanais reatha, nó go go bhfuil nó go raibh aon mhachnamh á dhéanamh ar dhisciplíní cúraim shóisialta eile a uas-sciliú ar siúl ar bhonn foirmiúil.

Dhíríomar aird ar an ngá do Tusla cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le pleanáil an lucht saothair, mar ní bheadh sé in ann a bheith ag brath go leanúnach ar ghanntanais foirne athfhillteacha mar an chúis uathoibríoch le mainneachtain i seirbhísí éifeachtacha agus sábháilte a sheachadadh do leanaí agus do theaghlaigh.

## Measúnú ar theicneolaíocht na sláinte

### *Líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta*

In 2019, shíníomar meamram tuisceana (MoU) idir comhlachtaí náisiúnta um measúnú teicneolaíochta sláinte (HTA) in Albain, sa Bhreatain Bheag agus in Éirinn.

Leis an MT bunaíodh cur chuige comhoibritheach maidir le teicneolaíochtaí sláinte nua a shainaithint agus a mheasúnú idir HIQA, FSS, Technoleg Iechyd Cymru (Health Technology Wales) agus Grúpa Teicneolaíochta Sláinte na hAlban (Scottish Health Technology Group).

Tá HIQA ina bhall de Mheasúnú Idirnáisiúnta Teicneolaíocht Sláinte (HTAi) agus de Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú Teicneolaíocht Sláinte (INAHTA). Leis an gcomhoibriú sin is féidir linn taighde a chomhroinnt agus comhoibriú ar athbhreithnithe fianaise ar theicneolaíochtaí sláinte agus iad a tháirgeadh go comhpháirteach.

Tá HIQA ainmnithe ag an Roinn Sláinte chun ionadaíocht a dhéanamh ar son hÉireann ag an Líonra Eorpach um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte (EUnetHA) ó 2008.Is comhoibriú é EUnetHTA de níos mó ná 80 eagraíocht HTA ó gach ceann de 28 mballstát an AE, ón Iorua agus ón Eilvéis. Tá sé mar aidhm aige comhoibriú éifeachtach agus inbhuanaithe HTA a bhaint amach lena gcruthaítear breisluach ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh sraith de Ghníomhaíochtaí

Comhpháirteacha chun comhar idirghníomhaireachta a chothú, chun aschur HTA a fheabhsú agus chun dúbailt iarrachta a sheachaint. Chuir an obair seo bonn eolais freisin faoi bhunú de líonra buan gníomhaireachtaí HTA ar fud na hEorpa.

Tá HIQA ina rannpháirtí gníomhach i gceithre cinn de na pacáistí oibre i dtríú Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2016-2021 de chuid EUnetHTA. Is ball tofa í Stiúrthóir HTA agus Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Dr Máirín Ryan, de Bhord Feidhmiúcháin EUnetHTA.

Le linn 2019, d'oibríomar le EUnetHTA ar roinnt tionscadal, len n-áirítear:

- ceannasaí an ionaid ghníomhaíochta agus príomhúdar maidir le measúnú ar éifeachtacht choibhneasta mear (REA) ar thástáil ag an láthair cúraim le haghaidh próitéin C-imoibríoch chun oideasú antaibheathach i leith ionfhabhtuithe sa chonair riospráide i suíomhanna cúraim phríomhúil a threorú.
- ceardlann do tháscfhórsa EUnetHTA maidir le HTA agus Gairis Mhíochaine.
- téacs agus tacaíocht léirmheasa don doiciméad treorach 'Practical considerations when critically assessing economic evaluations'.
- príomhúdar maidir le nuashonrú na treoirlíne modheolaíochta Comparators & Comparisons: Direct and indirect comparisons.
- príomhúdar maidir le nós imeachta oibriúcháin caighdeánaithe le haghaidh anailís sonraí [i gcomhthéacs measúnaithe ar éifeachtacht choibhneasta].

Chomh maith leis sin, cuirimid le roinnt grúpaí comhairleacha agus líonraí arna reáchtáil ag páirtithe leasmhara. Áirítear leo sin Grúpa Athbhreithnithe Teicneolaíochta an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse, an Coiste Athbhreithnithe Teicneolaíochta um Ghalair Neamhchoitianta, Grúpa Saineolaithe HTA HIQA, Grúpa Stiúrtha SPHeRE, Coiste Rialachais um Thionscadal Sonraí Oscailte Scéimeanna Sláinte Pobail (Cógais) FSS, Grúpa Maoirseachta ar Fheidhmiú de chuid na Roinne Sláinte le haghaidh samhail nua a fhorbairt chun míochaine sláinte poiblí a sheachadadh in Éirinn agus an Grúpa Tagartha Saineolaithe um Channabas Míochaineach.

### *Evidence Synthesis Ireland (Sintéisiú Fianaise Éireann)*

Comhoibríonn an Stiúrthóireacht HTA ar an tionscnamh maidir le Sintéisiú Fianaise Éireann faoi cheannas an Ollaimh Declan Devane, NUIG, a bhfuil sé mar aidhm leis cumais na hÉireann a neartú maidir le sintéisiú fianaise d'fhonn cinnteoireacht sláinte arna treorú le fianaise a chur chun cinn.Tá Sintéisiú Fianaise Éireann á mhaoiniú ag an HRB agus ag an nGníomhaireacht Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann. Tá HIQA ar cheann de na ceithre láithreán socrúcháin ina ndéanfaidh na hiarratasóirí rathúla oiliúint ar athbhreithniú córasach agus ar scileanna sintéisithe faisnéise eile. In 2019, d'oibrigh comhalta ESI le foireann HRB-CICER ar athbhreithniú córasach chun cúram an aosaigh atá ar tí báis a threorú sa treoirlíne um laethanta deiridh an tsaoil.

Tá an Stiúrthóir HTA ina ball den Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta um Shintéisiú Fianaise Éireann.

### *Clár IPPOSI*

Sholáthair HIQA tacaíocht do Chlár Oideachais Othar IPPOSI 2019. Soláthraíonn baill den Ionad Náisiúnta um Chógaseacnamaíocht agus HIQA modúl um measúnú teicneolaíochta sláinte den chlár go comhpháirteach. Freastalaíonn othair agus urlabhraithe othar ar an gclár agus tá sé deartha chun iad a chumasú agus a chumhachtú chun obair éifeachtach a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus údaráis Éireannacha agus ar leibhéal AE.

## An Chomhdháil um an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach

Rinneamar an chéad Chomhdháil um an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar Cónaitheach a thionól i Márta 2019. Bhí téama na comhdhála "Ar an eolas faoina bhfuil tábhachtach duit agus rud éigin a dhéanamh faoi", dírithe ar thionscnaimh fheabhsaithe cáilíochta atá á gcur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Sa chomhdháil díríodh aird ar na torthaí ó na suirbhéanna in 2017 agus in 2018 agus cuireadh an dóigh i láthair ar féidir le gairmithe cúraim sláinte, páirtithe leasmhara agus othair oibriú le chéile chun eispéiris a fheabhsú do chách inár n-ospidéil. Bhí níos mó ná 300 gairmí sláinte i láthair ag an gcomhdháil.

## Comhdhálacha

Le linn 2019, d'fhreastail ár bhfoireann ar roinnt comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta chun láithreoireachtaí a dhéanamh ar thaighde agus ar obair HIQA. Trí na himeachtaí sin ligeadh dúinn ár dtaighde, an méid a foghlaimíodh agus ár dtorthaí a chomhroinnt le taighdeoirí sláinte eile, le gairmithe sláinte agus le húsáideoirí seirbhísí. Áirítear le samplaí:

- Todhchaí an oideasaithe shábháilte; comhdháil de chuid Chumann Cógaisíochta na Breataine agus Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.
- Comhdháil Náisiúnta um Thorthaí Sláinte 2019, Baile Átha Cliath.
- Caibidil Mac Léinn ISPOR 2019, Baile Átha Cliath.
- Comhdháil na hÉireann 2019 um Eacnamaithe Iarchéimí agus Gairme Luaithe, Gaillimh.
- Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte 2019, Köln.
- Imeacht Piarfhoghlama SPHeRE 2019, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- 4ú Comhdháil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar 2019, Baile Átha Cliath.
- 22ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eorpach ISPOR 2019, Cóbanhávan.
- Cruinniú Bliantúil den Líonra Treoirlínte Idirnáisiúnta (GIN) 2019, Adelaide.
- Comhdháil Chumann na hÉireann um Fhaisnéisíocht Sláinte 2019, Baile Átha Cliath.
- Comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar 2019, Baile Átha Cliath.
- Comhdháil Náisiúnta um Riarthóirí Imdhíonta 2019, Baile Átha Cliath.
- Comhdháil bhliantúil Chomhairle na nOifigeach Faisnéise Cliniciúla (CCIO) 2019, Éire.
- An Cumann Idirnáisiúnta um Cháilíocht sa tSláinte (ISQUA) 2019, an Afraic Theas.




Karla Charles agus Terry Dignam ó EPIC; an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, TD; agus Cigire Jane McCarroll agus Ceannasaí Forbartha Caighdeán Deirdre Connolly ó HIQA.



Ag seoladh na gCaighdeán Náisiúnta um Chumhdach Aosach, John Farrelly, POF, an Coimisiún Meabhair-Shláinte (MHC), Rosemary Smyth, Stiúrthóir um Chaighdeáin agus Dearbhú Cáilíochta MHC; an tAire Sláinte, Simon Harris TD; Phelim Quinn, POF HIQA; agus Rachel Flynn, Stiúrthóir um Fhaisnéis Sláinte agus Caighdeáin, HIQA.




Foireann HIQA ag seisiún faisnéise do sholáthraithe seirbhísí míchumais i Meán Fómhair 2019.




Ag Comhdháil SPHeRE 2019, tá an Dr. Conor Foley, an Dr. Barbara Foley, Aoife Healy, Linda Weir agus an Dr. Laura Behan.



Foireann an Chláir Náisiúnta um Eispéiris ar Chúram de chuid HIQA ag seoladh thorthaí an tsuirbhé ar othair chónaitheacha: Cassidy Diramio, Tina Boland, Caitriona Keane, Conor Foley, Daniela Rohde, Trudi Mason agus Tracy O'Carroll.



Cormac Farrell agus Zoe Forde lena nduaiseanna ardmholta le haghaidh na húsáide is fearr as Béarla simplí ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh.




Karen Jordan ag déanamh láithreoireachta ag Cruinniú Bliantúil HTAi 2019.



POF HIQA Phelim Quinn; ionadaí othar Phyllis McNamara; Rachel Flynn, Stiúrthóir um Fhaisnéis Sláinte agus Caighdeáin, HIQA; agus POF FSS Paul Reid ag seoladh thorthaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Othair Chónaitheacha.



Ag imeacht 'One Health' de chuid an Choimisiúin Eorpaigh/an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar miocróbach tá Stiúrthóir Rialála HIQA, Mary Dunnion; an tAire Sláinte, Simon Harris TD; agus Cigire Cúram Sláinte HIQA, Kathryn Hanly.



Cainteoirí ag Comhdháil an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéiris Othar 2019, clé go deas: An Dr. Johnny Walker, Raideolaí Idirghabhála Comhairleach; Rachel Flynn, Stiúrthóir um Fhaisnéis Sláinte agus Caighdeáin, HIQA; Phelim Quinn, POF HIQA; ionadaithe othar Brian agus Valerie Cox; an Dr. Conor Foley, Anailísí Sinsearach, HIQA; Tracy O'Carroll, Bainisteoir an Chláir Náisiúnta um Eispéiris ar Chúram.



An tOmbudsman, Peter Tyndall, agus POF HIQA, Phelim Quinn agus meamram tuisceana á shíniú acu.




Ag seoladh treoirlíne nua ón gCoiste Náisiúnta um Éifeachtacht Chliniciúil (NCE) dírithe ar chéimniú agus ar dhiagnóisiú ailse ubhagáin a fheabhsú ag an Aire Sláinte, Simon Harris, TD.




An Dr, Máirín Ryan, Stiúrthóir ar Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus Phelim Quinn, POF HIQA, agus meamram tuisceana á shíniú acu le Technoleg Iechyd Cymru (Health Technology Wales) agus Grúpa Teicneolaíochta Sláinte na hAlban (Scottish Health Technology Group) agus le FSS d'fhonn cur chuige comhoibritheach maidir le teicneolaíochtaí sláinte nua a shainaithint agus a mheasúnú.



Sonia McCue, Cigire HIQA; Teresa Moran, cónaitheoir ag Teach Altranais Naomh Gaibriéil a labhair le soláthraithe tithe altranais faoin dóigh a nglacann sí páirt ghníomhach sa saol ina teach altranais; agus Cathy Glennon, ball na foirne gníomhaíochta i dTeach Altranais Naomh Gaibriéil.

# Caibidil 5

## Ráitis airgeadais bhliantúla



## Caibidil 5

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## Innéacs


| | |
|---|---|
| **Faisnéis ghinearálta** | **82** |
| **Tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019** | **83** |
| **Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach** | **85** |
| **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird** | **88** |
| **Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** | **95** |
| **Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019** | **100** |

# Faisnéis ghinearálta

## Seoladh

Aonad 1301,
Geata na Cathrach,
Machain,
Corcaigh
T12 Y2XT

## Baincéirí

Banc Uladh
95 An Phríomhshráid,
Mainistir na Corann
Co. Chorcaí
P25 RW67

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid
an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

## Aturnaetha

Beauchamps
Riverside Two
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2
D02 KV6

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Pléitear sa tuarascáil seo leis na ceanglais atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), mar atá leagtha amach in Alt 1.9 de na Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais, ina leagtar amach na nithe is gá a chur san áireamh sa Tuarascáil Chuimsitheach ón gCathaoirleach chuig an Aire Sláinte.

- Tá ráiteas faoi rialú inmheánach san áireamh sa tuarascáil seo.
- Deimhním nach raibh aon fhorbairtí ann a bhí suntasach ó thaobh na tráchtála de a chuaigh i bhfeidhm ar HIQA le linn na bliana, lenar áiríodh bunú fochuideachtaí nó comhfhiontar agus ceannacháin scaireanna.
- Níor fágadh aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe gan nochtadh.
- Dearbhaím go bhfuil gach nós imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, soláthar, taisteal agus diúscairtí sócmhainní.
- Dearbhaím gur cuireadh Cóid Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe i bhfeidhm agus go gcloítear leis na Cóid sin.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh an bheartais Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus maidir le pá gach fostaí eile de chuid HIQA.
- Dearbhaím go bhfuiltear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ón Rialtas maidir le híoc táillí Stiúrthóirí, mar atá curtha in iúl ag an Roinn Sláinte. Tá sceideal táillí agus speansas ar áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.
- Níl aon teagmhais shuntasacha iarchláir chomhardaithe le tuairisciú.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí, a cuireadh in oiriúint go cuí do chúinsí HIQA.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá tuarascáil maidir le nochtadh cosanta cuimsithe sa tuarascáil bhliantúil.
- Deimhním go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais um bheartas taistil an Rialtais ar gach slí.
- Deimhním gur chomhlíon HIQA na hoibleagáidí atá air faoin dlí cánachais

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

- Níor ghlac HIQA aon bheart dlíthiúil i gcoinne gníomhaireacht stáit in 2019 agus níor ghlac aon ghníomhaireacht stáit aon bheart dlíthiúil i gcoinne HIQA in 2019.
- Dearbhaím gur glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus measaim gur féidir le HIQA a thaispeáint go bhfuil an Cód comhlíonta ina iomláine.

**Pat O'Mahony** Cathaoirleach

Dáta: 22 Aibreán 2020

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## 1. Raon freagrachta

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), aithním an fhreagracht atá ar anmBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Leis an bhfreagracht sin tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 2. Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## 3. Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ag HIQA lena gcuimsítear ceathrar comhaltaí ón mBord agus ball seachtrach amháin. Bhí sé gcruinniú ag an gcoiste i rith 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag HIQA do ghnólacht cáilithe neamhspleách a chuireann clár oibre chun feidhme a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Rinne an Bord beartas bainistíochta riosca a cheadú, rud ina leagtar amach inghlachtacht riosca HIQA, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige, agus na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas sin chuig gach ball foirne lena bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca HIQA ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## 4. Creat riosca agus rialaithe

Chuir HIQA córas bainistíochta riosca chun feidhme, córas lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir sin a dhéanamh, chun na rioscaí sin a mhaolú.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá os comhair HIQA. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad agus déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú agus machnamh orthu ar bhonn rialta. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na nithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasachta chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## 5. Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bhainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad agus/nó leis an bhfeidhmíocht tuartha.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach *(ar lean)*

**6. Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus le linn 2019 chloígh HIQA leis na nósanna imeachta sin.

**7. Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag HIQA chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de HIQA atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú HIQA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019.

**6. Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh**

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2019 ón dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird,

**Pat O'Mahony** Cathaoirleach

Dáta: 22 Aibreán 2020

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## 1. Rialachas

Cuireadh Bord an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar bun faoin Acht Sláinte 2007. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann an Bord an sainchúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá an fhreagracht as HIQA a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an stiúradh leathan straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta HIQA.

## 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais HIQA, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- aon ábhair fhorchoimeádta a thagann chun cinn.

Ceanglaítear le halt 35 den Acht Sláinte 2007 ar Bhord HIQA na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a fhaigheann sé nó a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do Bhord HIQA:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 35 den Acht Sláinte 2007. Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht HIQA in aghaidh an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar bhonn leanúnach.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais HIQA ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais HIQA amhail an 31 Nollaig 2019.

## 3. Struchtúr an Bhoird

Cuimsítear leis an mBord Cathaoirleach agus 11 ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Sláinte gach duine acu.

| Ainm | Ról | Dáta tosaithe na tionachta | Dáta éagtha na tionachta |
|---|---|---|---|
| Pat O'Mahony | Cathaoirleach an Bhoird | 03/10/2018 | 02/10/2023 |
| Molly Buckley | Comhalta Boird | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| Paula Kilbane | Comhalta Boird | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| Stephen O'Flaherty | Comhalta Boird | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| Martin Sisk | Comhalta Boird | 29/07/2015 | 28/07/2020 |
| James Kiely | Comhalta Boird | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| Caroline Spillane | Comhalta Boird | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| Enda Connolly | Comhalta Boird | 26/02/2018 | 25/02/2023 |
| Lynsey Perdisatt | Comhalta Boird | 02/09/2019 | 01/09/2024 |
| Tony McNamara | Comhalta Boird | 02/09/2019 | 01/09/2024 |
| Bernadette Costello | Comhalta Boird | 28/02/2020 | 27/02/2025 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

Iarchomhaltaí Boird

| Ainm | Ról | Dáta tosaithe na tionachta | Dáta éagtha na tionachta |
|---|---|---|---|
| Mary Fennessy | Comhalta Boird | 07/04/2014 | 06/04/2019 |
| Judith Foley | Comhalta Boird | 07/04/2014 | 06/04/2019 |
| Deirdre Madden | Comhalta Boird | 26/02/2018 | 23/01/2019* |

* Comhalta boird a d'éirigh as go deonach

Chuaigh tréimhse oifige bheirt chomhaltaí boird, Mary Fennessy agus Judith Foley as feidhm an 6 Aibreán 2019. Cheap an tAire Sláinte triúr eile mar chomhaltaí boird nua, Lynsey Perdisatt, Tony McNamara agus Michael Rigby an 2 Meán Fómhair 2019.

Tá an deimhniú Rialachais SWiFT 3000 ag HIQA ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Is é deimhniú SWiFT 3000 caighdeán an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) le haghaidh rialachas corparáideach a mheasúnú. Is é cuspóir an mheasúnaithe creataí rialachais chorparáidigh eagraíochta a mheasúnú agus go sonrach leibhéal an chomhlíonta i gcoinne cód cleachtais ábhartha, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn san áireamh.

Rinneadh measúnú seachtrach ar fheidhmíocht an Bhoird in 2019.

## 4. Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord ceithre choiste mar seo a leanas:

a) **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais**Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus le rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuarascáil fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain. Tá duine neamhspleách seachtrach ina bhall den Choiste freisine.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

b) **An Coiste Maoirseachta ar Acmhainní**: a dhéanann monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ar aon dul le straitéis chorparáideach HIQA. Lena chois sin, déanann sé maoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus ar fheidhmíocht na bainistíochta.

c) **An Coiste Rialála**: déanann sé maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe maidir le feidhmeanna rialála agus monatóireachta HIQA.

d) **An Coiste Caighdeán, Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochta**: déanann sé maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir leis na feidhmeanna a bhaineann le caighdeáin a fhorbairt, faisnéis sláinte agus na feidhmeanna a bhaineann le measúnú ar theicneolaíocht sláinte.

**5. Sceideal freastail, táillí agus speansas do chomhaltaí Boird**

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Boird agus Coistí sa bhliain 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais dheimhnithe a íocadh le gach comhalta:

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

## a) Comhaltaí Reatha an Bhoird

| | Reachtúil Cruinnithe Boird | Cruinnithe Breise an Bhoird | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus | Coiste Rialála | An Coiste um Fhaisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht | Maoirseacht ar Acmhainní | Táillí | Speansais Dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 6 | 4 | 6 | 4 | 3 | 3 | | |
| Pat O'Mahony | 6 of 6 | 4 of 4 | - | - | - | 3 of 3 | €11,955 | €441 |
| Enda Connolly | 5 of 6 | 2 of 4 | 4 of 6 | - | 1 of 3 | - | €7,695 | - |
| James Kiely | 5 of 6 | 3 of 4 | 5 of 6 | - | 3 of 3 | 3 of 3 | €7,695 | €389 |
| Caroline Spillane | 6 of 6 | 4 of 4 | 6 of 6 | 2 of 4 | - | - | €7,695 | €260 |
| Stephen O'Flaherty | 5 of 6 | 3 of 4 | 6 of 6 | - | - | 3 of 3 | €7,695 | €469 |
| Paula Kilbane | 6 of 6 | 4 of 4 | - | 4 of 4 | - | - | €7,695 | €326 |
| Martin Sisk | 5 of 6 | 3 of 4 | - | - | 3 of 3 | 2 of 3 | €7,695 | €667 |
| Molly Buckley | 4 of 6 | 3 of 4 | - | 4 of 4 | - | - | €7,695 | €267 |
| Michael Rigby* | 2 of 2 | 0 of 1 | - | 1 of 2 | 1 of 1 | - | €2,565 | €42 |
| Tony McNamara* | 2 of 2 | 0 of 1 | - | 2 of 2 | 0 of 1 | - | €2,565 | €530 |
| Lynsey Perdisatt* | 2 of 2 | 1 of 1 | - | - | - | 1 of 1 | - | €104 |
| **Iomlán** | | | | | | | **€70,950** | **€3,495** |

* Chuaigh siad leis an mBord i Meán Fómhair 2019

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

## b) Flarchomhaltaí an Bhoird

| | Reachtúil Cruinnithe Boird | Cruinnithe Breise an Bhoird | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus | Coiste Rialála | An Coiste um Fhaisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht | Maoirseacht ar Acmhainní | Táillí | Speansais Dheimhnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 6 | 4 | 6 | 4 | 3 | 3 | | |
| Judith Foley* | 0 of 2 | 0 of 1 | - | - | 1 of 1 | | - | - |
| Mary Fennessy* | 1 of 2 | 1 of 1 | - | 1 of 1 | - | | €2,072 | €105 |
| Deirdre Madden** | 0 of 1 | - | - | - | - | | - | - |
| **Iomlán** | | | | | | | **€2,072** | **€105** |

* tréimhse oifige as feidhm i mí Aibreáin 2019

**d'éirigh sí as an mBord i mí Eanáir 2019

Íocadh táillí leis na comhaltaí Boird de réir na rátaí caighdeánacha ceadaithe do na tréimhsí lena mbaineann.

Ní íoctar táillí le comhaltaí an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir maidir leis an 'Prionsabal um Dhuine Amháin, Tuarastal Amháin' arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar thoradh air sin, ní bhfuair triúr comhaltaí de Bhord HIQA (Lynsey Perdisatt, Judith Foley agus Deirdre Madden) aon táillí le linn na bliana.

Sa bhreis ar na speansais dheimhnithe a íocadh go díreach le comhaltaí Boird, d'íoc HIQA suim eile de €2,197 as cóiríocht óstáin. Sna cásanna sin, ní dhearna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird *(ar lean)*

**6. Na nochtuithe a éilítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

The Board is responsible for ensuring that HIQA has complied with the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016).

**7. Ráiteas faoi chomhlíonadh**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Creideann an Bord go gcomhlíonann HIQA an cód.

Thar ceann an Bhoird,

Sínithe:

**Pat O'Mahony**
Cathaoirleach

Dáta: 22 Aibreán 2020

Sínithe:

**Caroline Spillane**
Comhalta Boird

Dáta: 22 Aibreán 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

### Tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht Sláinte 2007. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) — An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus cuimsíonn siad:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 i ndáil leis na teidlíochtaí sochar scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2019 de réir FRS 102.

### An bonn don tuairim choinníollach ar na ráitis airgeadais

I gcomhréir leis na hordacháin ón Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte cuntais ar chostais teidlíochtaí sochar scoir ach amháin de réir mar a éiríonn siad iníoctha. Ní thagann sé sin le FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ag an dáta tuairiscithe. Níor cainníochtaíodh an tionchar a bheadh ag an neamhchomhlíonadh sin ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte don bhliain 2019.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Tá mé neamhspleách ar an Údarás um

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
*(ar lean)*

Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile de mo chuid i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile. Chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte faisnéis áirithe eile

i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil,

tuarascáil an chathaoirligh, an ráiteas faoi rialú inmheánach agus an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí boird. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**John Crean**
For Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Aibreán 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
*(ar lean)*

### Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh maidir le cé acu is cuí nó nach cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht Sláinte 2007 ráitis airgeadais an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míthuairisc ábhartha, i ngach cás inarb ann di, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míthuairiscí eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor na nochtuithe sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste *(ar lean)*

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu an cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míthuairisc ábhartha in leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míthuairisc ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na críocha dá raibh sé beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, E1) | | 15,700,000 | 13,200,000 |
| Táillí bliantúla agus clárúcháin | 2 | 7,202,745 | 7,210,829 |
| Ioncam eile | 3 | 1,450,150 | 1,270,653 |
| | | **24,352,895** | **21,681,482** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | 4 | 18,394,752 | 15,943,111 |
| Taisteal agus cothú | 9 | 864,461 | 808,053 |
| Táillí gairmiúla | 10 | 823,182 | 659,904 |
| Costais foilsithe | | 99,580 | 101,803 |
| Costais tacaíochta | 11 | 2,390,704 | 2,048,608 |
| Costais bhunaithe | 12 | 1,965,164 | 1,850,073 |
| | | **24,537,843** | **21,411,552** |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | | (184,948) | 269,930 |
| Barrachas ag 1 Eanáir | 18(a) | 1,316,701 | 1,046,771 |
| Barrachas ag 31 Nollaig | | **1,131,753** | **1,316,701** |

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá cuimsithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: ________ Signed: ________

**Pat O'Mahony,** Cathaoirleach
Dáta: 22 Aibreán 2020

**Phelim Quinn,** Príomhfheidhmeannach
Dáta: 22 Aibreán 2020

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte (Vóta 38, L) | | 1,490,595 | 693,113 |
| Amúchadh an Chuntais Chiste Caipitil | | 1,006,855 | 758,284 |
| | | **2,497,450** | **1,451,397** |
| **Caiteachas** | | | |
| Daingneáin agus feistis | 13 | 15,128 | 71,433 |
| Trealamh ríomhaireachta | 13, 18(c) | 1,395,717 | 621,460 |
| Caiteachas doláimhsithe | | 79,750 | - |
| Dímheas | 13 | 1,006,855 | 758,504 |
| | | **2,497,450** | **1,451,397** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | | |
| (Easnamh)/barrachas tosaigh | | - | - |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | **–** | **–** |

Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta go léir sa bhliain, seachas dímheas agus amúchadh, atá cuimsithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil.

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: ______________________

**Pat O'Mahony,** Cathaoirleach

Dáta: 22 Aibreán 2020

Sínithe: ______________________

**Phelim Quinn,** Príomhfheidhmeannach

Dáta: 22 Aibreán 2020

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil don bhliain

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 € | 2018 Athluaite € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 13, 18(c) | 2,567,845 | 2,163,855 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 14, 18(b) | 1,405,944 | 1,369,111 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | | 1,215,308 | 1,540,854 |
| | | 2,621,252 | 2,909,965 |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha a bheidh dlite bhliain amháin laistigh de | 15 | (1,489,499) | (1,593,264) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,131,753** | **1,316,701** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **2,497,450** | **1,451,397** |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim | 18(a) | 1,131,753 | 1,316,701 |
| Cuntas Caipitil | 16, 18(d) | 2,567,845 | 2,163,855 |
| | | **3,699,598** | **3,480,556** |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: ______________________

**Pat O'Mahony,** Cathaoirleach
Dáta: 22 Aibreán 2020

Sínithe: ______________________

**Phelim Quinn,** Príomhfheidhmeannach
Dáta: 22 Aibreán 2020

# An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## Réiteach an Easnaimh Oibriúcháin le Glan-insreabhadh Cistí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>Athluaite<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas Oibriúcháin | | (184,948) | 269,930 |
| (Méadú)/Laghdú ar infháltais | | (36,833) | (597,830) |
| Méadú /(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha agus fabhruit | | (103,765) | 67,049 |
| Ús a fuarthas | | (99) | (80) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(325,645)** | **(260,931)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta | | 1,410,845 | 692,893 |
| Caiteachas neamhchaipitiúil | | 79,750 | - |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | (1,490,595) | (692,893) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **-** | **-** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús a fuarthas | | 99 | 80 |
| **Net Cash Flows from Financing Activities** | | **99** | **80** |
| **Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | **(325,546)** | **(260,851)** |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | | 1,540,854 | 1,801,705 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag 31 Nollaig** | | **1,215,308** | **1,540,854** |

Thar ceann an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte,

Sínithe: 

**Pat O'Mahony,** Cathaoirleach
Dáta: 22 Aibreán 2020

Sínithe: 

**Phelim Quinn,** Príomhfheidhmeannach
Dáta: 22 Aibreán 2020

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

### 1. Beartais Chuntasaíochta

#### (a) Faisnéis ghinearálta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a glacadh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

#### (b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais HIQA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna n-athrú leis na treoracha ón Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir leis na treoracha ón Aire Sláinte, ní thugann HIQA cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha.. (féach (l) agus (m)). Ní chomhlíonann an bonn cuntasaíochta sin FRS 102, lena gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

#### (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 35 den Acht Sláinte 2007.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais HIQA.

#### (d) Ioncam

(i) Deontais Oireachtais

Mínítear an méid a thugtar do chuntas sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Deontais Choinnithe maidir le caiteachas caipitiúil faofa sa chuntas Ioncaim Chaipitiúil agus Caiteachais ar bhonn fabhraithe.

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

(ii) Ioncam ó tháillí bliantúla

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta trí huaire gach bliain i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil 245 de 2009, Rialacháin 2009 Acht Sláinte 2007 (Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) agus le hIonstraim 493 de 2013, Rialacháin 2013 Acht Sláinte 2007 (Clárú Lárionad Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta) (Leasú).

Aithnítear táillí bliantúla ó sholáthraithe Lárionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas trí huaire gach bliain i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil 366 de 2013, Rialachán 2013 Acht Sláinte 2007 (Lárionaid

Ainmnithe do Dhaoine (Leanaí agus Aosaigh) faoi Mhíchumas a Chlárú).

(iii) Iarratas ar tháillí a chlárú nó a athrú

Déantar táillí um iarratais chun clárú nó chun athrú a dhéanamh a aithint ar fháil na táille ábhartha i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh. 245 de 2009 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta a Chlárú), 2009 – agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 366 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine (Aosaigh agus Leanaí) faoi Mhíchumais a Chlárú), 2013.

(iv) Deontais eile

Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear deontais eile, amhail deontais le haghaidh tionscadal arna gcistiú ag an Aontas Eorpach.

### (e) Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### (f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Foráil shonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í sa chás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh HIQA in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú.

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

Ní dhíscríobhtar fiach táillí bliantúla ach amháin tar éis don lucht bainistíochta measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht nach mbaileofaí an fiach agus tar éis dó an costas bailithe a chur i gcomparáid leis an bhfiach atá amuigh. Aithnítear gach fiach a díscríobhadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**(g) Léas oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

**(h) Cistiú caipitil**

Déantar sócmhainní seasta HIQA a chistiú ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ón ioncam reatha. Maidir le cistiú a fhaightear ó dheontais, aistrítear é chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara. Mínítear deontais chaipitiúla maidir le caiteachas faofa sa Ráiteas ar Ioncam Caipitiúil agus Caiteachas ar bhonn fabhraithe. Cuirtear caiteachas arna chistiú ó chistiú caipitiúil nach bhfuil cruthú sócmhainne ina thoradh air chun dochair an Ráitis ar Ioncam Caipitiúil agus Caiteachas mar speansas ar bhonn fabhraithe.

**(i) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh aon soláthar do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol fónta measta, mar a leanas:

- Ús léasachta — Saolré an léasa
- Troscán agus feistis — 20%
- Trealamh agus bogearraí ríomhaireachta — 33.33%
- Díscríobhtar trealamh agus bogearraí ríomhaireachta néalbhunaithe thar shaolré an chonartha.

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Déantar ceannacháin sócmhainní a chaipitliú beag beann ar fhoinse na gcistí, ach amháin i gcás sócmhainní a chistítear ó dheontais ioncaim (neamhchaipitil) a bhfuil a luach faoi bhun na tairsí seo a leanas:

- Trealamh nó troscán agus feistis - Níos lú ná €3,809
- Bogearraí ríomhaireachta agus trealamh TFC - Níos lú ná €1,270

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má tá an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

### (j) Aoisliúntas

De réir alt 27 den Acht Sláinte 2007, chuir HIQA scéim aoisliúntais ar bun arna ceadú ag an Roinn Sláinte.

Tá an scéim sin ina scéim aoisliúntais sochair shainithe le haghaidh fostaithe. Ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar atá iníoctha. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar baill den scéim iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

### (k) An scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair

Tá gach duine a chuaigh isteach san earnáil phoiblí den chéad uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ina bhall den scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair trína n-íoctar asbhaintí pinsin i leith gach fostaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a íoctar iad. De réir ordachán ón Aire Sláinte, ní dhearnadh aon soláthar i leith na sochar a bheidh iníoctha amach anseo.

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

**(l) Breithiúnais agus meastacháin cuntasaíochta criticiúla**

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar shuimeanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

**Dímheas agus luachanna iarmharacha**

Rinne HIQA athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

## 2. Ioncam ó Tháillí Bliantúla agus Clárúcháin

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táillí bliantúla | 6,871,145 | 6,822,423 |
| Táillí clárúcháin | 331,600 | 388,406 |
| | **7,202,745** | **7,210,829** |

## 3. Ioncam

| | | |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 460,821 | 440,958 |
| Deontais ón Aontas Eorpach agus deontais eile | 39,625 | 36,611 |
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 20,933 | 99,625 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 16,000 | 24,273 |
| An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú | 29,883 | - |
| Deontas HRB maidir le Comhoibriú in Éirinn um Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Chliniciúil | 532,729 | 369,266 |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | | |
|---|---|---|
| An Clár Náisiúnta um Eispéiris Chúraim | 350,000 | 300,000 |
| Ús a fuarthas | 99 | 80 |
| Ioncam ilghnéitheach | 60 | (160 ) |
| **Iomlán** | **1,450,150** | **1,270,653** |

### 4. Costais Foirne

| | | |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 14,777,057 | 12,526,070 |
| Pinsin | 723,279 | 425,797 |
| Baill foirne gníomhaireachta | 1,368,745 | 1,733,720 |
| Táillí comhaltaí Boird | 73,022 | 86,423 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta (ÁSPC) fostóirí | 1,452,649 | 1,171,101 |
| **Iomlán** | **18,394,752** | **15,943,111** |

Rinneadh asbhaintí €585,672 (2018, €643,509) a bhain le pinsin as tuarastail na foirne agus íocadh iad sin ar aghaidh leis an Roinn Sláinte.

### 5. Luach Saothair

| **a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | 14,777,057 | 12,526,070 |
| Teidlíocht saoire bliantúla amuigh | 126,742 | 108,265 |
| Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach | 1,452,649 | 1,171,101 |
| | **16,356,448** | **13,805,436** |

Ba é 252 duine (2018, 231 duine) an líon iomlán ball foirne, mar choibhéis lánaimseartha, a bhí fostaithe ag deireadh na bliana.

| **(b) Sochair Ghearrthéarmacha** | | |
|---|---|---|
| Bunphá | 14,477,057 | 12,526,070 |
| | **14,477,057** | **12,526,070** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

### c) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá i bpearsanra bainistíochta an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Rialála, an Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte, agus an Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach. Tá luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 157,031 | 151,500 |
| Príomhphearsanra Bainistíochta Eile | 492,849 | 473,457 |
| | **649,880** | **624,957** |

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá an Príomhfheidhmeannach agus baill eile den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin HIQA agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

Aisíocadh €38,185 (2018: €25,912) le príomhphearsanra bainistíochta HIQA i leith speansais taistil, speansais chothaithe agus speansais eile a thabhaigh siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích.

Tá sonraí na dtáillí arna dtuilleamh agus na speansais a aisíocadh do chomhaltaí an Bhoird leagtha amach i Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## 6. Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Sochair Fostaithe)** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **Líon** | **Líon** |
| € 60,001 - € 70,000 | 65 | 56 |
| € 70,001 - € 80,000 | 28 | 26 |
| € 80,001 - € 90,000 | 14 | 14 |
| € 90,001 - €100,000 | 8 | 4 |
| €100,001 - €110,000 | 2 | 4 |
| €110,001 - €120,000 | 1 | 0 |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019 Líon | 2018 Líon |
|---|---|---|
| €120,001 - €130,000 | 0 | 1 |
| €130,001 - €140,000 | 2 | 0 |
| €140,001 - €150,000 | 0 | 1 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 1 |

Ba é nialas suim iomlán na ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir a íocadh le linn na bliana (2018, nialas).

Chun críocha an nochta seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

### 7. Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais a leanas san áireamh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas Seachtrach (Nóta 1) | 0 | 2,296 |
| Fáilteachas Boird agus Foirne | 1,144 | 924 |
| **Iomlán** | **1,144** | **3,220** |

**Nóta 1** San áireamh le Fáilteachas Seachtrach 2018 tá an tsuim €1,808, a tabhaíodh as dinnéar a óstáil, agus an costas arna aisíoc ina iomláine ag an Líonra Eorpach um Measúnú Teicneolaíochta Sláinte.

### 8. Meánlíon Fostaithe

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Rialáil | 169 | 151 |
| Measúnú Teicneolaíochta Sláinte | 15 | 12 |
| Faisnéis agus Caighdeáin Sláinte | 25 | 18 |
| Baill foirne tacaíochta | 45 | 36 |
| | **254** | **217** |

Amhail an 31 Nollaig, bhí 252 duine fostaithe ag HIQA mar choibhéis lánaimseartha (2018, 231 duine).

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 9. Taisteal agus Cothú

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Comhaltaí Boird | 5,797 | 7,243 |
| Fostaithe | 809,728 | 768,906 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Fostaithe | 38,254 | 25,872 |
| Seirbhísí gairmiúla seachtracha* | 10,682 | 6,032 |
| | **864,461** | **808,053** |

Áirítear le speansais taistil agus chothaithe an Bhoird suim de €3,600 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird (2018, €4,603). Baineann an tsuim atá fágtha de €2,197 (2018, €2,640) le hairgead a chaith HIQA ar chóiríocht óstáin thar ceann na gcomhaltaí Boird. I gcás inar chuir HIQA cóiríocht óstáin ar fáil, ní dhearna an comhalta Boird lena mbaineann aon éileamh ar speansais chothaithe.

*Baineann an costas seo le speansais taistil agus chothaithe a thabhaigh HIQA mar chuid den chostas conarthach a bhain le seirbhísí gairmiúla áirithe a fháil.

## 10. Táillí Gairmiúla

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| **Comhairleacht** | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Acmhainní daonna | 33,302 | 11,255 |
| Rialachas agus straitéis | 44,814 | 84,874 |
| Straitéis athraithe dhigitigh agus sonraí | 160,607 | - |
| **Costais chomhairleachta iomlána** | **864,461** | **808,053** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| Seirbhísí gairmiúla eile | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 49,977 | 63,929 |
| Seirbhísí gairmiúla TFC | 196,842 | 53,666 |
| Imscrúduithe agus athbhreithnithe reachtúla | - | 4,920 |
| Forbairt caighdeán agus measúnuithe ar theicneolaíocht na sláinte | 27,522 | 40,633 |
| Forbairt eagraíochta | 119,950 | 123,344 |
| Acmhainní daonna agus cur chun feidhme párolla | (5,982) | 42,397 |
| Suirbhé na foirne | 17,158 | - |
| Seirbhísí éascaithe agus oiliúna | 21,632 | 11,181 |
| Creidiúnuithe seachtracha | 3,229 | - |
| Seirbhísí tacaíochta pinsin | 7,893 | 8,610 |
| Seirbhísí soláthair | 8,358 | 7,528 |
| Athbhreithniú ar an láithreán gréasáin | 13,776 | - |
| Ceardlann riosca agus rialachais don Bhord | 7,457 | - |
| Eile | 2,156 | 6,798 |
| **Costais chomhairleachta iomlána** | **469,968** | **363,006** |
| **Costais Dhlíthiúla** | | |
| Táillí dlí – imeachtaí dlí (Nóta 1) | 114,491 | 200,769 |
| **Iomlán** | **864,461** | **808,053** |
| | | |
| **Táillí gairmiúla iomlána** | **823,182** | **659,904** |

**Nóta 1** Sa tábla tugtar sonraí faoin gcaiteachas ar raon imeachtaí dlí le linn na tréimhse tuairiscithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair HIQA atá nochta faoi sheirbhísí gairmiúla eile thuas.

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Áirítear leis na himeachtaí dlí costais a bhaineann le hAthbhreithniú Breithiúnach, dá ndámhadh costais páirtí le páirtí do HIQA i gcoinne an iarratasóra. Iarrfaidh HIQA ar an Máistir Fómhais na costais sin a mheasúnú agus a fhaomhadh ionas gur féidir na costais a aisghabháil.

Rinneadh na costais chomhairleachta iomlána a ghearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### 11. Costais tacaíochta

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Earcaíocht | 157,654 | 197,656 |
| Oiliúint agus forbairt foirne | 251,743 | 184,878 |
| Táillí ballraíochta agus suibscríbhinní | 185,911 | 63,312 |
| Teileafón | 132,886 | 113,559 |
| Tacaíocht agus soláthairtí TF (Nóta 18(a)) | 1,475,054 | 1,291,665 |
| Iniúchóireacht inmheánach agus cuntasaíocht | 56,725 | 84,041 |
| Iniúchóireacht sheachtrach | 13,000 | 13,000 |
| Postas agus páipéarachas | 96,731 | 87,985 |
| Faireachán ar na meáin | 11,002 | 8,795 |
| Cúiréirí | 7,618 | 1,696 |
| Ús prasíocaíochta agus muirir phrasíocaíochta | 1,197 | 580 |
| Táillí bainc | 1,183 | 1,441 |
| **Iomlán** | **2,390,704** | **2,048,608** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 12. Costais Bhunaithe

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos | 1,215,415 | 1,196,763 |
| Muirear seirbhíse foirgnimh | 187,311 | 105,100 |
| Árachas | 6,165 | 6,496 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 60,036 | 72,879 |
| Seomraí cruinnithe ar cíos | 17,594 | 8,991 |
| Imeachtaí agus lónadóireacht do gheallsealbhóirí | 45,734 | 49,139 |
| Solas agus teas | 129,409 | 122,806 |
| Glantachán agus dramhaíl | 127,230 | 133,094 |
| Slándáil | 160,490 | 130,470 |
| Coinneáil agus stóráil taifead | 3,306 | 3,778 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 12,474 | 20,557 |
| **Iomlán** | **1,965,164** | **1,850,073** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 13. Sócmhainní seasta

| | Ús léasachta €| Daingneáin agus feis € | Trealamh agus bogearraí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas na luachála** | | | | |
| Iarmhéid amhail an | | | | |
| 1 Eanáir 2019 (Nóta 18(c)) | 2,067,364 | 714,689 | 3,822,806 | 6,604,859 |
| Breiseanna | - | 15,128 | 1,395,717 | 1,410,845 |
| Diúscairtí | - | - | (113,767) | (113,767) |
| Costas nó luacháilamhail an 31 Nollaig 2019 | 2,067,364 | 729,817 | 5,104,756 | 7,901,937 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 (Nóta 18(c)) | 1,000,690 | 638,305 | 2,802,009 | 4,441,004 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 109,126 | 18,712 | 879,017 | 1,006,855 |
| Dímheas carntha ar dhiúscairtí | - | - | (113,767) | (113,767) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 1,109,816 | 657,017 | 3,567,259 | 5,334,092 |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2019** | **957,548** | **72,800** | **1,537,497** | **2,567,845** |
| **Glanluach de réir na leabhar athluaite amhail an 31 Nollaig 2018 (Nóta 18(c))** | **1,066,674** | **76,384** | **1,020,797** | **2,163,855** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

### 14. Infhaighte

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí bliantúla infhaighte | 305 | 1,405 |
| Réamhíocaíochtaí | 727,376 | 537,215 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An Clár Náisiúnta ar Eispéiris Othar | - | 300,000 |
| An Roinn Sláinte - Deontais Chaipitil infhála Nóta 18(b) | 387,905 | 287,288 |
| Féichiúnaithe Tionscadail | 233,753 | 112,915 |
| Infháltais Phárolla | 25,140 | 74,137 |
| Infháltais eile | 31,465 | 56,151 |
| **Iomlán** | **1,405,944** | **1,369,111** |

### 15. Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna iníoctha | 59,006 | 92,189 |
| Ioncam réamhíoctha | 62,786 | 50,097 |
| Ioncam réamhíoctha tionscadail | 3,764 | 17,714 |
| Fabhruithe trádála | 763,432 | 897,296 |
| Asbhaintí párolla | 473,769 | 427,703 |
| Fabhrú pá saoire | 126,742 | 108,265 |
| **Iomlán** | **1,489,499** | **1,593,264** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 16. Cuntas Caipitil

| | 2019<br>€ | 2018<br>Restated<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir (Nóta 18 (d)) | 2,163,855 | 2,229,246 |
| **Gluaiseacht don tréimhse** | | |
| Caiteachas ó dheontas caipitil | 1,410,845 | 692,893 |
| Diúscairtí | (113,767) | (118,683) |
| Suim a amúchadh ar aon dul le dímheas don tréimhse | (1,006,855) | (758,284) |
| Dímheas carntha ar dhiúscairtí | 113,767 | 118,683 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **2,567,845** | **2,163,855** |

## 17. Ceangaltais Chaipitil

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Conraithe le haghaidh | 349,170 | 134,950 |
| | **349,170** | **134,950** |

## 18. Coigeartuithe na Bliana Roimhe

Tar éis athbhreithnithe, tá caiteachas ar bhogearraí ríomhaireachta a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais in 2017 agus in 2018 á athaicmiú mar chaiteachas caipitiúil. Rinne an Roinn Sláinte an caiteachas a fhaomhadh le haghaidh maoiniú caipitiúil.

Tá na sócmhainní sin san áireamh anois leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus rinneadh figiúirí ráitis airgeadais 2018 a athrá chun an t-athaicmiú a léiriú. Seo a leanas an tionchar a bhaineann leis sin ar thorthaí agus ar iarmhéideanna a tuairiscíodh roimhe seo.

- Tá caiteachas a cuireadh chun dochair an chuntais Ioncaim agus Chaiteachais in 2017 agus in 2018 á athaicmiú mar chaipiteal agus méaduithe ina dtoradh

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

air sin dar luach €89,110 sa bharrachas a tuairiscíodh in 2018 agus €204,173 i gcúlchistí coinnithe ioncaim amhail an 31 Nollaig 2018

- Tá an caiteachas sin a cuireadh chun dochair an chuntais Ioncaim agus Chaiteachais Chaipitiúil á mheaitseáil le cómhaoiniú ón Roinn Sláinte agus dá bhrí sin níl aon tionchar ar bharrachas Ioncaim agus Chaiteachais Chaipitiúil.
- Méadaítear sócmhainní seasta amhail an 31 Nollaig 2018 faoi €85,012 agus is é sin an glanluach de réir na leabhar de na sócmhainní arna gcaipitliú agus déantar iad a mheaitseáil le coigeartú coibhéiseach ar chúlchiste an Chuntais Chaipitiúil.
- Méadaítear infháltais amhail an 31 Nollaig 2018 faoi €204,173 agus is ionann sin agus an maoiniú a bhí dlite ón Roinn Sláinte a fuarthas ina dhiaidh sin i Lúnasa 2019.

### a) Athráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

| | 2018 Mar a Tuairiscíodh Roimhe seo | Coigeartú | Athluaite 2018 |
|---|---|---|---|
| Barrachas 2018 | 180,820 | 89,110 | 269,930 |
| Barrachas Coinnithe amhail an 1 Eanáir 2018 | 931,708 | 115,063 | 1,046,771 |
| **Barrachas Coinnithe amhail an 31 Nollaig 2018** | **1,112,528** | **204,173** | **1,316,701** |

### b) Deontas Caipitil Infhála

| | 2018 Mar a Tuairiscíodh Roimhe seo | Coigeartú | Athluaite 2018 |
|---|---|---|---|
| **Deontais Infhála** | 83,115 | 204,173 | 287,288 |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## c) Athráiteas maidir le Trealamh agus Bogearraí Ríomhaireachta

| | 2018 Mar a Tuairiscíodh Roimhe seo | Coigeartú | Athluaite 2018 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 3,204,966 | 115,063 | 3,320,029 |
| Breiseanna | 532,350 | 89,110 | 621,460 |
| Diúscairtí | (118,683) | - | (118,683) |
| **Costas amhail an 31 Nollaig 2018** | **3,618,633** | **204,173** | **3,822,806** |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 2,278,667 | 29,831 | 2,308,498 |
| Muirear dímheasa don tréimhse | 522,864 | 89,330 | 612,194 |
| Dímheas Carntha ar Dhiúscairtí | (118,683) | - | (118,683) |
| **Dímheas Carntha amhail an 31 Nollaig 2018** | **2,682,848** | **119,161** | **2,802,009** |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2018** | **935,785** | **85,012** | **1,020,797** |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail an 1 Eanáir 2018** | **926,299** | **85,232** | **1,011,531** |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

**d) Athráiteas an Chuntais Chaipitil**
**Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta**

| | **2018 Mar a Tuairiscíodh Roimhe seo** | **Coigeartú** | **Athluaite 2018** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018 | 2,144,014 | 85,232 | 2,229,246 |
| Caiteachas ó Dheontas Caipitil | 603,783 | 89,110 | 692,893 |
| An méid arna amúchadh ar aon dul leis an dímheas don tréimhse | (668,954) | (89,330) | (758,284) |
| **An t-iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **2,078,843** | **85,012** | **2,163,855** |

### 19. Ceangaltais Léasachta

Tá trí áitreabh léasaithe (Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh) á n-áitiú ag HIQA faoi láthair. Is idir an tiarna talún agus Oifig na nOibreacha Poiblí atá an comhaontú léasa do gach áitreabh.

Maidir leis an léas don áitreabh i nGeata na Cathrach, Machain, Corcaigh, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain agus mí amháin. Is é €370,420 an cíos bliantúil is iníoctha. Mar thoradh ar chomhaontuithe a ndeachthas isteach iontu mar chuid den chlár díláraithe, is í Oifig na nOibreacha Poiblí a íocann an cíos sin agus ní aisghabhtar ó HIQA é.

Maidir leis an léas don áitreabh i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath, chuathas isteach ann sa bhliain 2008 ar feadh téarma 20 bliain. Is é €1,177,560 an cíos bliantúil is iníoctha.

Maidir leis an léas don áitreabh ar Bhóthar Áth Cinn, Gaillimh, chuathas isteach ann an 1 Feabhra 2016 ar feadh téarma 10 mbliana. Is é €13,750 an cíos bliantúil is iníoctha.

### 20. Leasanna na gComhaltaí Boird

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun déileáil le coinbhleachtaí leasa, de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 21. Approval of financial statements

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais seo an 22 Aibreán 2020.

# Aguisíní

## Aguisín 1

# Tuarascáil bhliantúil maidir le nochtuithe cosanta

Is é seo an tuarascáil bhliantúil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte maidir le nochtadh cosanta, mar a cheanglaítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ag gníomhú dó faoi Alt 7(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a fhorordú mar dhuine cuí chun nochtuithe a fháil maidir le héagóracha iomchuí i ndáil le gach ní a bhaineann leis na caighdeáin sábháilteachta agus chúraim a sholáthraítear do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta sna hearnálacha cúraim sláinte poiblí agus deonacha agus do dhaoine a fhaigheann seirbhísí cúraim shóisialta san earnáil cúram sláinte phríobháideach, mar a fhoráiltear dó leis an Acht Sláinte 2007. Ní fhéadfar déileáil le haon nochtuithe den sórt sin ach amháin ar bhealach a thagann le ról, cearta reachtúla agus dualgais HIQA.

Sa bhliain 2019, rinneadh 210 mír imní i ndáil leis na seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta a ndéanann HIQA monatóireacht orthu a chatagóiriú mar mhíreanna imní a fuarthas ó fhostaí de chuid soláthraí seirbhíse. De réir an bheartais atá i bhfeidhm againn, is mar nochtuithe cosanta féideartha a chaitheann HIQA leis na míreanna imní sin. Rinneadh an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a mheasúnú ó thaobh riosca de agus, i ngach cás, úsáideadh í chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil is cuí a dhéanfadh HIQA mar rialaitheoir seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta agus i gcomhréir leis na dualgais atá air faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Rinne ball foirne nochtadh amháin, de réir mar atá sainmhínithe leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, le linn 2019. Rinneadh imscrúdú ar an ábhar i gcomhréir le beartas HIQA.

## Aguisín 2

# Dearbhú maidir le nuáil sa tseirbhís phoiblí in Éirinn

D'fhonn freastal ar ár ndaoine ar dhóigh níos fearr, ní mór do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann a bheith thar a bheith nuálach. Déantar níos mó le nuáil ná go simplí fás eacnamaíoch a spreagadh. Baineann an acmhainneacht léi cuid de na fadhbanna is práinní atá os ár gcomhair in Éirinn anois agus sa todhchaí a réiteach

Dearbhaíonn HIQA go nglacfaidh sé na bearta a leanas d'fhonn cultúr na nuála a fhorbairt inár Seirbhís Phoiblí. Déanfaimid na nithe a leanas:

**Tacaíocht bhreise a thabhairt don nuáil mar an fhreagracht atá ar gach státseirbhíseach;**

**Ár státseirbhísigh a chumasú, tacú leo, iad a chur ar an eolas agus a threalmhú chun nuáil a dhéanamh ina rói;**

**Comhpháirtíochtaí nua a chothú agus tuairimí a dhéanamh ina gcuid den fhadhbréiteach agus inár seirbhísí poiblí a dhearadh agus a sheachadadh;**

**Roghanna iolracha a ghiniúint maidir le fadhbanna reatha agus cinn amach anseo trí thaiscéalaíocht, trí thurgnamhaíocht, trí atriall agus trí thástáil;**

**Léargais a sholáthar ar ár n-eispéiris, ar dhea-chleachtas agus ar cheachtanna a foghlaimíodh le státseirbhísigh eile in Éirinn agus thar lear;**

**Eolas agus sonraí a chomhroinnt le saoránaigh ar bhealach oscailte agus follasach.**

Teastaíonn iarracht leanúnach agus méid áirithe riosca maidir le nuáil turgnamhaíocht agus follasacht.

Mar státseirbhísigh ní mór dúinn a bheith uaillmhianach, beo-intinneach agus comhoibritheach d'fhonn torthaí fiúntacha agus inmharthana a bhaint amach. Tríd é sin a dhéanamh ba cheart dúinn a bheith oscailte maidir le smaointeoireacht fhorásach d'fhonn todhchaí nua agus níos fearr a chruthú do chónaitheoirí uile an Stáit.

D'fhonn fadhbanna deacra a réiteach, ní mór dúinn bheith ag brath ar éagsúlacht, ar chlisteacht agus ar chruthaitheacht an phobail agus ár gcomhsheirbhísigh phoiblí. Ní mór dúinn a bheith oscailte freisin do smaointeoireacht chruthaitheach d'fhonn todhchaí nua agus níos fearr a chruthú dár muintir. I dtréimhse ina bhfuil athrú suntasach agus neamhchinnteachta, is é an riosca is mó dúinn ná nglacfaimid deiseanna agus nach mbainfimid triail as nithe nua. Teastaíonn cultúr na nuála uainn.

Is í nuáil an tagarmharc anois sa chuid is mó de na hearnálacha eolaíochta, gnó agus sóisialta. Tá glacadh le nuáil agus cumasú na nuála chomh tábhachtach le chéile maidir le seirbhísí poiblí a sheachadadh agus pobail chuimsitheacha, inbhuanaithe a fhorbairt.

Eagraíocht: HIQA

Our Public Service 2020

# Aguisín 3
# Cairt na Seirbhíse

Tá Cairt Seirbhíse forbartha ag HIQA chun faisnéis a sholáthar do dhaoine a dhéanann teagmháil lenár seirbhísí maidir le leibhéal na seirbhíse is féidir leo bheith ag súil leis uainn. Sa Chairt sin leagtar amach ár dtiomantas do dhul i ngleic lenár bpáirtithe leasmhara ar aon dul leis na prionsabail um sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus do chliaint na seirbhíse poiblí. D'fhorbraíomar plean gníomhaíochta 2019-2021, lena n-áirítear spriocanna sainiúla, intomhaiste atá dírithe ar ghnéithe dár gcaidreamh leo siúd a bhíonn i dteagmháil linn ar chúis ar bith a fhorbairt agus a fheabhsú.

D'fhoilsíomar dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta ár gCairte Seirbhíse in 2019 ar www.hiqa.ie.

## Aguisín 4

# Tuarascáil ar shaoráil faisnéise

Fuair HIQA 68n- iarratas ar Shaoráil Faisnéise (FOI) san iomlán sa bhliain 2019 agus tugadh naoi n-iarratas ar aghaidh ón mbliain 2018. As an líon iomlán 77 iarratas sin, ceadaíodh 20 ceann díobh, ceadaíodh 30 ceann díobh i bpáirt, diúltaíodh ocht gcinn, rinneadh naoi gcinn díobh a láimhseáil lasmuigh den phróiseas FOI nó rinneadh iad a aistarraingt, aistríodh ocht gcinn eile díobh go gníomhaireacht rialtais eile agus tugadh dhá chinn díobh ar aghaidh chuig 2020.

Ba de réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, a tugadh freagra ar gach iarratas. Chuir HIQA oiliúint athnuachana ar roinnt cinnteoirí le linn na bliana 2019, agus ceapadh roinnt cinnteoirí nua le linn na bliana agus cuireadh oiliúint ar na daoine sin freisin.

# Aguisín 5
# An comhshaol agus ídiú fuinnimh

## An Comhshaol

Le linn na 12 mhí seo a chuaigh thart, lean HIQA le hobair a dhéanamh i dtreo na spriocanna arna leagan síos ag an Rialtais, agus sháraigh sé na spriocanna sin, chun ár n-ídiú fuinnimh a laghdú faoi 33% faoi 2020. I gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), bhain HIQA coigilteas fuinnimh iomlán de 34.9% amach maidir lenár mbliain bhunlíne 2010. Leis an ngaisce sin, léirítear tiomantas HIQA dá lorg carbóin a laghdú agus cuidiú le timpeallacht oibre níos inbhuanaithe a fhorbairt do chomhghleacaithe agus don phobal i gcoitinne araon. Leanfaimid chun obair a dhéanamh leis an SEAI agus leis an OPW i dtreo na spriocanna nua atá leagtha síos ag an Rialtas de laghdú fuinnimh 50% agus de laghdú carbóin 30% faoi 2030.

### HIQA Mhargadh na Feirme

| Cur Síos | Leictreachas | Gás | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Bliain Thagarmharcála (2010) | 513,114 | 608,769 | 1,121,883 |
| 2019 | 343,937 | 370,590 | 714,527 |
| **% na Difríochta** | **-33.0%** | **-39.1%** | **-36.3%** |

### HIQA Chorcaí

| Cur Síos | Leictreachas | Gás | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Bliain Thagarmharcála (2010) | 215,128 | 0 | 215,128 |
| 2019 | 155,859 | 0 | 155,859 |
| **% na Difríochta** | **-27.6%** | **0.0%** | **-27.6%** |

### Bliain thagarmharcála iomlán Chorcaí agus Mhargadh na Feirme i gcoinne na 12 mhí dheireanacha go dtí Nollaig 19 Líon na HDDCanna arna úsáid

| Cur Síos | Leictreachas | Gás | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Bliain Thagarmharcála | 728,242 | 608,769 | 1,337,011 |
| Na 12 Mhí Roimhe Sin | 499,796 | 370,590 | 870,386 |
| **% na Difríochta** | **-31.4%** | **-39.1%** | **-34.9%** |

## Sláinte agus sábháilteacht

Aithníonn HIQA a chuid oibleagáidí chun timpeallacht oibre shábháilte a sholáthar dá chuid fostaithe uile. D'fhonn sin a bhaint amach d'fhorbraíomar córas bainistíochta sábháilteachta láidir atá á choimeád againn as a mbaintear úsáid chun rioscaí a shainaithint agus a mhaolú i leith fostaithe uile agus i leith daoine eile ar a bhfuil tionchar ag ár ngníomhaíochtaí. D'oibrigh an Fhoireann Shábháilteachta, lena gcuimsítear ár mBainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta, an coiste sábháilteachta, ionadaithe sábháilteachta, maoir dóiteáin agus garchabhróirí thar na 12 mhí seo a chuaigh thart d'fhonn a chinntiú go gcuirfear gach gníomhaíocht chun feidhme ar bhealach sábháilte. Thaifead HIQA ocht dteagmhas le linn 2019, ach ní raibh ceann ar bith acu intuairiscithe faoi na critéir atá leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tríd an gclár oiliúna sábháilteachta leanúnach dár gcuid, leanfaimid le hobair a dhéanamh i dtreo timpeallacht oibre saor ó thimpistí a bhaint amach.

## Aguisín 6

# Bainistíocht gearán

Fáiltíonn HIQA roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus faoina iompar agus é ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus na bhfreagrachtaí reachtúla atá air. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne an t-aiseolas sin a chur ar fáil. Fáiltíonn HIQA roimh gach cineál aiseolais agus measann sé go bhfuil gearáin ina ndeiseanna chun cleachtais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus réimsí feabhais a shainaithint. Tá sé mar aidhm againn gearáin a réiteach go héifeachtach agus go gasta agus úsáidimid cur chuige luathréitigh maidir le gearáin nuair is féidir.

Le linn 2019, fuair HIQA trí ghearán, agus pléadh le gach gearán ar aon dul leis an mbeartas agus leis na hamlínte comhaontaithe.

## Aguisín 7

# An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas,2014

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, Alt 42, cuirtear d'oibleagáid ar gach comhlacht poiblí dualgas na hearnála poiblí a chomhlíonadh i dtéarma chearta an duine agus comhionannais. Ciallaíonn sé sin nach mór do HIQA aird a thabhairt ar dheireadh a chur le leithcheal, ar chomhdheiseanna agus ar chaitheamh cothrom i leith na foirne dá chuid agus i leith na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus ar a gcearta daonna a chosaint.

Chun sin a dhéanamh, ní mór do HIQA na cearta daonna is ábhartha dó a shainaithint, ní mór dó a bheartais agus nósanna imeachta reatha a shainaithint agus ní mór dó plean a dhréachtú chun tabhairt faoi aon bhearnaí maidir lena chur chuige i dtaca le cearta an duine agus comhionannas. Ní mór do HIQA a ghnóthachtálacha agus a chur chun cinn maidir leis sin a thuairisciú.

Comhlíonann HIQA a dhualgas earnála poiblí faoin Acht. Is mian leis an eagraíocht, áfach, a chur chuige um chearta an duine a fhorbairt a thuilleadh. Le linn 2020, déanfaidh HIQA measúnú ar roinnt de na príomhfheidhmeanna dá chuid ar fud na heagraíochta agus déanfaidh sé moltaí. Déanfaidh sé a ghnóthachtálacha agus a chur chun cinn a thuairisciú maidir lena dhualgas earnála poiblí a chomhlíonadh sa chéad tuarascáil bhliantúil eile dá chuid.

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Arna foilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:**

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte Cúirt Sheoirse,
Lána Sheoirse,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

Teil.: +353 (0) 1 814 7400
R-phost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie

**© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2020**

*Cúram Níos Sábhailte agus Níos Fearr*